

Polasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar Chomharthaíocht Stáit

Maura Lynskey

Tráchtas Taighde á chur isteach mar chomhlíonadh ar riachtanais M.A.



Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

2013

Stiúrthóir: An Dr Peadar Ó Flatharta

Scoil: Fiontar

I hereby certify that this material, which I now submit for assessment on the programme of study leading to the award of M.A. ar Polasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar Chomharthaíocht Stáit is entirely my own work, and that I have exercised reasonable care to ensure that the work is original, and does not to the best of my knowledge breach any law of copyright, and has not been taken from the work of others save and to the extent that such work has been cited and acknowledged within the text of my work.

Dearbhaím leis seo gurb é seo mo shaothar féin go hiomlán atá san ábhar seo atáim a thíolacadh le haghaidh measúnaithe don chéim taighde M.A. ar Polasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar Chomharthaíocht Stáit agus nár tógadh aon chuid as saothar aon duine eile ach amháin sa chás agus sa mhéid atá luaite agus aitheanta i dtéacs mo shaothair.

Signed: _____ **(Candidate) ID No.:** 10121617 **Date:** _____

Buíochas

Is mian liom buíochas a ghabháil le roinnt mhaith daoine a thug cúnamh dom nuair a bhí an tráchtas seo á réiteach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo stiúrthóir an Dr Peadar Ó Flatharta.

Tá mé go mór faoi chomaoin ag foireann an Bhrainse Logainmneacha as ucht a bheith chomh flaithiúil is a bhíodar lena gcomhoibriú. Déanaim tagairt speisialta do Aindí Mac Giolla Chomhghaill, Dónall Mac Giolla Easpaig, An Dr. Pádraig Ó Cearbhaill agus An. Dr Conchubhar Ó Cruaíoch sa Bhrainse Logainmneacha. Buíochas mór le Bríd Ní Chonghóile (Gaillimh le Gaeilge) as ucht an t-eolas luachmhar a chur sí ar fáil dom agus mé i mbun scríbhinn an tráchtas seo. Gabhaim buíochas leis an Innealtóir Sinsearach agus an tOifigeach Forbartha Gaeilge i gComhairle Cathrach na Gaillimhe. Tá focal buíochais ag dul don Chomisiún Teanga, an tUasal Seán Ó Cuirreáin a d'fhreagair mo chuid ceistanna ar mhodh cuimsitheach, sothuigte i gcónaí.

Gabhaim buíochas speisialta le Joe Gallagher (iarfhostaí Bord Fáilte), leis An Dr Seán Ó Riain (an Coimisiún Eorpach), An Dr Pádraig Ó Laighin (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath), An Dr Ciarán Mac Murchaidh (Coláiste Phádraig, Droim Conrach), le Michael Gorman (iarfhostaí Bord Fáilte), An Dr Peter Harbison (Acadamh Ríoga na hÉireann), Ray O'Leary (An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt). Chomh maith leis sin gabhaim buíochas leis na daoine agus na heagraíochtaí seo a leanas; Nessa Skehan agus Eoin McDonnell (Fáilte Ireland), Joe Langan (AA), An Dr Neil Buttimer (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh), Leabharlann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Leabharlann Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta, Leabharlann Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, An tOllamh Rob Dunbar (Sabhal Mòr Ostaig), Pat Sweeney (An Post), Tom Kenny (Kenny's Bookshop).

Tiomnaím an tráchtas seo do mo thuismitheoirí - Martin agus Eileen Lynskey.

CLÁR

Lch.

Achoimre	ix
Caibidil 1: CÚLRA	10
1.1: Réamhrá	10
1.2: Aidhmeanna an Taighde	10
1.3: Cúlra an Taighdeora	10
1.4: Leagan Amach	11
1.5: Conclúid	13
 CAIBIDIL 2: LÉIRMHEAS LITRÍOCHTA	 14
2.1: Réamhrá	14
2.1.1: Feiceálacht Teanga	14
2.1.2: Feiceálacht Teanga in Éirinn	15
2.2: An Ghaeilge agus an Saorstát	16
2.3: Institiúidí a raibh Cúram Chomharthaíocht an Stáit orthu	17
2.3.1: Cumann na nGluaisteán	18
2.3.2: Bord Fáilte	18
2.4: Institiúidí a bhfuil Cúram Chomharthaíocht an Stáit orthu	19
2.4.1: Na hÚdaráis Áitiúla	19
2.4.2: Ranna Rialtais	21
2.4.3: An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta	23
2.5: An chaoi a gcuirtear i bhfeidhm na Polasaithe maidir le Comharthaíocht Dhátheangach	 24
2.5.1: Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchtá	24
2.6: Institiúidí le Cúram Taighde orthu maidir le Comharthaí	24
2.6.1: An Coimisiún Logainmneacha	25

2.6.2: An Brainse Logainmneacha	27
2.7: Saincheisteanna aitheanta a thagann chun cinn maidir le Gaeilge ar	
Chomharthaíocht Stáit	29
2.7.1: Mílitriú Gaeilge	29
2.7.2: Míthuiscint ar an bhfoirm Ghaeilge	30
2.7.3: Neamhaird ar an bhfoirm Ghaeilge	33
2.7.4: Giorrúcháin	33
2.7.5: Caighdeán na gComharthaí Turasóireachta	34
2.7.6: Caighdeán Comharthaí na n-Eastát Tithíochta	37
2.8: Conclúid	39
 Caibidil 3: AN CUR CHUIGE TAIGHDE	 42
3.1: Réamhrá	42
3.2: An Sprioc Taighde	42
3.3: Dearadh Taighde	43
3.3.1: Dearadh Triantánachta	43
3.3.2: Dearadh Mínitheach	44
3.3.3: Dearadh Leabaithe	45
3.3.4: Dearadh Taiscéalaíoch	46
3.4: An Cur Chuige Taighde	47
3.5: Bailiú Sonraí	49
3.5.1: Achtanna agus Ionstraimí Reachtúla	50
3.5.2: Grianghraif	51
3.5.3: An Cás-Staidéar	51
3.5.4: Comhairle Cathrach na Gaillimhe	52
3.5.5: Gaillimh le Gaeilge	52
3.5.6: An tAgallamh	55
3.5.7: An Ceistneoir	56

3.6: Sampla Taighde	57
3.7: Eiticí Taighde	57
3.8: Prionsabail Eiticiúla	57
3.8.1: Díobháil do na rannpháirtithe	58
3.8.2: Eolas ábhartha ag na rannpháirtithe roimh ré	58
3.8.3: Sárú Príobháideachta	58
3.8.4: Dallamullóg	58
3.9: Anailís ar na Sonraí	59
3.9.1: Códú Tréithe	61
3.9.2: Códú Tuairisciúil	61
3.9.3: Códú In Vivo	61
3.9.4: Códú Comhuaineach	62
3.9.5: Códú Patrún	62
3.10: Conclúid	62
 Caibidil 4: TORTHAÍ	 65
4.1: Réamhrá	
4.2: An Reachtaíocht: Polasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar Chomharthaíocht	
ó bhunú an Stáit	65
4.2.1: Éiginnteacht maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus	
an Ghaeilge ar Chomharthaíocht	74
4.3: Na Grianghraif	76
4.3.1: Easpa aontais maidir le Sráidainmneacha Dátheangacha	76
4.3.2: Ganntanas eolais maidir le Comharthaí Turasóireachta Dátheangacha	77
4.4: Ganntanas eolais maidir le Stair na Comharthaíochta Dátheangaí	80
4.5: Idirdhealú idir na hInstitiúidí éagsúla atá bainteach le Comharthaíocht	84
4.5.1: An Próiseas Tairisceana	85
4.5.2: Crochadh na gComharthaí	85

4.5.3. An Córas Seiceála maidir leis an leagan Gaeilge	86
4.6: Conclúid	87
 Caibidil 5: ANAILÍS	90
5.1: Réamhrá	90
5.2: An Reachtaíocht: Polasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar Chomharthaíocht ó bhunú an Stáit	90
5.2.1: Éiginnteacht maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus an Ghaeilge ar Chomharthaíocht	91
5.3: Easpa aontais maidir le Sráidainmneacha Dáttheangacha	91
5.4: Ganntanas eolais maidir le Comharthaí Turasóireachta Dáttheangacha	92
5.5: Ganntanas eolais maidir le Stair na Comharthaíochta Dáttheangai	93
5.6: Idirdhealú idir na hInstitiúidí éagsúla atá bainteach le Comharthaíocht	94
5.7: Conclúid	95
 Caibidil 6: Tátail agus Moltaí	98
6.1: Léargas ar an Taighde	98
6.2: Moltaí	101
6.3: Impleachtaí na Moltaí	104
6.4: Conclúid	107
 LEABHARLIOSTA	

AGUISÍNÍ

AGUISÍN A: Achtanna Ábhartha ó 1925 i leith a ceadáíodh

AGUISÍN B: Ionstraimí Reachtúla Ábhartha ó 1925 i leith a ceadáíodh

AGUISÍN C: Na hOrduithe Logainmneacha déanta faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

AGUISÍN D: An Ceistneoir (leagan Gaeilge)

AGUISÍN E: An Ceistneoir (leagan Béarla)

AGUISÍN F: Agallamh Athscríofa

AGUISÍN G: Liosta Sráidainmneacha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe faofa ag an mBrainse
Logainmneacha

FIGIÚIRÍ

FIGIÚIR 2.1: Lochan an Bhealaigh, Contae na hIarmhí

FIGIÚIR 2.2: Maigh Chromtha, Contae Chorcaigh (*Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht*a)

FIGIÚIR 2.3: Jamestown, Contae Loch Garman

FIGIÚIR 2.4: Rathangan, Co. Loch Garman

FIGIÚIR 2.5: Farm, Contae na Gaillimhe

FIGIÚIR 2.6: B. Átha hAmhnais, Contae Mhaigh Eo

FIGIÚIR 2.7: Suck Valley Way, Contae Ros Comáin

FIGIÚIR 2.8: Garraithe Náisiúnta na Lus, Baile Átha Cliath

FIGIÚIR 2.9: Ballybunion – *Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht*a

FIGIÚIR 2.10: Dalcassian Downs, Baile Átha Cliath

FIGIÚIR 2.11: Whiterock Heights, Co. Loch Garman

FIGIÚIR 3.1: Dearadh Triantánachta bunaithe ar Creswell agus Clark (2007)

FIGIÚIR 3.2: Dearadh Mínitheach bunaithe ar Creswell agus Clark (2007)

FIGIÚIR 3.3: Dearadh Leabaithe bunaithe ar Creswell agus Clark (2007)

FIGIÚIR 3.4: Dearadh Taiscéalaíoch bunaithe ar Creswell agus Clark (2007)

FIGIÚIR 4.1: Léaráid ó *Ionstraim Reachtúil Uimhir 55 de 1926 Na Rialacháin um Chomharthaí Bóthair agus Soilse Trácht*a

FIGIÚIR 4.2: Páirc ‘Lurgann’, cathair na Gaillimhe

FIGIÚIR 4.3: Mala ón *Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht*a

FIGIÚIR 4.4: Comhartha Turasóireachta le Béarla amháin

FIGIÚIR 4.5: Grianghraf den chomhartha don uiscedán i gcathair na Gaillimhe

FIGIÚIR 4.6: Galway Lawn Tennis Club i gcathair na Gaillimhe

FIGIÚIR 4.7: Ocean Fitness i gcathair na Gaillimhe

FIGIÚIR 4.8: Comhartha Chumann na nGluaisteán – Duncormick

FIGIÚIR 4.9: Comhartha ó na 1940idí (faighte ó Joe Gallagher)

FIGIÚIR 4.10: Comhartha ó na 1970idí (faighte ó Joe Gallagher)

FIGIÚIR 4.11: Comhartha ó Inis Eoghain 20 Márta 1980 (faighte ó Joe Gallagher)

FIGIÚIR 5.1: Comhartha turasóireachta - Mainistir na Búille (faighte ó Joe Gallagher)

TÁBLAÍ

TÁBLA 2.3.3: Tábla ón *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta*

TÁBLA 3.1: Buntáistí agus Míbhuntáistí an Dearaidh Triantánachta bunaithe ar Creswell agus Clark (2007)

TÁBLA 3.2: Buntáistí agus Míbhuntáistí an Dearaidh Mhínithigh bunaithe ar Creswell agus Clark (2007)

TÁBLA 3.3: Buntáistí agus Míbhuntáistí an Dearaidh Leabaithe bunaithe ar Creswell agus Clark (2007)

TÁBLA 3.4: Buntáistí agus Míbhuntáistí an Dearaidh Taiscéalaíoch bunaithe ar Creswell agus Clark (2007)

TÁBLA 3.5: Na Difríochtaí idir Taighde Cáilíochtúil agus Taighde Cainníochtúil bunaithe ar Experiment-Resources

Achoimre

Is í comharthaíocht na hÉireann an léiriú is feiceálaí dá bhfuil againn dár dteanga dhúchais ó bhunú Saorstát Éireann sa bhliain 1922. Is iomaí foilseachán atá againn maidir leis an gcomharthaíocht agus is iondúil go mbíonn aird á dhíriú iontu ar leaganacha éagsúla de logainm na háite nó ar an modh a dtángthas ar an leagan sin. Is beag mionscrúdú atá déanta ar pholasaí an Stáit maidir leis an gcomharthaíocht, áfach, agus is é sin a spreag an taighdeoir chun tabhairt faoin mbeartas taighde seo.

Roghnaíodh modhanna cáilíochtúla go príomha chun sonraí a bhailiú a chuir ar chumas an taighdeora beachtú a dhéanamh ar pholasaí an Stáit, go háirithe mar atá sin léirithe sna hAchtanna cuí, sna hIonstraimí Reachtúla agus sa *Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht*a sa Léirmheas Litríochta. Aimsíodh fianaise ar fheidhmiú (nó easpa feidhmithe) an pholasaí i ngrianghraif, trí agallaimh leathstruchtúrtha le daoine atá lárnach den chúram agus trí chás-staidéar ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le feidhmiú na reachtaíochta ó 2006 go dtí 2011. Rinneadh na hagallaimh a thras-scríobh agus tarraingíodh torthaí agus tátail as na hagallaimh agus as na foinsí thuasluaite. Cuirtear in iúl nach gcloítear leis na feidhmeanna dlíthiúla i gcónaí, agus meastar gur laige sa chur chuige é toisc nach dtiteann cúram na comharthaíochta ar aon institiúid Stáit ar leith.

Caibidil 1: CÚLRA

1.1: Réamhrá

Is gné ghinearálta d'fhearas an Stáit í an chomharthaíocht dhátheangach (Murphy, 2008). Is comharthaí faisnéiseacha, suntasacha iad go príomha atá ina n-áiseanna úsáideacha don phobal i gcoitinne (Ó Maolfabhail, 1992). Ina theannta sin is samplaí físeacha iad de logainmneacha sa timpeallacht (Puzey, 2007). Deir Mac Mathúna (1990) nach féidir an ceangal idir an timpeallacht agus logainmneacha a thuiscint go dtí go mbíonn an leagan Gaeilge dúchasach den logainm le feiceáil ar chomhartha. Dar le Landry agus Bourhis (1997) tugtar 'feiceálacht teanga' ar infheictheacht teangacha ar chomharthaí poiblí i gceantar nó réigiún áirithe - feiniméan ar cuid í den tsocheolaíocht atá tagtha chun solais go mór ar bhonn idirnáisiúnta le blianta beaga anuas. I gcás na hÉireann tá an Ghaeilge ina gné lárnach de chomharthaíocht Stáit. Dar leis an gCoimisinéir Teanga (2010), tá úsáid na Gaeilge ar chomharthaí tráchtacha na tíre ar an léiriú is feiceálaí de pholasaí an Stáit i leith ár dteangacha oifigiúla, Gaeilge agus Béarla. Sa tráchtas taighde seo déanfar plé ar pholasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit, léireofar cúlra an pholasaí sin, agus léireofar conas mar a éiríonn leis an Stát an polasaí sin a chur i bhfeidhm.

1.2: Aidhmeanna an Taighde

'Is lárnach an ról a bhíonn ag Stát an lae inniu i saol an tsaoir, bíodh sin ag leibhéal náisiúnta nó áitiúil nó tríd na gníomhaireachtaí éagsúla a chuirtear ar bun. Tá dualgas ar an Stát dá réir i dtaca leis na teangacha a ndéantar cumarsáid leis an saoránach iontu.'

(Ó Murchú, 2008, 371)

Is léir mar sin go bhfeidhmíonn an comhartha Stáit mar mhodh cumarsáide ag an Stát lena chuid saoránach. Sa tráchtas seo pléitear go coincheapúil an caidreamh seo idir an Stát agus an saoránach mar úsáideoir ar sheirbhís atá á sholáthar ag an Stát. Is é cuspóir an taighde seo scrúdú a dhéanamh ar pholasaí an Stáit maidir le comharthaíocht Ghaeilge ó bhunú Saorstát Éireann i leith; ar chur i bhfeidhm an pholasaí sin; agus ar an gcomhthéacs institiúideach Stáit a raibh an fhreagracht air comharthaíocht Ghaeilge a chur ar fáil don úsáideoir, i.e., an saoránach.

1.3: Cúlra an Taighdeora

Is de bhunadh oirthear Chontae Mhaigh Eo an t-údar. Is as an mbaile fearainn Ceapach i bparóiste Achadh Mór í. Tá bunchéim onóracha sa Léann Teanga agus Cultúir ó Ollscoil Luimnigh aici mar aon le Dioplóma sna Dána i Scileanna Aistriúcháin ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Chaith sí tréimhse in Ollscoil Strathclyde, Glaschú, ag déanamh staidéir ar Ghaeilge na hAlban. Bhí post mar Oifigeach Gaeilge aici in Áras an Uachtaráin. Ba Oifigeach Acmhainní Daonna í le PeoplePoint - Seirbhísí

Comhroinnte Acmhainní Daonna agus Pinsean do státseirbhísigh in Éirinn; tagann an eagraíocht seo faoi chúram na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Oibríonn sí i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann i láthair na huaire. Chomh maith leis sin tá blianta oibre caite aici in earnálacha oibre éagsúla in Éirinn agus thar lear, lena n-áirítear An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, agus comhlacht aistriúcháin agus ateangaireachta. Ba bhall í den Chomhaltacht Aimhírgín in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, áit ar chuir sí tús leis an tráchtas taighde seo. Le linn na Comhaltachta chaith an t-údar tréimhsí oibre sna hionaid oibre seo a leanas:

- Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- An Coiste Téarmaíochta, Foras na Gaeilge
- An Brainse Logainmneacha, An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta

Chuir an taithí oibre sna hionaid oibre seo, mar aon leis na deiseanna foghlama in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, go mór le cumas agus le heolas an taighdeora agus í i mbun taighde ar ábhar an tráchtas seo.

1.4: Leagan Amach

Sa tráchtas seo caitear súil ghéar ar an easpa comhsheasmhachta agus comhionannais sna polasaithe i dtaca le comharthaíocht dhátheangach an Stáit i láthair na huaire. Ba í an cheist a tháinig chun solais arís agus arís eile le linn an taighde seo ná nach raibh agus nach bhfuil dualgas speisialta leagtha ar aon dream amháin i leith comharthaíocht dhátheangach an Stáit. Is ar na húdaráis áitiúla, ar an Roinn Iompair agus ar an Údarás um Bóithre Náisiúnta a thiteann dualgas seo na Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit. Baineann suntas faoi leith le rannpháirtíocht gach eagraíocht sa phróiseas chun soláthar Gaeilge a chinntiú ar chomharthaíocht Stáit.

Feidhmíonn an Léirmheas Litríochta mar chúlra stairiúil don taighde seo go háirithe ó bhunú Saorstát Éireann sa bhliain 1922. Léiríonn an taighdeoir gur tugadh stádas oifigiúil náisiúnta don Ghaeilge, mar chuid den bheartas athbheochana, sa bhliain 1922 (Ó hIfearnáin, 2006). Mar sin thug muintir na hÉireann aghaidh ar sheasamh na Gaeilge a láidriú i réimsí éagsúla de shochaí na tíre, an chomharthaíocht phoiblí ina measc. Léirítear go dtagann cúram comharthaíochta an Stáit faoi na húdaráis áitiúla, na ranna rialtais agus an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta sa lá atá inniu ann. Ní foláir do na hinstiúidí uile seo tagairt a dhéanamh don *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchtas* agus iad i mbun a gcúraimí éagsúla chun na polasaithe maidir le cur i bhfeidhm na Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit a chomhlíonadh. Ina ainneoin seo, áfach, tagann saincheisteanna aitheanta chun cinn maidir le soláthar Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit agus déantar plé cuimsitheach ar na saincheisteanna sin sa léirmheas litríochta.

Déantar plé ar an gcur chuige taighde i gCaibidil 3. Chuige seo déantar cur síos ar dhearaí taighde éagsúla chun na saincheistanna i dtaobh pholasaí an stáit maidir le comharthaíocht a bheachtú. Déantar plé cuimsitheach ar an dearadh triantánachta, an dearadh mínitheach, an dearadh leabaithe agus an dearadh taiscéalaíoch. Cinntíodh gurb é taighde taiscéalaíoch an dearadh taighde is feiliúnaí d'ábhar an tráchtais seo. Mar is léir ó na foinsí litríochta éagsúla sa Léirmheas Litríochta tá go leor taighde déanta cheana féin ar réimsí éagsúla den mhórreimse seo ach níl mórán den taighde sin dírithe ar iniúchadh an réimse polasaí. Mar sin measadh go raibh deis ann chun tuilleadh taighde fiúntach a dhéanamh ar an ábhar. Gné shuntasach eile den chur chuige taiscéalaíoch seo is ea gur thug sé seans don taighdeoir scrúdú a dhéanamh ar an ábhar le linn na heagarthóireachta di. Roghnaíodh modhanna cáilíochtúla go príomha chun na sonraí don taighde a bhailiú. Chuige seo rinne an taighdeoir scrúdú nach beag i dtús báire ar chúla na reachtaíochta maidir le polasaí Stáit i leith na Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit. Baineadh úsáid as ghrianghraif chun samplaí de pholasaí Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht ar fud na tíre a chur in iúl. Rinne an taighdeoir cás-staidéar ar fheidhmiú na reachtaíochta a chinntíonn soláthar Gaeilge ar chomharthaíocht i gCathair na Gaillimhe ó 2006 go dtí 2011. Cuireadh ceistneoir i dtoll a chéile agus tionóladh agallamh leathstruchtúrtha leis an Innealtóir Sinsearach sa Rannóg Iompair, Bonneagair, Áineasa agus Conláistí i gComhairle Cathrach na Gaillimhe. Díríodh isteach ar ghnéithe tábhachtacha eile den chur chuige taighde sa chaibidil seo freisin lena n-áirítear an sampla taighde agus eiticí taighde.

Déantar cur síos ar thorthaí an phróisis taighde i gCaibidil 4. Léirítear an tábhacht a bhaineann leis an reachtaíocht chun stádas na Gaeilge sa tír a láidriú agus an tábhacht a bhaineann leis an reachtaíocht maidir leis an gcomharthaíocht Stáit. Aithnítear achtanna agus reachtaíocht áirithe eile a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo. Léirítear go bhfuil éiginnteacht ann maidir le *hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003* i dtaca leis an gcleachtas ar an talamh, mar atá léirithe i stair na comharthaíochta dátheangaí i gComhairle Cathrach na Gaillimhe. Dá bharr sin tá easpa aontais idir Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Ard-Oifig an Phoist, Cathair na Gaillimhe agus Gaillimh le Gaeilge maidir leis an gcur chuige chun sráidainmneacha dátheangacha agus comharthaí turasóireachta dátheangacha a sholáthar sa chathair. Déantar idirdhealú idir na hInstitiúidí atá bainteach le Gaeilge ar chomharthaíocht sa lá atá inniu ann agus an ról atá ag na hInstitiúidí céanna sa phróiseas tairisceana, i gcrochadh na gcomharthaí agus sa chóras seiceála atá ann chun an leagan Gaeilge ar chomharthaí a chinntiú.

Dírítear isteach ar an bpróiseas anailíse i gCaibidil 5. Déantar anailís, trí phróiseas ar a dtugtar códú, ar na torthaí a tháinig chun solais le linn an agallaimh leathstruchtúrtha le hInnealtóir Sinsearach sa

Rannóg Iompair, Bonneagair, Áineasa agus Conláistí i gComhairle Cathrach na Gaillimhe. Déantar anailís chuimsitheach ar na téamaí is coitianta a tháinig chun solais de bharr an chódaithe, lena n-áirítear an tionchar atá ag an reachtaíocht agus polasaí Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit ó bhunú an Stáit; an éiginnteacht atá ann maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus an Ghaeilge ar chomharthaíocht; an éiginnteacht atá ann maidir leis an leagan Gaeilge ar chomharthaíocht lena n-áirítear comharthaí sráidainmneacha agus turasóireachta dátheangacha; an ganntanas eolais atá ann maidir le stair na comharthaíochta dátheangaí agus an bhéim láidir ar an idirdhealú idir na hinstitiúidí atá bainteach le comharthaíocht.

1.5: Conclúid

Is faoi chúram na Roinne Iompair, an Údaráis um Bóithre Náisiúnta agus na n-údarás áitiúil a thagann cinniúint na Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit sa lá atá inniu ann ach níl aon dream acu seo sásta freagracht iomlán a ghlacadh as an neamhréireacht Ghaeilge atá le feiceáil ar chomharthaíocht Stáit. Cé go bhfuil traidisiún maith sa tír seo maidir le comharthaíocht bóthair dátheangach, tá easpa cumarsáide idir na hinstitiúidí seo agus ní ann d'aon struchtúr comhordaithe uileghabhálach chun na neamhréireachtaí atá tagtha chun cinn le himeacht ama a réiteach i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara. Dá gcuirfí a leithéid de struchtúr ar bun bheifí ábalta na dúshlán atá romhainn a shárú agus thiofadh feabhas ar chaighdeán na seirbhíse. Táthar ag súil go spreagfaidh ábhar an tráchtais seo tuilleadh beochta sa diospóireacht agus tuilleadh taighde sa réimse seo agus, ag eascairt as sin, go gcruthófar tuiscint níos fearr idir an saoránach agus an Stát maidir leis an nGaeilge ar chomharthaíocht Stáit.

CAIBIDIL 2: LÉIRMHEAS LITRÍOCHTA

2.1: Réamhrá

Is é ábhar an tráchtais seo ná polasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit. Dar le Bourhis agus Landry (1997) tá baint nach beag ag an bhfeiceálacht teanga le polasaí teanga. Is mar seo a leanas a mhíníonn Puzey ‘feiceálacht teanga’:

Most of the linguistic landscape is [after all] concerned with features that are physically present in the here and now: signs and other texts

(Puzey, 2007, 15)

Is mór an tionchar atá ag an aitheantas infheicthe ar chomharthaíocht phoiblí (Ó Maolfabhail, 2012) agus is mór an tábhacht atá ag baint le gníomhaíochtaí pleanála teanga chun aitheantas a thabhairt do theanga faoi leith sa réimse poiblí (Backhaus, 2009). Déanann an chaibidil seo plé ar an bhfeiceálacht teanga agus ar pholasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht in Éirinn.

2.1.1: Feiceálacht Teanga

Bíonn teangacha le feiceáil thart orainn uilig i bhfoirm téacsúil. Feictear iad i bhfuinneoga siopaí, ar fhógraí tráchtála, ar phóstaeir, ar fhógraí oifigiúla agus ar chomharthaí tráchta idirnáisiúnta (Gorter, 2006). Sa bhliain 1997 thug Landry agus Bourhis ‘feiceálacht teanga’ ar an léiriú poiblí teanga seo. Dar leo:

‘The language of public road signs, advertising billboards, street names, commercial shop signs, and public signs on government buildings combines to form the linguistic landscape of a given territory, region or urban agglomeration.’

(Landry and Bourhis, 1997, 25)

Tá fás as cuimse tagtha idir an dá linn ar an staidéar atá á dhéanamh ar an bhfeiniméan seo ‘feiceálacht teanga’, go háirithe i suíomhanna dátheangachais ar fud na cruinne (Cenoz agus Gorter, 2006). Cuireann infheictheacht teanga go mór le tuairimí phobal na teanga sin agus tá tionchar aici ar na beartais Stáit a dhéantar i leith na teanga sin (Gorter, Marten agus Van Mensel, 2012). Thairis sin tá tionchar nach beag ag an bhfeiceálacht teanga ar an mbaint idir polasaí teanga agus an pobal, agus ar an gcaoi a gcuirtear an polasaí sin in iúl i measc daonra faoi leith taobh istigh de cheantar geografach faoi leith (Comajoan agus Long, 2012). Tá Gorter, Aiestaran agus Cenoz (2012) den tuairim gur cuid an-tábhachtach den pholasaí teanga í úsáid teanga ar chomharthaí poiblí. Cé go bhfuil an lucht déanta beartas ag leagadh béim níos láidre na laethanta seo ar pholasaí teanga agus ar an

bhfeiceálacht teanga ar fud na cruinne (Gorter, Aiestaran agus Cenoz, 2012), athraíonn an polasaí maidir le teangacha éagsúla ar chomharthaí ó thír go tír (Backhaus, 2009). Dar le Kerfoot (2012) tá sé fíor-riachtanach córas ainmniúcháin geografach a thagann faoi chúram údarás amháin a chur i bhfeidhm chun gnéithe fisiceacha agus áiteanna pobail a ainmniú.

Is díol spéise ar leith í an fheiceálacht teanga in Éirinn toisc go bhfuil na comharthaí dátheangacha ar an léiriú is feiceálaí de pholasaí an Stáit maidir leis an nGaeilge sa tír seo (An Coimisinéir Teanga, 2010). Is é is *logainm* ann ná “ainm áite” (Ó Coigligh, 1992) agus tá ról láidir ag an nGaeilge san fheiceálacht teanga toisc gurb é polasaí an Stáit go mbeadh an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla den logainm le feiceáil ar gach comhartha tráchtta oifigiúil in Éirinn (Moriarty, 2012). Chuige seo tá fás tagtha ar chinntí na n-údarás áitiúla úsáid a bhaint as an nGaeilge sa réimse poiblí le blianta beaga anuas (Kallen, 2012). Tá roinnt taighde déanta ar fheiniméan na hainmneolaíochta in Éirinn cheana féin (Jones, 2012) ach is í aidhm an tráchttais seo ná mionscrúdú a dhéanamh ar pholasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit sa tír seo sa lá atá inniu ann.

2.1.2: Feiceálacht Teanga in Éirinn

Titeann cúram na bpolasaithe maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit ar níos mó ná aon institiúid amháin. Is é an tAire Iompair a leagann síos na rialacháin faoi chomharthaíocht de réir na gcumhachtaí atá aige faoi na *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre*. Tagann sé faoi chúram an Údaráis um Bóithre Náisiúnta agus na n-údarás áitiúla na rialacháin sin a chur i bhfeidhm. Tá an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta freagrach as tógáil agus cothabháil na gcomharthaí ar bhóithre náisiúnta an Stáit agus tá na húdarás áitiúla freagrach as tógáil agus cothabháil na gcomharthaí ar bhóithre áitiúla mar aon le bóithre réigiúnacha an Stáit. Chun polasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit a léiriú sa tráchtas taighde seo, díritear isteach ar na hinstitiúidí seo agus ar na hábhair shonracha seo a leanas:

- An Ghaeilge agus an Saorstát
- Institiúidí Stáit a raibh cúram na comharthaíochta orthu
- Institiúidí a bhfuil cúram chomharthaíocht an Stáit orthu
- An chaoi a gcuirtear i bhfeidhm na polasaithe maidir le comharthaíocht dhátheangach
- Institiúidí le cúram taighde orthu maidir le comharthaí
- Samplaí de na saincheisteanna a thagann chun cinn maidir le Gaeilge ar Chomharthaíocht Stáit
- Caighdeán comharthaí na n-Eastát Tithíochta

Mar sin tugtar cur síos sonrach ar ról na n-institiúidí éagsúla agus cuirtear grianghraif shamplacha ar fáil chun na saincheistanna thuasluaite maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit a léiriú. Déantar idirdhealú idir na comharthaí a chuirtear in airde de réir na hordúcháin atá déanta faoi Alt 95(16) den *Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961* agus caighdeán comharthaí na n-eastát tithíochta atá clúdaithe faoi *Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003*. Féachfar ar an seasamh a tugadh don Ghaeilge sa Saorstát ar an gcéad dul síos.

2.2: An Ghaeilge agus an Saorstát

Is sa bhliain 1892 a thug Dubhghlas de hÍde a óráid cháiliúil maidir le díghalldú na hÉireann (Mac Mathúna, 1992). Dar le de hÍde bhí géarghá le córas caighdeánaithe ainmniúcháin i dtaobh logainmneacha na tíre agus ba mhian leis go dtiocfadh rialtas dúchasach i gcumhacht go luath a thabharfadh aird ar athbhunú logainmneacha na tíre. Ba mhian leis go n-athbhunófaí na leaganacha dúchasacha Gaeilge de logainmneacha na hÉireann (Mac Giolla Easpaig, 2008) agus go mbeadh an fhoirm Ghaeilge le feiceáil ar chomharthaíocht na tíre. Ar bhunú Saorstát Éireann ar 6 Nollaig 1922 bhí sé mar pholasáí ag an rialtas dúchasach nua úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i réimse leathan den saol poiblí. Ceann de phríomhchuspóirí an Stáit nua ná teanga mhuintir na hÉireann a chothabháil. Léirítear an méid sin leis an seasamh a tugadh don Ghaeilge i mBunreacht Shaorstáit Éireann 1922, nuair a dearbhaítear in Airteagal 4 gurb í: ‘an Ghaedhlig teanga náisiúnta ShaorStát Éireann.’ Mar sin féin tugadh an t-aitheantas céanna don Bhéarla mar theanga oifigiúil san alt céanna; ‘có-aithneofar an Béarla mar theanga oifigiúil.’ Dá réir sin bunaíodh nós go mbeadh an leagan dátheangach le feiceáil ar chomharthaí agus ar fhógraí. Mar gheall ar sheasamh na teanga sa Bhunreacht bhí géarghá le hobair údarásach a chur i gcrích ar logainmneacha na hÉireann agus leaganacha oifigiúla ar na logainmeacha a chur ar fáil i nGaeilge d’obair an rialtais agus don phobal i gcoitinne. Ba í seo an chéad uair a mbeadh an Ghaeilge le feiceáil go poiblí ar chomharthaíocht ar fud an Stáit.

Bhí méid teoranta athainmnithe déanta ar shráidainmneacha i gcathair Bhaile Átha Cliath tar éis bhunú an tSaorstáit. Sampla den athainmniúchán seo ná ‘Pearse Street’ in ionad ‘Great Brunswick Street’ sa bhliain 1923 (Mac Mathúna, 1998). Déantar tagairt speisialta do ‘Ó Neachtain Road’ (Mac Mathúna, 1992) mar aon le ‘...Seán Mac Dermott Street in ionad Gloucester Street agus Cathal Brugha Street in ionad Findlater’s Place timpeall na bliana 1933 i gcathair Bhaile Átha Cliath’ (Mac Mathúna, 1998, 231). Mhúscaíl na comharthaí nua seo spéis an fhealsaimh Ostaraigh Ludwig Wittgenstein a thug cuairt ar Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1936 (Mac Mathúna, 1992): ar fhéachaint ar na comharthaí dátheangacha dó, a dúirt sé, bhí a fhios aige go raibh sé i dtír eile agus nár príomhbhaile cúige eile faoi réimis Shasana é Baile Átha Cliath.

Treisíodh stádas na Gaeilge le teacht i bhfeidhm Bhunreacht na hÉireann sa bhliain 1937 agus tháinig méadú ar an éileamh ar leaganacha Gaeilge ar chomharthaí Stáit. Tugadh tús áite don Ghaeilge mar theanga oifigiúil an Stáit in Alt 8.1 den Bhunreacht: ‘Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í.’ Chomh maith leis sin cuireadh leagan dátheangach de *Eolaí an Phoist* ar fáil sa bhliain chéanna (Ó Murchú, 2008).

Le himeacht ama tháinig fonn ar an meánaicme idirdhealú a dhéanamh idir na hainmneacha ar cheantair phríobháideacha agus na hainmneacha ar cheantair tithíochta de chuid na n-údarás áitiúil (Mac Mathúna, 1998). Tháinig an feiniméan seo chun cinn sna caogaidí. Samplaí de na hathruithe a bhí le feiceáil sna caogaidí is ea Kimmage Road East in ionad Terenure Road West, Captain’s Road (cuid de) in ionad Armagh Road (Mac Mathúna, 1998). Leanadh ar aghaidh leis an nós athainmniúcháin seo sna ceantair phríobháideacha go dtí na seascaidí, nuair a athainmníodh Harmonstown go Brookwood agus athainmníodh Tonleegy go Glen. Athainmníodh Ballymun Avenue go Glasnevin Avenue i gcathair Bhaile Átha Cliath sna seascaidí freisin (Mac Mathúna, 1998). D’ainneoin an t-athainmniúcháin seo níor géilleadh don bhrú sóisialta i gcónaí, mar shampla, níor tugadh cead John F Kennedy Street a chur ar Westmoreland Street nó Ballymun Avenue ar Casement Avenue (Mac Mathúna, 1998).

Tháinig méadú as cuimse ar líon na gcomharthaí bóthair sa Stát le linn na 1950idí agus 1960idí agus tháinig méadú ar an éileamh ar na leaganacha Gaeilge dá réir. Taispeánann na hathruithe seo an spéis láidir a chuir rialtas nua Shaorstát Éireann agus mhuintir na tíre i léiriú na Gaeilge ar chomharthaí poiblí. Le himeacht ama tháinig cúram praiticiúil na Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit faoi bhráid institiúidí éagsúla. Déanfar trácht ar na h-institiúidí sin anois.

2.3: Institiúidí a raibh Cúram Comharthaíocht an Stáit orthu

Mar a dúradh thuas (2.2.) tháinig méadú as cuimse ar an éileamh ar leaganacha Gaeilge de logainmneacha na tíre nuair a bunaíodh an Saorstát sa bhliain 1922, agus arís eile nuair a tugadh tús áite don Ghaeilge mar theanga náisiúnta agus mar phríomhtheanga oifigiúil na tíre in Alt 8.1 de Bhunreacht na hÉireann 1937. Ba é Cumann na nGluaisteán a cheádghlac an fhreagracht i leith comharthaíocht ar bhunú an Stáit, ach chun freastal ar na riachtanais a d’eascair as stádas na Gaeilge i mBunreacht 1937 aistríodh cúram na comharthaíochta i gcoitinne go dtí an institiúid turasóireachta Bord Fáilte (an teideal is mó a bhfuil aithne uirthi) sna 1950idí. Féachfar ar ról na n-institiúidí sin anois.

2.3.1: Cumann na nGluaisteán

Is deacair do mhuintir an lae inniu tír gan comharthaí bóthair a shamhlú ach sin mar a bhí cúrsaí ag tús an fhichiú haois go dtí gur tháinig Cumann na nGluaisteán ar an bhfód. Dream tiománaithe a bhunaigh Cumann na nGluaisteán sa bhialann Trocadero i Londain ar an 29 Meitheamh 1905 (AA, 2012). Ba é príomhaidhm an Chumainn ná cabhair a thabhairt do thiománaithe gaiste luais a sheachaint. Faoi mbliain 1910 bhí craobh de Chumann na nGluaisteán bunaithe in Éirinn agus faoi dheireadh na mbliana 1911 bhí 4,000 comharthaí in airde (Ó Maolfabhail, 1992). Ní amháin gur chuir na comharthaí bóthair seo ainm áite in iúl don té a bhí á lorg ach chuir siad go mór le haitheantas na háite céanna. Má tá comhartha bóthair ann is féidir an áit áirithe seo a fheiceáil go soiléir ar léarscáil. Thosaigh Cumann na nGluaisteán ag crochadh comharthaí bóthair dátheangacha sa bhliain 1937 agus ón am sin i leith tá an leagan Gaeilge mar aon leis an leagan Béarla d’ainm áite le feiceáil ar chomharthaíocht an Stáit. Is fiú ról an Chumainn a lua mar ba é an Cumann a chuir comharthaí bóthair agus comharthaí bóthair dátheangacha ar fáil sa tír den chéadair. Cé go raibh Cumann na nGluaisteán freagrach as crochadh na comharthaíochta dátheangaí sa Stát sa bhliain 1937, ghlac institiúidí éagsúla Stáit an cúram go luath ina dhiaidh sin (Nash, 1999). Leagadh an cúram sin ar institiúid eile darbh ainm Bord Fáilte sna 1950idí. Pléifear cúlra agus ról na hinstitiúide sin anois.

2.3.2: Bord Fáilte

Chomh maith le Cumann na nGluaisteán bhí Bord Cuartaíochta na hÉireann freagrach as comharthaíocht Stáit ó na 1930idí go dtí gur tugadh an t-ainm Bord Fáilte air in Alt 4 (Cuid II) den *Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1952 (Uimhir 15 de 1952)*:

‘4. —Bhéarfar An Bord Fáilte ar an mBord ar a dtugtaí go dtí seo Bord Cuartaíochta na hÉireann.’

Athraíodh ainm Bord Fáilte go Bord Fáilte Éireann sa bhliain 1955 faoi réir Alt 5 den *Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1955*;

‘5.—The Board heretofore known as An Bord Fáilte shall be known as Bord Fáilte Éireann.’

Cé gur baisteadh an t-ainm ‘Bord Fáilte Éireann’ air bheadh clú níos fearr air mar Bord Fáilte (Keogh, 2005). Mar atá léirithe cheana níorbh fholáir do Bhord Fáilte comharthaí faisnéiseacha a chur ar fáil do údarais áitiúla de réir Alt 5(2)(g) i gCuid II den *Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1952 (Uimhir 15 de 1952)*. B’éigean do na húdarais áitiúla na comharthaí a chur in airde agus rinne Bord Fáilte tréaniarracht an leagan Gaeilge ceart a dheimhniú sular cuireadh na comharthaí suas (Mac Giolla Easpaig, 1992).

Cé gur tháinig cúram na comharthaíochta faoi Bord Fáilte níorbh é sin príomhchúram na hinstiúide. Bhí cúrsaí eacnamaíocha ag dul chun donais sna 1950idí in Éirinn. Mar gheall ar laghdú i líon na dturasóirí go hÉirinn ba í an turasóireacht an chloch ab mhó ar an bpaidrín ag Bord Fáilte agus ag an Rialtas, agus d'fheidhmigh Bord Fáilte mar scátheagraíocht ar na heagraíochtaí turasóireachta uilig sa tír. I dteannta na gcúraimí eile seo ghlac Bord Fáilte freagracht as an chuid is mó de na cláir bhóthair náisiúnta, agus choinnigh í anuas go dtí 1994, nuair a aistríodh cúraimí uile an Bhoird go dtí an Roinn Turasóireachta agus Trádála. Sa bhliain 1995 rinneadh soiléiriú ar dhualgas Bhord Fáilte maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit: ag cruinniú idir bhaill den Bhord agus baill de Ghrúpa Stiúrtha na Roinne Comhshaoil, aontaíodh go soláthródh Bord Fáilte na comharthaí críochnaithe do na húdaráis áitiúla le cur suas feasta. Sin é an cúram comharthaíochta a bhí ar Bhord Fáilte go dtí gur rinneadh athchóiriú ar dhualgais na hinstiúide sa bhliain 2003. Bunaíodh Fáilte Ireland de réir *An Achta um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003*. Níor thit cúram na Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit go huile is go hiomlán ar Bhord Fáilte as sin amach.

Is ar Chumann na nGluaisteán agus ar Bord Fáilte, mar sin, a thit cúram na comharthaíochta Gaeilge anuas go dtí deireadh an fichiú haois. Thitfeadh cúram na comharthaíochta ar instiúidí eile le tús na mílaoise nua. Déanfar scrúdú ar na hinstiúidí a bhfuil cúram chomharthaíocht an Stáit orthu sa lá atá inniu ann sna míreanna a leanas.

2.4: Instiúidí a bhfuil Cúram Chomharthaíocht an Stáit orthu

Dar le Spolsky (2009) tá baint ag instiúidí éagsúla le hinfheictheacht chomharthaíocht an Stáit . I gcás na hÉireann tá baint ag na húdaráis áitiúla, an Roinn Comhshaoil agus ranna rialtais difriúla (ó bhunú an Stáit) mar aon leis an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta le polasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit sa lá atá inniu ann. Déanfar trácht ar na húdaráis áitiúla ar an gcéad dul síos.

2.4.1: Na hÚdaráis Áitiúla

Is iad na húdaráis áitiúla atá freagrach as tógáil agus cothabháil na gcomharthaí ar bhóithre áitiúla mar aon le bóithre réigiúnacha an Stáit sa lá atá inniu ann. Is fiú go mór nós imeachta na n-údarás áitiúla maidir leis an nGaeilge ar chomharthaíocht Stáit sular bunaíodh Saorstát Éireann a léiriú anseo chun pictiúr níos iomláine a chur ar fáil.

Sular bunaíodh an Saorstát sa bhliain 1922 bheartaigh roinnt údarás áitiúla úsáid a bhaint as an leagan Gaeilge d'ainmneacha áirithe mar ainm oifigiúil in ionad an leagain Bhéarla. Dá bharr seo bhí

Dún Laoghaire agus Port Laoise in úsáid go forleathan ag cainteoirí Béarla sa tír, mar shampla. Léiríodh tábhacht na n-athruithe seo i gcomhfhreagras idir rialtas na Breataine agus rialtas na hÉireann tar éis bhunú an Stáit. Tugtar le fios gur athraigh na húdaráis áitiúla na hainmneacha thuasluaite *Kingstown* go *Dun Laoghaire* (Laoide, 1905) agus *Maryborough/Portleix* go *Port Laoighise* (Laoide, 1905). Mar gheall ar ghníomhaíochtaí na n-údarás áitiúla thuasluaite ainmníodh Cléireach na Dála mar chomhfhreagraí ar Bhuanchoiste na Breataine ar Ainmneacha Geografacha sa bhliain 1924. As sin amach bheadh ról difriúil ag na húdaráis áitiúla maidir lena gcuid dualgais i leith na Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit ar bhóithre na tíre ag brath ar an tréimhse áirithe a bhí i gceist. Nuair a cinntíodh stádas dátheangach comharthaí an Stáit in *Ionstraim Reachtúil Uimhir 284 de 1956 - Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre*, bhí ar an Rialtas cuailí eolais a chur ar bhealaí chun gréasáin iompair a fhorbairt idir na háiteanna cónaithe uilig sa Stát. Bheadh comhoibriú le húdaráis éagsúla riachtanach chun é seo a bhaint amach, agus thiocfadh tógáil agus cothabháil comharthaíocht an Stáit faoi bhráid na n-údarás áitiúil as sin amach. Thit cúram chomharthaíocht na mbóithre réigiúnacha ar na húdaráis áitiúla sna 1970idí.

Sa bhliain 1977 d’eisigh an Roinn Rialtais Áitiúil treoir oifigiúil do gach bainisteoir contae agus contaebhuirge agus do gach rúnaí contae maidir le ceapadh ainmneacha nua sráide agus araile in “Logainmneacha dúchasacha a choinneáil in ainmniú bóithre nua srl” (F. 241/3 F11/77), 14 Iúil, 1977. Cuireadh an treoir oifigiúil ar fáil toisc go raibh imní ar an gCoimisiún Logainmneacha go raibh údaráis áitiúla áirithe ag fáil réidh le seanainmneacha dúchasacha sna limistéir a tháinig faoina gcúram agus ag dul le leaganacha Béarla nuachumtha nach raibh baint dá laghad acu leis an gceantar. Iarradh ar na húdaráis áitiúla an bunleagan Gaeilge d’ainm na háite a aimsiú agus an leagan sin a úsáid agus iad i mbun ainmniúchán bóthair agus sráideanna nua. Chuir an tAire Comhshaoil grúpa stiúrtha le chéile i mí Iúil 1979 chun comhoibriú a chothú leis na húdaráis áitiúla ar shocruithe maidir leis an nGaeilge. Ba í aidhm an ghrúpa stiúrtha go mbeadh gach comhartha poiblí, gach fógra, agus gach foirm a chuirfeadh an t-údarás áitiúil ar fáil, go mbeidís dátheangach agus go dtabharfaí an cúram chéanna don Ghaeilge agus a thabharfaí don Bhéarla iontu. Chuir an rialtas treoirilínte oifigiúla eile ar fáil chun cabhrú leis na húdaráis áitiúla leaganacha dátheangacha oiriúnacha de logainmneacha a chur ar fáil. D’eisigh an Roinn Comhshaoil ciorclán dar theideal “Ainmniú Sráideanna agus Bóithre, Uimhriú Tithe agus úsáid na Gaeilge” (F.2/86), 3 Feabhra 1986, inar tugadh léiriú an-soiléir ar dhualgais na n-údarás áitiúil maidir le comharthaíocht:

‘Iarrtar ar údaráis áitiúla freisin an leagan ceart Gaeilge a chur ar fáil de ainmneacha sráideanna, de bhóithre agus de cheantair chónaithe i limistéar an údaráis. Chuideodh sé seo leis na seirbhísí poist agus le daoine ar mian leo seoltaí poist a úsáid. Ba chóir aire speisialta a thabhairt go bhfuil na leaganacha Gaeilge ceart ó thaobh litriú agus gramadaí de’

Sa mhullach air sin léiríodh an méid seo sa chiorclán:

‘Iarrtar ar údaráis áitiúla leagan amach dhátheangach a úsáid le haghaidh ainmplátaí nua á chur suas in áit seanchinn, más i mBéarla amháin atá siad faoi láthair. Ba chóir logainmneacha áitiúla a úsáid in ionad logainmneacha nach mbaineann leis an gceantar, nuair atá ainmneacha á roghnú le haghaidh scéimeanna nua tithíochta’

Bheartaigh Bardas agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath agus na comhairlí áitiúla, i gcomhairle le coiste de chuid an Choimisiúin Logainmneacha, ar threoirlínte údarásacha a chur i dtoll a chéile maidir le córas ainmniúcháin Gaeilge do shráideanna, bóithre agus eastáit tithíochta a thabhairt chun foirfeachta agus d’fhoilsigh Grúpa Stiúrtha na Roinne Comhshaoil treoirleabhrán d’údaráis áitiúla faoi ghnáthú na Gaeilge sa bhliain 1995. Mar a dúradh, is iad na húdaráis áitiúla atá freagrach as feidhmiú agus riaradh na gcomharthaí bóthair ar shráideanna, bóithre contae agus bóithre áitiúla agus eastáit tithíochta, ó bhunaíodh an Stáit go dtí an lá atá inniu ann. Sa chúram seo dóibh, feidhmíonn siad faoi threoir ranna rialtais éagsúla. Ní foláir plé a dhéanamh ar na ranna rialtais sin anois.

2.4.2: Ranna Rialtais

Is é an Roinn Comhshaoil a dhéanann maoirseacht ar chomharthaíocht ar fud an Stáit agus is é an tAire Iompair a leagann síos na rialacháin faoi chomharthaíocht de réir na gcumhachtaí atá aige faoi na *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre* sa lá atá inniu ann. Go deimhin tháinig cúram na comharthaíochta Stáit faoi bhráid ranna rialtais éagsúla ag amanna difriúla ó bhunú an Stáit. Déanann an mhír seo cur síos ar ról na ranna rialtais éagsúla sin maidir le comharthaíocht ó 1922 i leith. Bunaíodh Saorstát Éireann sa bhliain 1922 agus le teacht i bhfeidhm an *Acht Airí agus Rúnaithe 1924 (Uimhir 16 de 1924)* cruthaíodh aon roinn rialtais déag;

- Roinn Uachtarán na hArd-Chomhairle
- an Roinn Airgid
- an Roinn Dlí agus Cirt
- an Roinn Oideachais
- an Roinn Cosanta
- an Roinn Gnóthaí Coigríche
- an Roinn Tailte agus Talmhaíochta
- an Roinn Rialtais Áitiúla agus Sláinte Puiblí
- an Roinn Puist agus Telegrafa

- an Roinn Iascaigh
- an Roinn Tionnscail agus Tráchtála

Tháinig cúram na comharthaíochta faoin Roinn Rialtais Áitiúil agus Sláinte Phoiblí ó 1924 go dtí an bhliain 1945. Sa bhliain sin bunaíodh an Roinn Sláinte agus an Roinn Rialtais Áitiúil mar ranna rialtais a bhí neamhspleách óna chéile. Fágadh cúram na comharthaíochta faoin Roinn Rialtais Áitiúil. Níor tháinig aon athrú ar na Ranna Rialtais ar theacht i bhfeidhm Bhunreacht na hÉireann sa bhliain 1937.

Chuir an Taoiseach Séan Ó Loinsigh a dhara rialtas le chéile sa bhliain 1969. Faoi théarmaí an rialtais nua seo ghlac aire amháin freagracht as an Roinn Rialtais agus an Roinn Leasa Shóisialaigh (Uí Mhaoldúin, 2007). Fágadh cúram na comharthaíochta faoi scáth na Roinne Rialtais Áitiúil arís. Nuair a athainmníodh an Roinn Rialtais Áitiúil go dtí an Roinn Comhshaoil sa bhliain 1977 tháinig cúram na comharthaíochta faoin Roinn Comhshaoil den chéad uair. Is mar sin a fágadh é do dtí gur bunaíodh Roinn nua dar theideal An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil sa bhliain 1997 (Uí Mhaoldúin, 2007). Tháinig an chomharthaíocht faoi chúram na Roinne seo go dtí gur athraíodh feidhmeanna an Aire Rialtais Áitiúil faoin *Acht um Thrácht ar Bhóithre*. Athraíodh ainm na Roinne Fiontar Poiblí go dtí an Roinn Iompair in 2002 (Ó Laighin, 2007a). Athraíodh cúram na comharthaíochta ón Roinn Comhshaoil agus Rialtais go dtí an Roinn Iompair sa bhliain sin de réir *Iompar (Feidhmeanna Aire a Tharmligean) Ordú 2002 (Uimhir 402 de 2002)*. Athraíodh ainm na Roinne Iompair go dtí An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt sa bhliain 2011.

Bhí ról suntasach ag na ranna rialtais éagsúla i gcúram na comharthaíochta ó bhunú an Stáit. Is é an tAire Iompair a leagann síos na rialacháin faoi chomharthaíocht de réir na gcumhachtaí atá aige faoi na *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre* agus is í an Roinn Comhshaoil a dhéanann maoirseacht ar chomharthaíocht ar fud an Stáit sa lá atá inniu ann. Bhí institiúid Stáit eile ann áfach a bhfuil baint mhór aige le ceist na Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit freisin. Is é sin an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. Déanfar plé ar an institiúid sin sa chéad mhír eile.

2.4.3: An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. Bunaíodh é faoi réir *Acht na mBóithre 1993*;

‘16. —(1) There shall be a body to be known as An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, or, in the English language, the National Roads Authority to perform the functions assigned to it by or under this Act.’

Cuireadh éifeacht leis an alt seo 1 Eanáir 1994. Tá an institiúid freagrach as gréasán iompair sábháilte agus éifeachtach de bhóithre náisiúnta a chur ar fáil. Faightear soiléiriú ar fheidhmeanna an Údaráis anseo:

19.—(1) The Authority may, in relation to national roads, do all or any of the following—

- (a) prepare, or arrange for the preparation of, designs for construction or improvement works,
- (b) prepare, or arrange for the preparation of, programmes of maintenance works,
- (c) prepare, or arrange for the preparation of, schemes for the provision of traffic signs,
- (d) secure the carrying out of construction or maintenance works, or the provision of traffic signs,
- (e) secure the provision of facilities for the parking of vehicles,
- (f) allocate moneys and make payments in relation to construction or maintenance works, or in relation to any other function assigned to it by or under this Act,
- (g) with the approval of the Minister, specify standards in relation to construction or maintenance works,
- (h) carry out, arrange to have carried out or assist the carrying out of, training, research or testing activities in relation to any of its functions.

Chomh maith leis sin d’fhoilsigh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta cáipéis dar teideal ‘Policy on the Provision of Tourist and Leisure Signage on National Roads’ sa bhliain 2011. Is í aidhm na cáipéise seo ná polasaí an Údaráis um Bóithre Náisiúnta maidir le soláthar comharthaí turasóireachta ar bhóithre náisiúnta agus ar bhóithre náisiúnta den dara grád in Éirinn a chur in iúl. Tá an méid seo a leanas le fáil in Alt 3.9.3 sa cháipéis maidir le polasaí an Údaráis maidir le Gaeilge ar chomharthaí turasóireachta:

‘Text on tourist / leisure signage should be in both Irish and English
in accordance with the Traffic Signs Manual and relevant legislation’

Ní amháin go bhfuil an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta freagrach as tógáil agus cothabháil na gcomharthaí ar bhóithre náisiúnta an Stáit ach tá ról mór aige i bpolasaithe an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht a chur i bhfeidhm. Déanfar trácht ar an ábhar sin anois.

2.5: An chaoi a gcuirtear i bhfeidhm na Polasaithe maidir le Comharthaíocht Dhátheangach

Tá na polasaithe maidir le cur i bhfeidhm na Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit bunaithe ar an eolas atá ar fáil sa *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta*. Ní foláir do na hinstiúidí uilig — na húdaráis áitiúla; an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; agus an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta — tagairt a dhéanamh don *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta* agus iad i mbun a gcúraimí comharthaíochta éagsúla. Déanfar plé ar an *Lámhleabhar* anois.

2.5.1: Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta

D'eisigh an Roinn Rialtais Áitiúil an *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta* sa bhliain 1969 chun ordúcháin maidir le comharthaí bóthair a chur ar fáil. Chuir an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus an Roinn Comhshaoil leagan athbhreithnithe den *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta* le chéile agus foilsíodh é sa bhliain 1996. Tá na teoracha i dtaca le cur i bhfeidhm na Gaeilge ar chomharthaíocht an Stáit bunaithe ar an eolas atá ar fáil sa *Lámhleabhar* seo. Nuair a fostaíodh Peter Harman agus Faber Maunsell chun athbhreithniú a dhéanamh ar an *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta* sa bhliain 2005 cuireadh in iúl dóibh go mbeadh sé riachtanach go mbeadh an chomharthaíocht soiléir, cruinn agus sothuigthe. Mar sin d'eisigh an Roinn Iompair leagan nua den *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta* i Samhain 2010 agus cuireadh ar fáil é ar shuíomh idirlín na Roinne Iompair an 3 Feabhra 2011. Leagtar síos sa *Lámhleabhar* gach dualgas faoi dhéantús na gcomharthaí lena n-áirítear úsáid na Gaeilge ar chomharthaí. Caithfidh údaráis bóthair na tíre cloí leis na dualgais atá leagtha orthu maidir le húsáid na dteangacha sin ar chomharthaí tráchta faoin *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta*. Agus iad i mbun a gcuid dualgais seo is féidir leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus na húdaráis áitiúla comhairle a fháil ó dhá instiúid thábhachtacha, mar atá An Coimisiún Logainmneacha agus An Brainse Logainmneacha. Déanfar scrúdú ar an dá instiúid sin anois.

2.6: Instiúidí le Cúram Taighde orthu maidir le Comharthaí

Bhí ról taighde agus comhairliúcháin ag an gCoimisiún Logainmneacha in Éirinn maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit ó lár an fichiú haois go dtí an bhliain 2012. Bunaíodh an Brainse Logainmneacha sa bhliain 1955 chun obair thaighde chuimsitheach a dhéanamh ar logainmneacha na

hÉireann agus leaganacha údarásacha de na logainmneacha sin a chur ar fáil. Déanfar idirdhealú idir ról an Choimisiúin Logainmneacha agus ról an Bhainse Logainmneacha sna míreanna seo a leanas.

2.6.1: An Coimisiún Logainmneacha

Tháinig méadú as cuimse ar an éileamh ar leaganacha Gaeilge de logainmneacha an Stáit nuair a bunaíodh an Saorstát sa bhliain 1922 agus arís le teacht i bhfeidhm Alt 8.1 de Bhunreacht na hÉireann 1937 a thug tús áite don Ghaeilge mar theanga oifigiúil an Stáit:

‘Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í.’

Chuige seo bunaíodh An Coimisiún Logainmneacha sa bhliain 1946 le barántas ón Aire Airgeadais, Proinsias Mac Aodhagáin chun:

‘Scrúdú a dhéanamh ar logainmneacha na hÉireann, mar atá:

- (a) ar ainmneacha bailte fearainn, paróistí, barúntachtaí, dúichí agus limistéirí eile tíre,
- (b) ar ainmneacha postbhailte, sráidbhailte, mórghailte agus cathrach,
- (c) ar ainmneacha príomhbhall eile nach n-áirítear faoi (a) agus (b) thuas’

(Ó Maolfabhail, 1992)

Tháinig an Coimisiún Logainmneacha faoi chathaoirleacht an scoláire An Seanadóir Pádraig Ó Siochfhradha (An Seabhac). Bhí idir scoláirí logainmníochta agus daoine ábhartha eile ina mbail den Choimisiún. Leagadh síos téarmaí tagartha don Choimisiún Logainmneacha a chinntigh gur iarradh ar bhaill an Choimisiúin Logainmneacha scrúdú a dhéanamh ar logainmneacha na hÉireann agus chomh maith leis sin iarradh orthu cuardach a dhéanamh ar bhunleaganacha Gaeilge na logainmneacha sin. Sa chás go raibh ar a gcumas na leaganacha Gaeilge a aimsiú iarradh orthu an leagan seo a chinntiú bunaithe ar an eolas a bhí bailithe acu. Sa mhullach air sin níorbh fholáir do bhaill an Choimisiúin Logainmneacha liostaí de leaganacha Gaeilge na logainmneacha sin a fhoilsiú.

Ba léir go mbeadh obair ollmhór thaighde riachtanach chun na haidhmeanna seo a chomhlíonadh agus ba léir freisin nach raibh na hacmhainní taighde sin ar fáil sa Choimisiún Logainmneacha nuair a bunaíodh é sna 1940idí. Mar sin rinneadh cinneadh sa bhliain 1955 go dtiocfadh an obair thaighde ar logainmneacha na hÉireann faoi fhoireann oibre speisialta ar bhonn lánaimseartha. Chuige seo bunaíodh rannóg nua laistigh de Suirbhéireacht Ordanáis ar ar tugadh An Bainse Logainmneacha. Maidir le modhanna taighde an Bhainse sa lá atá inniu ann is iad na bunphrionsabail chéanna atá in úsáid anseo i gcónaí. D’athraigh an cur i láthair cuid mhaith thar na blianta ar mhaithe le praiticiúlacht agus de bharr na n-athruithe móra leictreonacha le 15 bliain anuas: mar shampla, ní

bhaintear úsáid as cartáí innéacs níos mó le linn taighde. Is é an phríomhaidhm anois ná na tagairtí stairiúla a ionchur sa chóras leictreonach agus iad seo a bheith ar fáil go córasach ar líne dá bharr.

Bhí ról comhairliúcháin ag an gCoimisiún Logainmneacha chun ceartfhoirmeacha Gaeilge ar logainmneacha a chur ar fáil gan cáineadh a dhéanamh ar an bhfuaimniú traidisiúnta atá ann cheana (Ó Maolfabhail, 1989). Nuair a rinne an Brainse Logainmneacha moladh maidir le logainm nó nuair a d’ullmhaigh siad ordú logainm cuireadh an moladh nó an t-ordú sin faoi bhráid an Choimisiúin Logainmneacha le faomhadh ina dhiaidh sin. Chuir an Coimisiún Logainmneacha seirbhís comhairliúcháin ar fáil do na húdaráis bóthair freisin nuair nach raibh siadsan in ann teacht ar mholadh sásúil maidir leis an leagan Gaeilge d’ainm. Soiléiríodh an méid seo i gcioclán a d’eisigh an Roinn Comhshaoil dar teideal *“Ainmniú Sráideanna agus Bóithre, Uimhriú Tithe agus úsáid na Gaeilge”* (F. 2/86), 3 Feabhra 1986:

‘Thug an Coimisiún Logainmneacha le fios don Aire go bhfuil siad sásta comhairle a thabhairt do údaráis áitiúla faoin bhfoirm cheart Ghaeilge de logainmneacha’

Tháinig leathnú ar fheidhmeanna an Choimisiúin Logainmneacha sa bhliain 2003 nuair a chuir an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, TD, bonn úr faoin gCoimisiún trí théarmaí tagartha nua a thabhairt dó agus ballraíocht úr a cheapadh. Seo iad téarmaí reatha an Choimisiúin:

Comhairle a thabhairt don Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta maidir le:

- a. foirmeacha Gaeilge de logainmneacha a shonrú chun críocha dlí faoi mar a achtaítear i gCuid 5 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.
- b. scrúdú a dhéanamh ar logainmneacha na hÉireann mar a shainítear iad sin in alt 31 den Acht
chun foirmeacha Gaeilge na logainmneacha sin a dheimhniú
- c. orduithe logainmneacha a ullmhú faoi mar a achtaítear in alt 32 den Acht.
- d. foirmeacha logainmneacha Gaeilge nach n-áirítear san Acht, mar atá, sráidainmneacha.
- e. foilsíú agus úsáid oifigiúil foirmeacha logainmneacha Gaeilge.
- f. forbairt a dhéanamh ar thaighde agus staidéar ar logainmneacha in institiúidí tríú leibhéal agus institiúidí oideachais eile.
- g. margáíocht chuí a dhéanamh ar thaighde an Bhrainse Logainmneacha.
- h. nithe eile a bhaineann le logainmneacha na hÉireann.’ (www.logainm.ie)

D'oibrigh an Coimisiún Logainmneacha agus an Brainse Logainmneacha as lámha a chéile chun na téamaí tagartha céanna seo a chur i gcrích. Tá deireadh curtha leis an gCoimisiún Logainmneacha ó 11 Deireadh Fómhair 2012. Bunófar Coiste Logainmneacha ina n-ionad. Rinne an tAire Ealaíon Oidhreacht agus Gaeltachta Jimmy Deenihan cur síos ar chúlra an chinnidh seo sa Dáil:

Tháinig deireadh le téarma oifige an Choimisiúin Logainmneacha ar an 11 Deireadh Fómhair 2012. Faoi réir chinneadh an Rialtais i dtaca le *Plean an Rialtais um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí*, socraíodh go dtiocfadh coiste saineolaithe, a d'fheidhmeodh ar bhonn *pro bono*, in áit an Choimisiúin Logainmneacha, agus go ndéanfaí an obair go príomha ar líne. Beidh idir seachtar agus deichniúr le ceapadh mar bhaill den Choiste Logainmneacha, i gcomparáid leis an seachtar ball déag a bhí ar an gCoimisiún roimhe seo. Tá sé ar intinn agam baill an Choiste Logainmneacha a cheapadh go luath.

(Dáil Éireann, 2013)

Mar sin cuirfear leaganacha údarásacha de logainmneacha faoi bhráid an Choiste Logainmneacha le moladh ó am go ham. Déanfar an obair ar líne. Is é an Brainse Logainmneacha a dhéanann an obair thaighde seo ar logainmneacha. Pléifear obair an Bhainse Logainmneacha anois.

2.6.2: An Brainse Logainmneacha

Is í cúram speisialta an Bhainse Logainmneacha ná taighde cuimsitheach a dhéanamh ar logainmneacha na hÉireann agus leaganacha údarásacha na logainmneacha sin a chur ar fáil dá réir. Oibríonn an Brainse Logainmneacha ar cheartfhoirmeacha Gaeilge logainmneacha na tíre a chaighdeánú agus a fhoilsiú le húsáid go hoifigiúil.

Ba é an chéad chúram a tháinig faoi bhráid thaighdeoirí an Bhainse Logainmneacha nuair a bunaíodh é sa bhliain 1955, áfach, ná an taighde a bhí ar siúl ar ainmneacha na mbailte poist a chur i gcrích mar ábhar práinne. Chuaigh an Brainse Logainmneacha i mbun obair thaighde a bhí bunaithe ar mhúnla ón tSualainn ar a dtugtar *Ortnamnsarkivet*. Mar chuid den mhodh taighde seo bailíodh na foirmeacha éagsúla d'ainm ó fhoinsí stairiúla agus deimhníodh fuaimniú na bhfocal le muintir na háite. Ó thaobh úsáid na Gaeilge de bhí an modh taighde seo tábhachtach mar thug an Coimisiún Logainmneacha tosaíocht don leagan a bhí in úsáid ag na cainteoirí Gaeilge sa cheantar áitiúil agus ar an mbealach sin caomhnáíodh an leagan dúchasach Gaeilge den logainm. A bhuíochas le hobair dhíograiseach na dtaighdeoirí foilsíodh *Ainmneacha Gaeilge na mBailte Poist* sa bhliain 1969. D'eascair ábhar an leabhair seo as taighde a chuir an Brainse Logainmneacha i gcrích ar fhoirmeacha Gaeilge de 2,800 logainm lena n-áirítear bailte poist, cathracha, bailte móra agus sráidainmneacha. Deir Ó Murchú (2008) gur chuir an Suirbhéireacht Ordanáis an léarscáil Gaeilge *Éire 1:575,000* ar fáil sa bhliain 1970. Cuireadh leagan dátheangach den léarscáil ar fáil blianta ina dhiaidh sin ach ní raibh fáil air i

gcónaí. Thairis sin, sholáthair an Brainse Logainmneacha leaganacha Gaeilge de na logainmneacha do roinnt léirscáileanna de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis. Cuireadh leagan dátheangach de na príomhghnéithe geografacha ar fáil sna 1970idí freisin. Chomh maith leis sin shoiléirigh Oifig na Suirbhéireachta Ordanáis an tslí ab fhearr do na húdaráis bóthair comhairle a fháil maidir leis na leaganacha Gaeilge de logainmneacha. Léiríodh é seo i gclár de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis dar theideal “Ciorclán F 2/86 ón Aire Comhshaoil”; “An dara hiarraitas”, 23 Deireadh Fómhair 1986:

‘Go praiticiúil, is í an Oifig Logainmneacha sa tSuirbhéireacht Ordanáis faoi chomhairle an Choimisiúin Logainmneacha a thabharfaidh an comhairle sin’

Tháinig an tSuirbhéireacht Ordanáis faoi chúram na réimse státseirbhíse go dtí gur athraíodh é go dtí an Suirbhéireacht Ordanáis Éireann de réir Alt 3(1) den *Acht um Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, 2001 (Uimhir 43 de 2001)*;

‘3. —(1) There shall stand established on the establishment day a body to be known as Ordnance Survey Ireland, or in the Irish language as Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, and in this Act referred to as OSI.’

Tugadh an Brainse Logainmneacha faoi scáth na Roinne Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán.

Mar a léiríodh níos luaithe tugadh an stádas oifigiúil céanna do leaganacha Gaeilge de logainmneacha na tíre agus a dtugtar do na leaganacha Béarla le teacht i bhfeidhm Alt 33 (1) d’*Acht na dTeangacha Oifigiúla* ar 30 Deireadh Fómhair 2003. De réir Alt 33(1) is féidir leis an Aire ordúithe reachtúla a dhéanamh i dtaca le hainm áirithe i gceantar ar bith lasmuigh den Ghaeltacht. Nuair a dhéantar é seo tá an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla den logainm ar chomhstádas agus tá an fheidhm dhlíthiúil chéanna ag an leagan Gaeilge agus atá ag an leagan Béarla. Toisc stádas dlíthiúil a bheith tugtha do logainmneacha an Stáit in *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* tá na horduithe contaetha agus ceantair seo a leanas curtha i gcrích do dtí seo:

- *An tOrdú Logainmneacha (Cúigí agus Contaetha) 2003*
- *An tOrdú Logainmneacha (Contae Lú) 2003*
- *An tOrdú Logainmneacha (Contae Luimnigh) 2003*
- *An tOrdú Logainmneacha (Contae Phort Láirge) 2003;*
- *An tOrdú Logainmneacha (Contae Chill Chainnigh) 2003*
- *An tOrdú Logainmneacha (Contae Uíbh Fhailí) 2003*

- *An tOrdú Logainmneacha (Contae Mhuineacháin) 2003*
- *An tOrdú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004*
- *An tOrdú Logainmneacha (Lárionaid Daonra agus Dúichí) 2005*
- *An tOrdú Logainmneacha (Contae Thiobraid Árann) 2005*
- *An tOrdú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2011*
- *An tOrdú Logainmneacha (Contae Bhaile Átha Cliath) 2011*
- *An tOrdú Logainmneacha (Contae Chorcaí) 2012.*

Anuas air sin tá na dréacht-Orduithe Logainmneacha seo a leanas ar na bacáin:

- *An tOrdú Logainmneacha (Contae na Gaillimhe) 2012*
- *An tOrdú Logainmneacha (Contae Liatroma) 2012*
- *An tOrdú Logainmneacha (Contae an Longfoirt) 2012.*

Tagann obair thaighde leanúnach an Bhrainse Logainmneacha ar logainmneacha na hÉireann faoi scáth na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta sa lá atá inniu ann. Toisc go dtagann cúram na gcomharthaí féin faoi bhráid institiúidí éagsúla, áfach, is minic a thagann saincheisteanna chun cinn maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit. Tráchtfar ar na saincheisteanna sin sa chéad mhír eile.

2.7: Saincheisteanna aitheanta a thagann chun cinn maidir le Gaeilge ar Chomharthaíocht Stáit

Léireofar samplaí de na saincheisteanna aitheanta a thagann chun solais maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht ar fud an Stáit sna míreanna seo amach. Tabharfar cur síos sonrach ar ról na n-institiúidí éagsúla agus cuirfear grianghraif shamplacha ar fáil chun na saincheisteanna aitheanta seo a léiriú. Déanfar idirdhealú idir na comharthaí a chuirtear in airde de réir na n-ordúchán atá déanta faoi Alt 95(16) den *Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961* agus caighdeán comharthaí na n-eastát tithíochta atá clúdaithe faoi *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*. Déanfar plé ar na comharthaí faoi na ceannnteidil seo: mílitríú Gaeilge, míthuiscint ar an bhfoirm Ghaeilge, neamhaird ar an bhfoirm Ghaeilge, giorrúcháin agus caighdeán na gcomharthaí turasóireachta.

2.7.1: Mílitríú Gaeilge

Tá an fheidhm dhlíthiúil chéanna ag an leagan Gaeilge de logainm agus atá ag an leagan Béarla a fheictear ar chomharthaí bóithre ar fud an Stáit. Tá dualgais áirithe ar na húdaráis áitiúla i leith an ainmniúcháin seo. Cuireann an dátheangachas le deacrachtaí na n-údarás áitiúla. Níos minice ná a mhalairt bíonn an litriú beagnach i gceart ag na húdaráis bóithre ach amháin go gcruthaíonn an síneadh fada deacrachtaí dóibh. Tá an deacracht seo a bhaineann leis an litriú agus úsáid an tsínidh fhada le feiceáil sa ghrianghraf seo:



Figióir 2.1: Lochan an Bhealaigh, Contae na hIarmhí

Tá an síneadh fada in easnamh ar an ‘a’ sa chéad fhocal. De réir Bunachar Logainmneacha na hÉireann is é *Lochán an Bhealaigh* an leagan Gaeilge den logainm seo i gContae na hIarmhí. Is mór an difríocht a dhéanann an botún seo d’fhuaim agus tuiscint an fhocail. Easpa taighde agus easpa sínte fada is cúis leis an mílitriú seo. Ní foláir don údarás bóthair lena mbaineann a dhéanamh cinnte go bhfuil an litriú cruinn ceart ar chomharthaí de réir mar a leagtar síos é in Alt 1.1.49 den *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta* freisin:

‘It should be ensured that the correct forms and spelling of place names are used on traffic signs. In this regard, the following approach should be adopted;

- Road Authorities should consult the relevant Place-names Orders published as Statutory Instruments’

Is léir ón bhfaisnéis ar an gcomhartha sa ghrianghraf thuas gur rinneadh neamhaird iomlán ar Alt 2.3.2 den *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta* freisin:

‘The Irish script is inclined at 15 degrees and also includes a fada (accent).’

2.7.2: Míthuiscint ar an bhfoirm Ghaeilge

Uaireanta feictear an leagan iomlán mícheart de logainm. Léirítear é seo sa chur i láthair a thug An Dr Conchubair Ó Cruallaoich ón Bhrainse Logainmneacha dar teideal ‘Comharthaíocht i Loch **Gormaan** / Signage in *Wexfart*’ don Choiste Logainmneacha i gComhairle Chontae Loch Garman sa bhliain 2007 maidir leis na foirmeacha Gaeilge de logainmneacha a fhaightear ar chomharthaí i gContae Loch Garman. Leag Ó Cruallaoich béim ar chuid mhór de na ceisteanna a bhaineann le foirm na logainmneacha. Ghlac sé grianghraif chun an mhíthuiscint atá ann i dtaobh na bhfoirmeacha Gaeilge de logainmneacha sa Stáit a chur in iúl don lucht éisteachta. (Grianghraif ó Chontae Loch Garman le caoinchead An Dr Conchubair Ó Cruallaoich).

Tugann Figiúr 4.2.1 sa *Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht*a le fios gurb é an leagan ceart Gaeilge de ‘Macroon’ i gContae Chorcaigh ná *Maigh Cromtha* agus deimhnítear an leagan seo i mBunachar Logainmneacha na hÉireann atá ar fáil ag www.logainm.ie:



Figiúr 2.2: Maigh Chromtha, Contae Chorcaigh (*Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht*a)

Mar sin is cúis iontais go dtugtar an leagan Gaeilge céanna ar ‘Jamestown’ i gContae Loch Garman mar atá le feiceáil ar an gcomhartha seo freisin:



Figiúr 2.3: Jamestown, Contae Loch Garman

Tá an leagan Gaeilge ar strae anseo. Is é an ceartleagan de ‘Jamestown’ i gContae Loch Garman ná Baile Shéamais. Chomh maith leis sin tá míthuiscint ag baint leis an bhfoirm Gaeilge. Mar a dhearbhaítear in *Acht na dTeangacha Oifigiúla – Treoirleabhair* ní foláir go gcuirfidh an téacs i nGaeilge an fhaisnéis chéanna agus a chuireann an téacs Béarla in iúl. Ní hamhlaidh an scéal i gcás ‘Jamestown’ i gContae Loch Garman. Tá sé thar a bheith soiléir nach ndearna an t-údarás bóthair i gceist aon tagairt do *Gasaitéar na hÉireann* nó do www.logainm.ie. Is léir nach ndearna siad teagmháil leis an mBrainse Logainmneacha ach oiread. Mar sin sáraíodh an dualgas teanga de réir mar a chuirtear in iúl iad go beacht in Alt 1.1.49 den *Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht*a ;

‘If the place name is not included in a Place-names Orders, the Gazetteer of Ireland (The Placenames Branch of the Ordnance Survey) or www.logainm.ie should be consulted;’

Tá comharthaí eile ann a bhfuil an leagan Gaeilge contráilte amach is amach orthu. Sampla eile den fheiniméan is ea an grianghraf seo a leanas:



Figiúir 2.4: Rathangan, Co. Loch Garman

Glacadh an grianghraf seo i gContae Loch Garman. Is sampla é seo de bhotún a rinneadh nuair a cuireadh an comhartha in airde an chéad uair. Is é an leagan ceart ar ‘Rathangan’ i gContae Loch Garman ná *Ráth Daingean* (www.logainm.ie). Is ionann *Rath Iomdháin* anseo agus ‘Rathangan’ i gContae Chill Dara. Léiríonn an grianghraf de ‘Rathangan’ easpa taighde an údaráis bóthair lena mbaineann. In ainneoin go bhfuil foinsí eolais mar *Ainmneacha na mBailte Poist*, *Gasaitéar na hÉireann* agus *Bunachar Logainmneacha na hÉireann* (ar líne) níor éirigh leis an údarás bóthair an leagan ceart de ‘Rathangan’ a chur ar an gcomhartha bóthair seo. Tá an comhartha seo, mar sin, ag sárú na ndualgas reachtúil teanga mar a léirítear iad in Alt 1.1.49 sa *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchtá*:

- In determining the correct Irish form of a place name which is not provided in the above sources, Road Authorities should consult with, and obtain advice from, An Coimisiún Logainmneacha (The Place Names Commission). Before consulting with An Coimisiún, Road Authorities may wish to ascertain through local consultation whether specific place names have a particular local significance or what traditional local usage may exist.

Dá ndéanfaí teagmháil leis an mBrainse Logainmneacha nó le muintir na háite maidir leis an logainm seo bheadh a fhios ag an Údarás Bóthair nach ionann an leagan Gaeilge seo — *Rath Iomdháin* — agus ‘Rathangan’ i gContae Loch Garman.

2.7.3: Neamhaird ar an bhfoirm Ghaeilge

Is é polasaí náisiunta an Stáit go mbeadh leagan Gaeilge oifigiúil mar aon leis an leagan Béarla ag gach ainm geografach sa Stát. Mar sin féin is minic a dhéantar neamhaird iomlán ar an leagan Gaeilge de logainm. Feictear sampla amháin den fheiniméan sa ghrianghraf thíos:



Figióir 2.5: Farm, Contae na Gaillimhe

Is é an leagan Gaeilge de ‘Farm’ i gContae na Gaillimhe ná *An Choill Gharbh*. Níl tasc ná tuairisc den leagan Gaeilge seo le feiceáil áfach ar an gcomhartha sa ghrianghraf samplach. Tá sárú dlí ar na dualgais reachtúil teanga sa *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta* i gceist anseo. Baineann tábhacht faoi leith le hAlt 1.1.48 anseo;

‘it is a statutory requirement that place names on information signs be in both Irish and English.’

2.7.4: Giorrúcháin

Ceadaítear na giorrúcháin seo a leanas i dtaobh úsáid na Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit sa *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta*:

Giorrúcháin Ceadaithe

Term	Abbreviation
<i>Baile</i>	<i>B.</i>
<i>Caisleán</i>	<i>Cais.</i>
<i>Droichead</i>	<i>Dr.</i>
<i>Mainistir</i>	<i>Main.</i>
<i>Bóthar</i>	<i>Br.</i>

(Tábla 2.3.3 *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta*)

D'ainneoin na rialacháin sin áfach feictear samplaí de ghiorrúcháin lochtacha ar fud an Stáit mar is léir ón ngrianghraf seo:



Figiúir 2.6: B. Átha hAmhnais, Contae Mhaigh Eo

Sáraítear na rialacháin thuasléirithe a bhaineann le giorrúcháin mar atá leagtha amach sa *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta* sa ghrianghraf samplach seo. Tacaíonn Oifig an Choimisinéara Teanga leis an rialail seo in *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 – Treoirleabhar*. Deirtear nach cóir focal sa téacs i nGaeilge a ghiorrú mura bhfuil an focal aistrithe céanna sa téacs Béarla giorraithe freisin. Is rí-shoiléir ó na teoracha sin go seasann ‘B’ do *Baile*. Ós é *Béal Átha hAmhnais* an leagan Gaeilge ceart de ‘Ballyhaunis’ i gContae Mhaigh Eo, baintear úsáid as an ‘B’ sa ghrianghraf thuas mar ghiorrúchán ar an bhfocal *Béal*, rud a thagann salach ar rialacha an *Lámhleabhair do Chomharthaí Tráchta*.

2.7.5: Caighdeán na gComharthaí Turasóireachta

Chomh maith leis na gnáthchomharthaí bóthair tá comharthaí turasóireachta ann. Ar na comharthaí turasóireachta seo tá ainmneacha na mionghnéithe geografacha atá ina ábhar spéise don turasóir. Féachtar ar lochanna agus tránna mar shamplaí de mhionghnéithe geografacha, mar aon le séadchomharthaí náisiúnta an Stáit (Mac Giolla Easpaig, 1992). Mar atá léirithe cheana thit cúram na comharthaíochta lena n-áirítear comharthaí turasóireachta ar Bord Fáilte mar atá leagtha amach in Alt 7(1) den *Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1952 (Uimhir 15 de 1952)*:

7. —(1) Má bheartaíonn an Bord fógra nó fál a chur suas, nó bealach isteach a sholáthar nó d'fheabhsú, ag aon fhoirgint, láthair nó scrín stairiúil nó aon áit eile is dóigh leis an mBord dob ábhar spéise ar leith don phobal, agus go ndiúltóidh an t-únaer a cheadú don Bhord an obair atá beartaithe a dhéanamh, beidh cumhacht ag an mBord pé talamh a thógaint, faoi alt 19 d'Acht 1939, is dóigh leis an mBord is cuí chun go bhféadfar an obair a dhéanamh.

Bhí an cúram seo ag Bord Fáilte ó na 1950idí anuas go dtí gur athraíodh an fhreagracht go dtí an Roinn Comhshaoil sa bhliain 1994.

Ní mór scéal na Gaeilge ar chomharthaí turasóireachta a léiriú anois. Leagadh béim ar thábhacht chaighdeán na gcomharthaí turasóireachta sna moltaí a rinne an Grúpa Stiúrtha faoin nGaeilge sa tSeirbhís Rialtais Áitiúil ina leabhrán *Moltaí* sa bhliain 1986. Mhol an grúpa seo sraith fógraí nua a chur suas faoi shéadchomharthaí náisiúnta agus faoi áiteanna eile a bhfuil stairiúlacht nó áilleacht speisialta ag baint leo, fógraí a bheadh ar aon réiteach i bhfoirm agus i bhfriotal leis na gnáthfhógraí bóthair. Bhí comhdháil ag an ngrúpa stiúrtha de chuid na Roinne Comhshaoil sa bhliain 1988 agus ba í tuairim an ghrúpa go mbeadh an t-ainmniúchán dátheangach céanna i gceist le comharthaí den tionscal oidhreachta nó turasóireachta agus a bhíodh i gceist le gnáthchomharthaí bóthair. D'aontaigh an grúpa stiúrtha agus na teachtaí dála a bhí i láthair ag comhdháil na bliana 1991 go gcloífi leis an ngnás dátheangach seo (An Roinn Comhshaoil, 1995).

Tagann comharthaíocht turasóireachta ar na bóithre réigiúnacha agus áitiúla faoi scáth an Chiorcláin PD12-14 'Criteria for the Provision of Tourist Attraction and Accommodation Signs' arna eisiúint ag an Roinn Comhshaoil i mí Iúil 1988. Tugadh isteach comharthaí donna le litreacha bána den chéad uair in Alt 4 den chiorclán seo:

'The basic sign designs will conform to the normal design rules for traffic signs and will feature white legend, borders, arrows and chevrons on a brown background'

Soiléiríodh dualgas na n-údarás áitiúil maidir le comharthaí turasóireachta in Alt 11:

'Rather than deal with isolated requests for tourist signs, road authorities are recommended to prepare comprehensive plans for tourist signing in consultation with the Department of the Environment, Bord Fáilte and other relevant authorities and interests'

Nuair a bhuail Bord Fáilte le baill de ghrúpa stiúrtha na Roinne seo sa bhliain 1995 aontaíodh go gcuirfeadh Bord Fáilte comharthaí críochnaithe ar fáil do na hÚdaráis áitiúla le crochadh. Fágadh an cúram sin le Bord Fáilte go dtí gur bunaíodh Fáilte Ireland faoi réir an *Achta um an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (Cuid 5) 2003 (Uimhir 205 de 2003)*. Cuirtear comharthaí turasóireachta in airde ar bhóithre náisiúnta an Stáit de réir rialacháin an *Lámhleabhair do Chomharthaí Tráchta* sa lá atá inniu ann. Féachfar ar ghrianghraif shamplacha de chomharthaí turasóireachta bhóithre náisiúnta den dara grád anois.

Áirítear comharthaí turasóireachta mar chomharthaí faisnéiseacha sa *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta* agus is léir nach réitíonn an téacs ar an gcomhartha seo le hAlt 4.1.11 sa *Lámhleabhar*;

'Text on information signs shall be displayed in both Irish and English. In some instances providing two signs, one in each language, may be appropriate'

Tá an cló bán ar chúlra donn le feiceáil ar an gcomhartha seo, atá suite ar an mbealach N60 idir An Caisléan Riabhach agus Béal Átha Mó i Contae Ros Comáin, ach déantar neamhaird iomlán ar an bhfoirm Ghaeilge. Níl leid dá laghad den fhoirm Ghaeilge le feiceáil sa ghrianghraf seo:



Figióir 2.7: Suck Valley Way, Contae Ros Comáin

Tagann ceist eile chun solais san alt seo i dtaca leis an bhfoirm Ghaeilge ar chomharthaí turasóireachta an Stáit. Dhealródh sé go mbeadh radharc súl níos fearr ag teastáil ón té gur mhaith leis/léi an leagan Gaeilge d’ainm ar chomharthaí turasóireachta áirithe a léamh (Ó Catháin, 1992). Tuigfear an ráiteas seo d’Ó Catháin ach féachaint ar an gcomhartha seo a leanas:



Figióir 2.8: Garraithe Náisiúnta na Lus, Baile Átha Cliath

Tá an leagan Gaeilge níos faide anseo agus mar gheall air sin bheartaigh an t-údarás bóthair úsáid a bhaint as cló níos lú i gcomhair na foirme Gaeilge. Ní chloíonn an úsáid seo, áfach, leis na treoracha, a leagann síos go mbeadh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla. Sa mhullach air sin ní ceart go mbeadh na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná na litreacha sa téacs i mBéarla. Admhaítear go mbíonn an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla difriúil ó thaobh an fhaid de ach sa chás seo d’fhéadfaí an eang a mhéadú sa leagan Gaeilge faoi mar atá déanta leis an leagan Béarla. Baineann Alt 2.3.10 (a) ón *Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht*a le hábhar anseo:

‘The Irish and English language versions of place-names may be different in length. Where this difference is excessive and would lead to uneconomic design the following alternatives may be used:

a) Indentation: In order to reduce the overall width of a place-name, the Irish or English script may follow onto a second line and be indented. This is achieved by left justifying the top line. The second line is indented by one tile at least and right justified with the un-indented text. This should only be done if the place-name is made up of two or more words.’



Figúir 2.9: Ballybunion - *Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht*

Tá na comharthaí sna grianghraif shamplacha seo uilig curtha in airde de réir na n-ordúchán atá déanta faoi Alt 95(16) den *Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961* agus tá sé de dhualgas ar an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus ar na húdaráis áitiúla na hordúcháin seo a chur i bhfeidhm ar chomharthaíocht Stáit. Tá comharthaí eile ann nach dtagann faoi scáth rialachán an *Lámhleabhair do Chomharthaí Trácht* ach mar sin féin tá siad bainteach leis an nGaeilge ar chomharthaíocht Stáit freisin: mar shampla, comharthaí na n-eastát tithíochta. Is léiriú poiblí den Ghaeilge iad na comharthaí Stáit seo freisin agus déanfar plé ar chaighdeán na gcomharthaí seo sa chéad mhír eile.

2.7.6: Caighdeán Comharthaí na n-Eastát Tithíochta

Cé nach gclúdaítear comharthaí na n-eastát tithíochta sa *Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht* baineann tábhacht faoi leith leo. Tá an t-eolas seo a leanas i dtaca le hainmneacha ar eastáit tithíochta le fáil i gCiorclán F.2/86 ón Roinn Comhshaoil dar teideal ‘Ainmniú sráideanna agus bóithre, uimhriú tithe agus úsáid na Gaeilge’:

‘ba chóir logainmneacha áitiúla a úsáid in ionad logainmneacha nach mbaineann leis an gceantar, nuair atá ainmneacha á roghnú le haghaidh scéimeanna nua tithíochta’

Dá ainneoin seo, áfach, níl aon rialúcháin ar leith maidir le hainmniúchán eastát tithíochta le fáil sna hAchtanna Pleanála sa lá atá inniu ann (Ó Catháin, 1992). Is ar an údarás áitiúil a thiteann caighdeán comharthaí na n-eastát tithíochta. Tá na húdaráis áitiúla ar an liosta de 650 comhlacht poiblí a thagann faoi scáth *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*. Léiríodh dualgas na gcomhlachtaí poiblí in Alt 7(2) de na *Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Alt 9) 2008* níos luaithe sa chaibidil.

Is minic a thagann na húdaráis áitiúla faoi bhrú sóisialta maidir le hainmniúchán éastát títhíochta. Tá an feiniméan seo le feiceáil ar fud an Stáit. I gcás chathair Bhaile Átha Cliath tá léithéidí *The Willows*, *The Orchards*, *College Manor* agus *Dalcassian Downs* ann (Mac Mathúna, 1998). Cuirtear grianghraf samplach ar fáil de *Dalcassian Downs* mar fhianaise ar an bhfeiniméan seo.



Figióir 2.10: Dalcassian Downs, Baile Átha Cliath

Is é an leagan Gaeilge ar Dalcassian Downs ar Bhunachar Logainmneacha na hÉireann ná *Mulláin Dhál gCais* ach níl leid dá laghad den leagan Gaeilge ar an gcomhartha — cé go bhfuil ainm an fhorbróra réadmhaoine, Bovale Dev Ltd, léirithe go beacht ar an gcomhartha céanna. Sa chás seo ghéill an t-údarás áitiúil don bhrú sóisialta agus ainmníodh an t-eastát seo gan aird a thabhairt ar an taighde a bhí déanta ar na hainmneacha dúchasacha Gaeilge atá le fáil sa cheantar cheana.

Uaireanta feictear neamhaird iomlán ar an leagan ceart Gaeilge d’ainm eastát títhíochta mar is léir sa ghrianghraf thíos. Baineann an grianghraf thíos le heastát títhíochta i gContae Loch Garman agus is soiléir nach réitíonn an leagan Gaeilge leis an leagan Béarla.



Figióir 2.11: Whiterock Heights, Co. Loch Garman

Is iomaí locht atá ar an gcomhartha seo ó thaobh na Gaeilge de. Ar an gcéad dul síos tá an focal *Carraig* mílitríthe le síneadh fada ar an dara ‘a’; tá an botún céanna le feiceáil san fhocal *Ard*. Ach is é a mhalairt de bhotún a dhéantar ar an bhfocal ‘*Bhán*’, mar a bhfuil an síneadh fada in easnamh ar an ‘a’. Thairis sin tá botún bunúsach gramadaí ann. Is é an leagan Gaeilge cruinn a bheadh ar ‘Whiterock Heights’ ná *Arda na Carraige Báine*. Tá an neamhshuim chéanna seo a dhéantar den tuiséal ginideach le sonrú ar chomharthaí ar fud an Stáit (Ó Dubhthaigh, 1998).

Tá easpa cruinnis le feiceáil sna grianghraif shamplacha uilig thuasléirithe. Ní mór go bhféachfaí chuige go n-úsáidfí ainmneacha dúchasacha ar eastáit tithe idir phríobháideacha agus phoiblí (Ó Coigligh, 1992). Chomh maith leis sin tá pleanáil rí-thábhachtach agus ainmneacha eastát nua á roghnú (Ó Cearbhaill, 2003)

2.8: Conclúid

Ba iad Bourhis agus Landry a thug an focal ‘feiceálacht teanga’ dúinn i 1997 mar théarma ar an léiriú poiblí de teangacha sa timpeallacht. Is léir go bhfuil fás as cuimse tagtha ar an staidéar ar an bhfeiniméan sochtheangeolaíochta seo i measc scoláirí sa tír seo agus go hidirnáisiúnta. Déanann an tráchtas seo plé ar pholasaí Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit in Éirinn. Is réimse leathan taighde é seo a chuireann leis an taighde atá déanta ag scoláirí Gaeilge thar na blianta mar atá léirithe sa léirmheas litríochta seo. Cuireann saothar na scoláirí seo a leanas go mór leis an réimse litríochta atá ar fáil ar ghnéithe éagsúla den Ghaeilge ar chomharthaíocht Stáit: Mac Mathúna (1998), Mac Giolla Easpaig (1992), Ó Catháin (1992), Ó Cearbhaill (2003), Ó Dubhthaigh (1998), Ó Laighin (2007), Ó Maolfabhail (1992) agus Ó Murchú (2008). Léirítear go bhfuil saothar an taighdeora seo ag tógáil ar an saothar atá déanta sa réimse go dtí seo.

Ar an gcéad dul síos léiríodh an bhéim a chuir rialtas an tSaorstáit nua ar an nGaeilge. Ainmníodh í mar theanga náisiúnta na tíre i mBunreacht an tSaorstáit ach tugadh an t-aitheantas céanna don Bhéarla freisin. Dá réir sin chuir an Stát nua roimhe go mbeadh an leagan dátheangach d’ainm áite le feiceáil ar chomharthaí agus ar fhógraí dá chuid. Chomh maith leis sin ba mhór an ní an córas comharthaíochta ag muintir na tíre mar is léir ón gcóras athainmnithe sráideanna a bhí le feiceáil i gcathair Bhaile Átha Cliath sna 1920idí agus 1930idí. Tháinig méadú ar an éileamh ar leaganacha Gaeilge ar chomharthaí Stáit nuair a tugadh tús áite don Ghaeilge mar theanga oifigiúil na tíre in Alt 8.1 de Bhunreacht na hÉireann sa bhliain 1937. Tháinig nós athainmnithe ar cheantair phríobháideacha chun solais sna cathracha sna 1950idí agus 1960idí. Ba léir go raibh sé mar mhian coitianta go mbeadh an Ghaeilge feiceálach ar chomharthaí an Stáit. Thug na hathruithe seo stádas éigin don Ghaeilge ar chomharthaíocht phoiblí an Stáit ach ní raibh aon bhonn dlíthiúil leis na hathruithe sin.

Tá sé de nós ag institiúidí rialtais in Éirinn ainmniúchán agus athainmniúchán a dhéanamh ar áiteanna (Nash, 1999) agus dhírigh an saothar seo isteach ar na h-institiúidí a raibh cúram na comharthaíochta Stáit orthu. Chuir Cumann na nGluaisteán comharthaí bóthair ar fáil ón mbliain 1912 ar aghaidh agus thosaigh siad ag tógáil comharthaí bóthair dátheangacha sa bhliain 1937. Bunaíodh Bord Fáilte

Éireann sa bhliain 1955 nuair a cuireadh cúraimí Fógra Fáilte agus Bord Fáilte le chéile go dlíthiúil. Tugtar Bord Fáilte ar Bord Fáilte Éireann níos minice ná a mhalairt agus thit cúram na comharthaíochta ar Bhord Fáilte i gcomhar leis na húdaráis áitiúla. Tháinig cúraimí na n-údaráis áitiúla faoi scáth na ranna rialtais go dtí gur bunaíodh an Roinn Iompair mar roinn inti féin sa bhliain 1977, agus as sin go dtí gur aistríodh an fhreagracht go dtí an Roinn Comhshaoil sa bhliain 1995. Tugadh cúram na comharthaíochta don Roinn Iompair arís sa bhliain 2002; athraíodh ainm na Roinne sin go dtí an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt sa bhliain 2011 agus is é Aire na Roinne sin a leagann síos na rialacháin faoi chomharthaíocht de réir na gcumhachtaí atá aige faoi na *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre* ó shin i leith. Titeann sé ar an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus ar na húdarás áitiúla na rialacháin sin a chur i bhfeidhm. Mar sin is iad na húdaráis áitiúla atá freagrach as tógáil agus cothabháil na gcomharthaí ar bhóithre áitiúla agus ar bhóithre réigiúnacha. Is é an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta atá freagrach as tógáil agus cothabháil na gcomharthaí ar bhóithre náisiúnta na tíre.

Leagtar síos teoracha maidir le feidhmiú polasaithe na n-údarás bóithre uilig thuasluaite sa *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta*. D'eisigh an Roinn Iompair leagan nua den *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta* sa bhliain 2010 agus tá sé ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne Iompair ón 3 Feabhra 2011. Ní foláir do na húdaráis bóthair tagairt a dhéanamh do na rialacháin atá leagtha amach sa *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta* maidir leis an Ghaeilge ar chomharthaíocht Stáit.

Léiríodh an difríocht idir ról an Choimisiúin Logainmneacha agus ról an Bhrainse Logainmneacha maidir leis an Ghaeilge ar chomharthaíocht Stáit. Thit an cúram taighde maidir le logainmneacha na tíre ar an gCoimisiún Logainmneacha nuair a bunaíodh é sa bhliain 1946. Mar gheall ar bhrú oibre agus ganntanas foirne oiriúnaí bunaíodh an Brainse Logainmneacha sa bhliain 1955. Athraíodh cúram taighde na Gaeilge ar chomharthaíocht an Stáit go dtí an Brainse Logainmneacha agus is amhlaidh atá an scéal ó shin i leith. Fágadh ról comhairliúcháin údarásach ag an gCoimisiún Logainmneacha agus thug an Coimisiún comhairle don Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta maidir le leaganacha Gaeilge de logainmneacha ar fud an Stáit. Cuireann an Brainse Logainmneacha fáilte roimh aon cheisteanna atá ag údaráis áitiúla atá in amhras faoi leagan Gaeilge d'ainm áite.

Cuireadh grianghraif ar fáil ó gach cearn den Stát chun samplaí de na saincheisteanna a thagann chun cinn maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit a léiriú. Bhí easpa comhsheasmhachta le feiceáil sna grianghraif uilig. Ba léir nach i gcónaí a chloíonn na húdaráis bóthair leis na hordúcháin atá déanta faoi Alt 95(16) den *Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961* ná leis na rialacháin atá déanta faoi Alt 9(1) d'*Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003*. Cé go gcuirtear acmhainní eolais an Bhrainse Logainmneacha ar fáil do na húdaráis bóithre chun leaganacha cruinne Gaeilge de logainmneacha a chur in airde ar

chomharthaíocht Stáit níl aon riachtanas dlíthiúil ar na húdaráis glacadh le moladh an Bhrainse ach amháin sna cásanna go bhfuil an logainm faoi chaibidil luaite in Ordú Logainmneacha cheana.

Toisc go dtiteann cúram na Gaeilge ar chomharthaíocht Staít ar na húdaráis áitiúla, ar an Roinn Iompair agus ar an Údarás um Bóithre Náisiúnta, níl aon dream ar leith díobh freagrach as na dualgais reachtúla chuí a chur i bhfeidhm. Is léir go bhfuil an córas mar atá mí-éifeachtach. In áit eile sa taighde seo déantar staidéar cuimsitheach ar dhearcadh na n-údarás bóthair maidir leis an nGaeilge ar chomharthaíocht Stáit. Tabharfaidh an cás-staidéar léargas dúinn ar dhearcadh agus ar thaithí údaráis bóthair amháin agus é ag plé le comharthaíocht stáit.

Caibidil 3: AN CUR CHUIGE TAIGHDE

3.1: Réamhrá

Is é ábhar an tráchtais seo polasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit. Mar a dúradh sa léirmheas litríochta titeann cúram na Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit ar na húdaráis áitiúla, ar an Roinn Iompair agus ar an Údarás um Bóithre Náisiúnta. Mar sin níl aon dream ar leith díobh freagrach as na dualgais reachtúla chuí a chur i bhfeidhm. Léiríodh i gCaibidil 2 go raibh laigí ag baint leis an gcur chuige seo agus gur deacair dá leithéid de chóras feidhmiú chun leasa an phobail agus leagan cruinn ceart don logainm a chur ar fáil ar chomharthaí. Is í aidhm na caibidle seo modhanna taighde a fhorbairt agus a chur i gcrích chun aidhm an staidéir seo a chomhlíonadh. Soiléirítear an sprioc taighde i dtús báire. Déantar cur síos ar na dearaí taighde éagsúla atá ar an bhfód i láthair na huaire a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun an cheist taighde a fhreagairt. Pléitear an cur chuige taighde agus an díospóireacht atá ann idir modhanna taighde cáilíochtúla agus modhanna taighde cainníochtúla. Tugtar léiriú ar an iliomad modh atá ann chun sonraí a bhailiú. Déantar cur síos ar na cúiseanna ar ar roghnaíodh modhanna taighde ar leith. Faightear léargas ar na heiticí taighde a bhaineann le hobair an taighdeora agus i ndeireadh báire déantar plé ar anailís na sonraí sin. Díreofar isteach ar an sprioc taighde anois.

3.2: An Sprioc Taighde


Is é an chéad chúram ar an té a théann i mbun taighde ná an sprioc taighde a chinntiú. Dá luaithe a shocraítear an sprioc is ea is luaithe a leagtar amach an tionscadal agus a roghnaítear na modhanna taighde cuí (Moore, 1987). Chuir an taighdeoir roimpi staidéar a dhéanamh ar pholasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht. Tháinig saincheistanna chun cinn as an léirmheas litríochta a rinneadh ar an réimse saothar atá foilsithe ar ghnéithe éagsúla den ábhar seo. Chun an cheist taighde a fhreagairt áfach ní mór cinneadh a dhéanamh maidir leis an dearadh taighde is cuí don tráchtas taighde seo. Bhain an taighdeoir úsáid as múnla Creswell agus Clark (2007) agus í ag déanamh plé ar na dearaí taighde éagsúla atá ar fáil sa lá atá inniu ann. Déanann Creswell agus Clark (2007) tagairt dá bhfuil ann de dhearaí a bhaineann le modhanna measctha taighde. Féachfar ar na dearaí taighde seo anois.

3.3: Dearadh Taighde

Is ionann an dearadh taighde agus an chreatlach nó an plean bunúsach a chuireann go mór leis an mbailiú sonraí agus leis an anailís a bhaineann leis an bpróiseas taighde (Creswell, 2003). Is iomaí dearadh taighde ann. Ina measc tá an dearadh triantánachta, an dearadh mínitheach, an dearadh leabaithe agus an dearadh taiscéalaíoch. Ní mór gach dearadh taighde a phlé maidir leis an dearadh is cuí don tráchtas taighde seo. Féachfar ar an dearadh triantánachta ar an gcéad dul síos.

3.3.1: Dearadh Triantánachta

Tugtar ‘triantánacht’ (Berg, 1998) ar an bhfeiniméan ina mbaintear úsáid as cur chuige taighde ilghnéitheach. Baintear úsáid as dearadh triantánachta atá comhreathach. Sa chás seo is iondúil go mbailítear sonraí cáilíochtúla agus sonraí cainníochtúla ag an am céanna (Creswell, 2003). Tugtar an tosaíocht chéanna do gach ceann den dá chur chuige taighde más féidir. Tagann na torthaí cainníochtúla agus torthaí cáilíochtúla le chéile sa chéim deiridh mar atá le feiceáil sa léaráid thíos:



Figióir 3.1: Dearadh Triantánachta bunaithe ar Creswell agus Clark (2007)


Cé gurb é seo an dearadh taighde is coitianta atá ann is é an dearadh is dúshlánaí é agus baineann buntáistí agus míbhuntáistí leis:

Dearadh Triantánachta	
Buntáistí	Míbhuntáistí
Ar eolas ag a lán taighdeoirí toisc go luíonn sé le ciall iomasach.	Ní mór go mbeadh saineolas ag an taighdeoir chun staidéar a dhéanamh ar aon fheiniméan amháin ag úsáid dhá mhodh taighde.
Bailítear sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla araon ag an gcéim taighde céanna.	Tá sé deacair anailís a dhéanamh ar thorthaí sonraí eolais atá bunaithe ar dhá mhodh taighde éagsúil.
Is féidir anailís neamhspleách a dhéanamh ar na sonraí éagsúla.	Bíonn deacrachtaí ann muna réitíonn na torthaí cainníochtúla agus na torthaí cáilíochtúla le chéile.

Tábla 3.1: Buntáistí agus Míbhuntáistí an Dearaidh Triantánachta bunaithe ar Creswell agus Clark (2007)

3.3.2: Dearadh Mínitheach

Tá dhá chéim ag baint leis an dearadh mínitheach. Is í aidhm an dearaidh seo go dtabharfaidh an t-eolas cáilíochtúil míniú ar na torthaí cainníochtúla (Creswell agus Clark, 2007). Bailítear an t-eolas cainníochtúil agus déantar anailís air i dtosach báire. Baineann an dara céim den dearadh leis an ngné cháilíochtúil den staidéar taighde. Eascraíonn an chéim cháilíochtúil as na torthaí cainníochtúla nó d'fhéadfaí a rá go bhfuil ceangal idir an chéim cháilíochtúil agus na torthaí cainníochtúla. Faightear léargas ar an dearadh mínitheach sa léaráid thíos:



Figióir 3. 2:Dearadh Mínitheach bunaithe ar Creswell agus Clark (2007)


Féachfar ar na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leis an dearadh seo anois:

Dearadh Mínitheach	
Buntáistí	Míbhuntáistí
Toisc go bhfuil struchtúr dhá-fhréamhach ag an dearadh seo is féidir leis an taighdeoir an taighde a dhéanamh ag amanna difriúla.	Tá tréimhse fhada de dhíth ionas gur féidir leis an taighdeoir an dá chéim den phróiseas taighde a chur i gcrích agus ní mór níos mó ama a chaitheamh leis an gcéim cháilíochtúil ná leis an gcéim chainníochtúil.
Is féidir an tuarascáil deiridh a scríobh don dá chéim. Dá réir sin faightear léargas soiléir ar an dá chéim.	Ní mór don taighdeoir cinneadh a dhéanamh maidir leis na rannpháirtithe, i.e. an mbainfear úsáid as na rannpháirtithe céanna don dá chéim nó an mbainfear úsáid as na rannpháirtithe ón sampla céanna don dá chéim?

Tábla 3.2: Buntáistí agus Míbhuntáistí an Dearaidh Mhínithigh bunaithe ar Creswell agus Clark (2007)

3.3.3: Dearadh Leabaithe

Faoin dearadh leabaithe bíonn an staidéar taighde bunaithe go príomha ar shonraí eolais áirithe agus baintear úsáid thánaisteach as sonraí eolais eile (Creswell agus Clark, 2007). Déantar é seo toisc nach leor aon tacar amháin díobh. Ní foláir ceisteanna difriúla a fhreagairt agus chuige seo ní foláir sonraí eolais difriúla a fháil. Baineann taighdeoirí úsáid as an dearadh taighde seo nuair is gá sonraí cáilíochtúla a chur san áireamh chun ceist taighde i staidéar cainníochtúil a fhreagairt, nó a mhalairt. Tá múnla amháin den dearadh taighde le feiceáil sa léaráid thíos:



Figiúir 3.3: Dearadh Leabaithe bunaithe ar Creswell agus Clark (2007)


Is iad seo a leanas na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leis an dearadh taighde seo:

Dearadh Leabaithe	
Buntáistí	Míbhuntáistí
Ní gá don taighdeoir níos mó ama a chaitheamh le bailiú sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla toisc go dtugtar tosaíocht do cheann amháin díobh.	De bharr go mbaintear úsáid as dá chur chuige difriúil chun ceisteanna taighde difriúla a fhreagairt bíonn sé deacair uaireanta torthaí an dá chur chuige a réiteach le chéile.
Bíonn an dearadh taighde seo níos fearr do mhic léinn ar bhonn lóistíochúil toisc nach mbíonn an t-eolas céanna de dhíth do gach cur chuige.	Is beag sampla praiticiúil nó ábhar scríbhneoireachta ar fáil faoi shonraí cainníochtúla leabaithe.

Tábla 3.3: Buntáistí agus Míbhuntáistí an Dearaidh Leabaithe bunaithe ar Creswell agus Clark (2007)

3.3.4: Dearadh Taiscéalaíoch

Tá an dearadh taiscéalaíoch dhá-fhréamhach. Baintear úsáid as an dearadh taighde seo nuair nach ann do thaighde sásúil maidir le hábhar áirithe agus nach mór léargas níos doimhne a fháil chun tuilleadh taighde a dhéanamh. Dar le Creswell (2003) ba mhaith leis an taighdeoir éisteacht leis na rannpháirtithe sa staidéar chun tuiscint ar a gcuid tuairimí a fháil. Ní mór é seo a dhéanamh go háirithe nuair nach bhfuil mórán ábhar scríbhneoireachta ar fáil ar an ábhar nó ar na daoine atá faoi chaibidil. Cuireann na torthaí a thagann chun solais sa chéad chéim den taighde go mór le taighde an dara céim. Déantar taighde cáilíochtúil ar ábhar áirithe sa chéad chéim agus sa dara céim déantar forbairt chainníochtúil ar na téamaí a thagann chun cinn (Creswell agus Clark, 2007).



Figiúr 3.4: Dearadh Taiscéalaíoch bunaithe ar Creswell agus Clark (2007)

Ní foláir féachaint ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis an dearadh taiscéalaíoch anois:

Dearadh Taiscéalaíoch	
Buntáistí	Míbhuntáistí
Toisc go mbaineann céimeanna soiléir leis an dearadh taighde seo is fusa don taighdeoir cur síos a dhéanamh air, é a chur i bhfeidhm agus tuairisc a dhéanamh dá réir.	Ní mór tréimhse ama fhada a chur i leataobh chun na céimeanna taighde éagsúla a chur i bhfeidhm.
Cuirtear béim níos láidre ar an ngné cháilíochtúil agus téann sé seo i bhfeidhm ar thaighdeoirí a bhaineann úsáid as taighde cainníochtúil níos minice ná a mhalairt.	Ní mór don taighdeoir cinneadh a dhéanamh maidir leis na rannpháirtithe, i.e. an mbainfear úsáid as na rannpháirtithe céanna don chéim cháilíochtúil agus don chéim chainníochtúil araon.

Tábla 3.4: Buntáistí agus Míbhuntáistí an Dearaidh Taiscéalaíoch bunaithe ar Creswell agus Clark (2007)

Baintear úsáid as dhá chineál chur chuige taighde sna dearaí taighde thuasluaite uile, mar atá taighde cáilíochtúil agus taighde cainníochtúil. Pléifear an dá chur chuige taighde seo sa chéad mhír eile.

3.4: An Cur Chuige Taighde

Ní mór brí agus ábharthacht gach cur chuige taighde ar leith a mheá i gcomhthéacs an staidéir taighde seo. Is mar seo a thiocfar ar an gcur chuige taighde is cuí. Eascraíonn an taighde cainníochtúil as fealsúnacht iarphearsaitibheach (Creswell, 2003) agus baintear úsáid as chun mothúcháin, smaointe agus gníomhaíochtaí líon áirithe duine a mheas. Úsáidtear turgnaimh agus suirbhéanna chun sonraí a bhailiú agus faightear sonraí staitistiúla dá réir (Creswell, 2003). Tá an taighde cáilíochtúil bunaithe ar pheirspictíochtaí tógachaíocha (Creswell, 2003) agus baineann sé le tuiscint ar fhadhb shóisialta nó ar fhadhb dhaonna a eascraíonn as tuairimí na ndaoine a ghlacann páirt sa staidéar (Creswell, 1994); i mbeagán focal féadtar a rá go mbaineann an cur chuige taighde seo a bheag nó a mhór leis an mbrí agus leis an tuiscint a bhaineann an duine féin as an ábhar (Denscombe, 2002). Sa taighde cáilíochtúil baintear úsáid as cás-staidéir, scéalta agus agallaimh chun sonraí a bhailiú. Tá na difríochtaí idir

taighde cáilíochtúil agus taighde cainníochtúil sa tábla thíos bunaithe ar eolas ó shaineolaithe i réimsí taighde difriúla. Tá an t-eolas seo ar fáil ar shuíomh idirlín Experiment-Resources:

Difríochtaí maidir le:	Taighde Cáilíochtúil	Taighde Cainníochtúil
<i>Sprioc nó aidhm an taighde</i>	Cuirtear cur síos iomlán, cruinn ar ábhar an staidéir ar fáil.	Cuirtear staitisticí agus figiúirí ar fáil chun scrúduithe an taighdeora ar ábhar an taighde a léiriú
<i>Cur Chuige</i>	Staidéar suibíachtúil a bhíonn i gceist. Bíonn sé mar aidhm ag an taighdeoir iompraíocht daoine, agus na cúiseanna atá leis an iompraíocht sin, a thuiscint.	Staidéar oibiachtúil a bhíonn i gceist. Úsáidtear tomhais chruinne chun an cheist taighde a fhreagairt.
<i>Uirlisí Bailithe Sonraí</i>	Baintear úsáid as na straitéisí bailithe sonraí seo a leanas: agallaimh struchtúrtha agus leathstruchtúrtha; grúpaí fócais; anailís scéalta, anailís ábhair agus anailís faisnéise; breathnóireacht rannpháirteach; agus taighde cartlainne.	Baintear úsáid as na straitéisí bailithe sonraí seo a leanas: ceistneoirí, suirbhéanna agus uirlisí eile chun sonraí uimhriúla a bhailiú.
<i>Cineál Sonraí</i>	Cuirtear sonraí taighde ó thionscadal cáilíochtúil in iúl i bhfoirm focal (agallaimh) agus íomhánna (físteipeanna) nó oibiachtaí (déantáin).	Baintear úsáid as uimhreacha (táblaí) agus staitisticí chun sonraí taighde ó thionscadal cainníochtúil a chur in iúl.
<i>Úsáid</i>	Tá taighde cáilíochtúil níos oiriúnaí do na céimeanna is luaithe de thionscadail taighde	Tá taighde cainníochtúil níos oiriúnaí do na céimeanna is déanaí de thionscadail taighde.

Tábla 3.5: Na Difríochtaí idir taighde Cáilíochtúil agus taighde Cainníochtúil bunaithe ar Experiment-Resources

Cé go bhfuil eagsúlachtaí idir an cur chuige cáilíochtúil agus an cur chuige cainníochtúil tá an dá chur chuige úsáideach don taighdeoir. Chinn an taighdeoir ar úsáid a bhaint as uirlisí taighde cainníochtúla agus cáilíochtúla araon chun aidhmeanna an staidéir taighde seo a chomhlíonadh.

Is gléas taighde tairbheach é úsáid a bhaint as taighde cáilíochtúil agus taighde cainníochtúil in éineacht. Tugtar an ‘modh measctha’ ar an gcur chuige seo. Déanann Tashakorri agus Teddlie cur síos cuimsitheach ar an modh seo:

a type of research design in which QUAL and QUAN approaches are used in types of questions, research methods, data collection and analysis procedures and/or inferences.

(Tashakorri agus Teddlie, 2003)

Ní cur chuige nua é torthaí taighde cáilíochtúla a chur in iúl taobh le sonraí cainníochtúla (Quinn Patton, 2002). Ní foláir úsáid a bhaint as na huirlisí taighde is feiliúnaí chun ceistanna an staidéir a fhreagairt, mar a chuireann Tashakorri agus Teddlie in iúl:

Mixed methodologies present an alternative to the QUAN and QUAL traditions by advocating the use of whatever methodological tools are required to answer the research questions under study.

(Tashakorri agus Teddlie, 2003)

Mar sin aontaítear go forleathan go bhfaightear torthaí níos cuimsithí agus níos iomláine má théitear i mbun cur chuige taighde dhá-fhréamhach (Berg, 1998). Tabharfar aghaidh ar na modhanna bailithe sonraí taighde anois.

3.5: Bailiú Sonraí

Tá beartaithe go mbainfear úsáid as straitéisí cainníochtúla agus straitéisí cáilíochtúla araon chun sonraí a bhailiú, cur chuige a sholáthraíonn réimse peirspictíochtaí (White, 2000). Is iomaí straitéis atá ann chun sonraí a bhailiú. Baintear úsáid as agallaimh struchtúrtha agus leathstruchtúrtha, grúpaí fócais, anailís scéalta, anailís ábhair agus anailís faisnéise mar uirlisí bailithe sonraí i gcás taighde cáilíochtúil. Sa tráchtas seo baintear úsáid as achtanna agus ionstraimí reachtúla, grianghraif, agallamh leathstruchtúrtha agus cás-staidéar mar straitéisí cáilíochtúla taighde chun sonraí a bhailiú.

I gcás straitéis chainníochtúil cuirtear béim ar thomhas agus ar thástáil agus cuirtear na torthaí in iúl i bhfoirm uimhreacha amháin (White, 2000). Chuige seo úsáidtear suirbhéanna agus turgnaimh chun an straitéis chainníochtúil a chomhlíonadh. Is straitéis chainníochtúil go príomh a úsáidtear sa cheistneoir. Mar sin bailíonn an taighdeoir sonraí cruinne trí mheán nósanna imeachta difriúla a bhaineann le bailiú sonraí thar tréimhse ama áirithe (Stake, 1995). Sa tráchtas taighde seo baintear úsáid as achtanna agus ionstraimí reachtúla, grianghraif, cás-staidéar, agallamh agus ceistneoir.

3.5.1: Achtanna agus Ionstraimí Reachtúla

Is í an fhianaise cháipéiseach an fhoirm is coitianta de shonraí cáilíochtúla (Gibb, 2007). Rinneadh mionscrúdú ar an reachtaíocht atá ann i dtaobh pholasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht ó bhunú Saorstát Éireann. Léiríodh an ról lárnach a bhí ag reachtaíocht an Stáit chun feidhm dlí a thabhairt don chomharthaíocht dhátheangach agus do stádas na Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit anuas go dtí an lá atá inniu ann. D'aimsigh an taighdeoir 33 Acht agus 9 nIonstraim Reachtúil ón mbliain 1922 i leith a bhaineann go lárnach leis an gceist taighde. Tá tábhacht faoi leith ag baint leis na bpíosaí reachtaíochta seo a leanas:

- *Na Rialacháin um Chomharthaí Bóthair agus Soilse Tráchta (Uimhir 55 de 1926)* toisc gur tugadh an t-aitheantas céanna don leagan Gaeilge agus a tugadh don leagan Béarla ar chomharthaí Stáit.
- *An tAcht Iompair, 1950 (Uimhir 12 de 1950)* toisc go raibh foráil dhíreach ann a chuir dualgas ar Chóras Iompair Éireann a gcuid comharthaíochta buaine ar fad a bheith i nGaeilge nó dátheangach.
- *An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1952 (Uimhir 15 de 1952)* toisc gur cuireadh dualgas ar Bhord Fáilte comharthaí faisnéise a chur ar fáil do na húdaráis áitiúla.
- *An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 (Uimhir 24 de 1961)* toisc gur treisíodh cás na Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit agus tugadh feidhm do chomharthaíocht dhátheangach ar chomharthaí bóthair.
- *An tAcht Logainmneacha (Foirmeacha Gaeilge) (Uimhir 24 de 1973)* toisc gur cuireadh bonn iomlán dlí faoi leaganacha Gaeilge de logainmneacha na tíre.
- *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* toisc gur tugadh cumhacht don Aire faoi Alt 32 orduithe logainmneacha a eisiúint chun leaganacha Gaeilge de logainmneacha a chinntiú tar éis comhairle a fháil ón gCoimisiún Logainmneacha.
- *Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Alt 9) 2008* toisc gur cuireadh dualgas ar chomhlachtaí poiblí úsáid a bhaint as an leagan oifigiúil d'aon logainm atá clúdaithe in Ordú Logainmneacha.

Déanfar mionphlé ar thionchar na bpíosaí reachtaíochta seo mar aon le reachtaíocht ábhartha eile sa chaibidil anailíse. Baineadh úsáid as ghrianghraif freisin chun sonraí a bhailiú.

3.5.2: Grianghraif

Ar na modhanna cáilíochtúla chun sonraí a bhailiú, tá ábhair closamhairc lena n-áirítear grianghraif, réadú ealaíne agus fístéipeanna (Creswell, 2003). Cuireann grianghraif go mór le suim an léitheora san ábhar — dar le Bell agus Bryman (2007) ní gá go mbeadh na grianghraif uilig glactha ag an taighdeoir — agus faightear eolas úsáideach ó ghrianghraif nach dtagann chun cinn san agallamh. Pléadh na saincheisteanna maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit atá léirithe i roinnt grianghraif shamplacha éagsúla sa léirmheas litríochta. Ghlac an taighdeoir tuilleadh grianghraif le linn an phróisis taighde agus déanfar tuilleadh forbartha ar na saincheisteanna a bhaineann leis an gcur chuige seo sa chéad chaibidil eile.

3.5.3: An Cás-Staidéar

Socraíodh go mbainfeadh an taighdeoir úsáid as cás-staidéar mar straitéis taighde cháilíochtúil. Dar le Hussey agus Hussey (1997) is aonad anailíse amháin é an cás-staideár lena n-áirítear comhlacht, grúpa oibrithe, éacht, próiseas nó an duine aonair. Chun aidhmeanna an tráchtais taighde seo a chomhlíonadh socraíodh ar chás-staidéar a dhéanamh ar chathair na Gaillimhe chun dearcadh údarais bóthair amháin maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit a aimsiú agus a mheas.

Ní mór na cúiseanna le roghnú chathair na Gaillimhe a scrúdú anois. Féachtar ar chathair na Gaillimhe mar chathair dháttheangach agus is mar sin a gcuirtear in iúl í don phobal agus do thurasóirí araon. Ní smaoineamh gan fhianaise é seo. Sa bhliain 2006 choimisiúnaigh Gaillimh le Gaeilge, i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, tuarascáil taighde dar teideal ‘Staidéar Taiscéalaíoch ar an Dáttheangachas i gCathair na Gaillimhe’. Tháinig sé chun solais sa staidéar taighde sin gur cheap 90% duine (as 492 duine) go raibh sé riachtanach go mbeadh an dá theanga le feiceáil go soiléir sa chathair, agus cheap 74% duine (as an 492) go raibh sé seo tábhachtach nó an-tábhachtach (Gaillimh le Gaeilge, 2006). Ina theannta sin tá 99% de na heastáit tithíochta i gcathair na Gaillimhe ainmnithe i nGaeilge inniu (www.gleg.ie). Léirigh staitisticí na tuarascála seo go bhfuil baint láidir ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Gaillimh le Gaeilge leis an nGaeilge ar chomharthaíocht na cathrach.

3.5.4: Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Socraíodh mar chuid den chás-staidéar féachaint ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar na cúiseanna seo a leanas:

- 1) tagann cúram na Gaeilge ar chomharthaíocht sa chathair faoi bhráid na Rannóige Iompair, Bonneagair, Áineasa agus Conláistí sa Chomhairle; agus
- 2) ghlac Comhairle Cathrach na Gaillimhe páirt sa Togra Sráidainmneacha idir 2006 agus 2008

Scéim caighdeánaithe sráidainmneacha Gaeilge a bhí sa Togra Sráidainmneacha 2006 –2008, a chéadcheap An Post agus an tSuirbhéireacht Ordanáis. Bhí páirtíocht idir an dá eagraíocht seo ó thaobh na sráidainmneacha de, mar sna bailte móra agus sna cathracha is minic ainm sráide nó ainm ceantar tithíochta (a thagann faoi chúram na Suirbhéireachta Ordanáis ina ainm ar oifig phoist (atá faoi chúram An Phoist) (Ó Maolfabhail, 1988). Bhí gréasán cruthaithe acu de sheoltaí uilig na tíre agus theastaigh uathu leaganacha Gaeilge de na seoltaí seo, na sráidainmneacha go háirithe, a réiteach faoin mbliain 2008. Iarradh ar na húdaráis áitiúla na liostaí sráidainmneacha a tháinig faoina gcúram ag an am sin a sheoladh chuig an Brainse Logainmneacha. Ba é sin an t-aon choinníoll amháin a leagadh síos do na húdaráis áitiúla. Dheineadh an Brainse Logainmneacha an taighde cuí ar na sráidainmneacha sin agus chuir na leaganacha údarásacha caighdeánaithe ar ais chuig an t-údarás áitiúil ansin. Cé nach raibh aon táille i gceist leis an tseirbhís seo níor ghlac ach ceithre chomhairle dhéag páirt sa Togra Sráidainmneacha. Idir 2006 agus 2008 socraíodh 14,898 leaganacha caighdeánaithe de shráidainmneacha (An Brainse Logainmneacha, 2008). Bhí Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar cheann de na húdaráis áitiúla a ghlac páirt sa togra. Chuir an taighdeoir roimpi a fháil amach an gcloíonn nó nach gcloíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe go docht leis na dualgais atá leagtha amach i dtaobh sráidainmneacha agus an Ghaeilge ar chomharthaíocht na cathrach. Gus iad ag trácht ar nósmaireachtaí oibre in eagraíochtaí go ginearalta tugann Bradley agus Wilke (1974) le fios nach ndéanann fostaithe nó baill den eagraíocht cinní as a stuaim féin. Feidhmíonn siad de réir na riachtanais eagrúcháin a chuirtear orthu. Cloíonn siad le horduithe, rialacha agus na dualgais a thagann faoina gcúraimí. Mar sin díríodh ar fheidhmiú na reachtaíochta i dtaobh na Gaeilge ar chomharthaíocht i gcathair na Gaillimhe ó 2006 go dtí 2011 i gComhairle Cathrach na Gaillimhe. Pléifear ról Gaillimh le Gaeilge sa chéad mhír eile.

3.5.5: Gaillimh le Gaeilge

Leis an gcás-staidéar seo ar chathair na Gaillimhe ba mhian leis an taighdeoir a léiriú go bhfuil baint ag Gaillimh le Gaeilge le feiceálacht na Gaeilge sa chathair (mar a thugann teideal na heagraíochta féin le fios) freisin. Is é misean Ghaillimh le Gaeilge ó bunaíodh é sa bhliain 1987 ná an Ghaeilge a

chur chun cinn i nGaillimh ionas go mbeidh an Ghaeilge á húsáid mar ghnáth-theanga sa chathair; mar chuid den chúram sin, díríonn an grúpa; ‘ar an méid Gaeilge scríofa atá le feiceáil ar fud na cathrach a mhéadú agus cuirtear sin i gcrích trí sheirbhísí aistriúcháin, agus trí thacaíocht ghinearálta a chur ar fáil chun cur ar chumas an phobail ghnó comharthaí, cinnlitreacha, biachláir dhátteangacha srl., a fhorbairt.’ (www.gleg.ie)

Rinneadh tagairt soiléir sa ráiteas seo do phríomhfhócas na heagraíochta, sé sin go mbeadh an Ghaeilge le feiceáil fud fad na cathrach. Cuirtear comharthaíocht san áireamh anseo freisin agus tá Coiste Logainmneacha ag an eagraíocht a fhéachann i ndiaidh na bhfoirmeacha Gaeilge de logainmneacha de réir mar a bhíonn siad ag teastáil le haghaidh na gcomharthaí. Is é seo an ról is tábhachtaí dá bhfuil ag Gaillimh le Gaeilge ó thaobh aidhmeanna an tráchtais seo de.

Leis an mborradh eacnamaíochta in Éirinn sna 1990idí suas go dtí lár na 2000idí tháinig fás as cuimse ar líon na n-eastát tithíochta nua a bhí á dtógáil i gcathair na Gaillimhe. D’aithin Gaillimh le Gaeilge go raibh ainmneacha á mbaisteadh ar éastáit tithíochta sa chathair nach raibh baint dá laghad acu le stair an cheantair ná le tírdhreach na sráide (Mac Mathúna, 1992), agus dá bharr sin go raibh géarghá le hainmneacha a chur ar fáil a mbeadh lucht cónaithe bródúil astu agus a mbeadh meas orthu ag na glúinte a bhí le teacht (Gaillimh le Gaeilge, 2011). Chuige seo chuaigh Gaillimh le Gaeilge i dteagmháil le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun Coiste Logainmneacha a bhunú. Fuarthas tacaíocht ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus bunaíodh an Coiste Logainmneacha sa bhliain 1992 chun dul i ngleic leis an bhfadhb ar ar thug iar-Aire sa Roinn Chomhshaoil an “Tuscany Downs Syndrome” – ainmneacha eastáit nach mbíonn aon bhaint acu leis an timpealleacht, le stair na háite nó le teanga na háite, e.g. “Tuscany Downs” (An Coiste Logainmneacha, Comhairle Cathrach na Gaillimhe). Is iad seo a leanas na baill a bhí ar an chéad dream ar an gCoiste Logainmneacha sa bhliain 1992:

An tOllamh Pádraig Mac Enrí

Cathaoirleach

Niall Ó Murchadha

Príomh-Oide, Scoil Iognáid

Máire Mhic Uidhir

Feidhmeannach Gaillimh le Gaeilge

Ré Ó Laighléis

Scríbhneoir

Breannán Ó Suilleabhain

An Roinn Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta

Seán Breathnach

An Post

Ba í aidhm an Choiste Logainmneacha ná ainmneacha oiriúnacha Gaeilge a sholáthar do thógálaithe eastát tithíochta nua sa chathair (www.gleg.ie). Is iad seo a leanas na baill a bhí ar an gCoiste Logainmneacha sa bhliain 2012:

Christy Kelly	Iar-Phríomhtheicneoir, Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Séamas Ó Gráda	Iar-Fhostaí, An Post
An Comhairleoir John Mulholland	Iar-Chomhairleoir, Comhairle Cathrach na Gaillimhe
An Comhairleoir Tom Costello	Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Peadar O'Dowd	Staráí
An Dr. Nollaig Ó Muraíle	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Breannán Ó Súilleabháin	Iar-Oifigeach ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta
Jim Higgins	Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Ailish Rohan	Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Séamas Mac Coitir	Gleann na Coille
Bríd Ní Chonghóile	Gaillimh le Gaeilge

Mar is soiléir ón liosta seo bhí daoine ilghnéitheacha ar an gCoiste Logainmneacha seo a raibh saineolas cuimsitheach ábhartha acu ar chathair na Gaillimhe . Ina measc bhí staraithe áitiúla; oifigeach oidhreacht; ionadaithe ó An Post, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, agus An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus saineolaithe logainmneacha. Mholadh na baill ainmneacha Gaeilge d'eastát tithíochta atá sothuigthe agus simplí ionas go mbeidh daoine nach bhfuil an Ghaeilge acu in ann iad a fhuaimniú freisin. Tá an Coiste fós ann ach níl siad ag feidhmiú ó tharla nach bhfuil aon tógáil ar siúl sa chathair.

Mar sin féin baineann tábhacht le Gaillimh le Gaeilge. Tá tionchar ag Coiste Logainmneacha na heagraíochta seo maidir leis an bpolasaí Stáit i dtaobh Gaeilge ar chomharthaí sa chathair. Chuige seo bhí duine ón gCoiste in ann duine cuí i gComhairle Cathrach na Gaillimhe a mholadh don taighdeoir. Ba é sin an t-innealtóir sinsearach sa Rannóg Iompair, Bonneagair, Áineasa agus Conláistí laistigh de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Cuireadh an t-innealtóir sinsearach faoi agallamh bunaithe ar cheistneoir a chuir an taighdeoir i dtoll a chéile. Tráchtfar ar an agallamh sa chéad mhír eile.

3.5.6: An tAgallamh

Bhain an taighdeoir úsáid as an agallamh, ceann de na modhanna taighde cáilíochtúla. Dar le Oppenheim (1966) bíonn triúr páirteach san agallamh, mar atá an freagróir, an t-agallóir agus an sceideal agallaimh nó an ceistneoir. Is uirlis thaighde úsáideach í an t-agallamh toisc gur féidir léargas domhain a fháil ar ábhar ar leith ó fhreagróir(i) speisialta. Níorbh fholáir don taighdeoir a choinneáil i gcuimhne go mbaineann buntáistí agus míbhuntáistí leis an bpróiseas céanna. Déanann de Búrca cur síos cuimsitheach ar na buntáistí a bhaineann le hagallamh:

Buntáiste amháin a bhaineann leis an gcur chuige seo ná go mbíonn an taighdeoir in ann ceisteanna a phlé go domhain, rud nach fíor faoin gceistneoir, agus sa mhullach ar sin, ceisteanna timpeall ar an ábhar a phlé, rud a thugann léargas i bhfad níos leithne ar chúrsaí ná mar a thugann ceistneoir lom.

(De Búrca, 2008, 37)

Rinneadh cinneadh agallamh a chur ar ionadaí ó eagraíocht ábhartha atá bainteach le comharthaíocht Chathair na Gaillimhe. Ba iad seo príomhchuspóirí an agallaimh:

- Léargas a fháil ar dhearcadh na bhfreagróirí faoin ábhar a bhí faoi chaibidil
- Léargas praiticiúil a fháil ar dhearcadh na bhfreagróirí faoin ról atá acu féin agus ag na heagraíochtaí lena mbaineann siad ag soláthar comharthaíocht i nGaeilge i gcathair na Gaillimhe

Agus an méid uilig thuasluaite curtha san áireamh chinn an taighdeoir ar úsáid a bhaint as agallamh leathstruchtúrtha chun aidhmeanna an tráchtais seo a chomhlíonadh. Baintear úsáid as agallamh leathstruchtúrtha nuair a bhíonn dóthain eolais ag an taighdeoir faoin ábhar atá faoi chaibidil chun ceisteanna a cheapadh. Cuirtear na ceisteanna céanna ar gach rannpháirtí san ord céanna, ach is féidir leis an taighdeoir ceisteanna tóraíochta a chur ar an bhfreagróir freisin (Morse J.M. agus Niehaus, 2009), rud a rinne an taighdeoir sa chás seo. Cé nach bhfaightear mórán freagraí sásúla ar cheisteanna tóraíochta i gceistneoirí (Hague, 1993) is mór an buntáiste é gur féidir tuilleadh eolais a fháil má bhaintear úsáid as ceisteanna tóraíochta sa phróiseas agallaimh (Moore, 1987). Sa chaoi seo baineann solúbthacht faoi leith leis an agallamh, agus is féidir leis an taighdeoir ceisteanna a chur ar shúile an fhreagróra ar mhodh soiléir, sothuigthe.

Míbhuntáiste amháin a théann leis an bpróiseas agallaimh is ea go mbíonn sé deacair anailís a dhéanamh ar an eolas a bhailítear (Moore, 1987). Chomh maith leis sin ní mór féachaint chuige go mbíonn comhsheasmhacht leanúnach san agallamh (Moore, 1987). Mar sin socraíodh go mbainfí

úsáid as ceistneoir toisc go gcuireann an cur chuige go mór le struchtúr an agallaimh (Hague, 1993). Déanfar plé ar an nasc idir ceistneoir agus agallamh anois.

3.5.7: An Ceistneoir

Beartaíodh ar an gceistneoir a roghnú mar mhodh chainníochtúil bailithe sonraí don tráchtas taighde seo. Bhain an taighdeoir leas as ceistneoir amháin chun léargas a fháil ar an eolas a bhí de dhíth agus chun struchtúr a chur ar a cuid smaointe. Is éard atá i gceist le ceistneoir ná liosta ceisteanna atá ullmhaithe ag an taighdeoir (Rugg agus Petre, 2007). Is áis riachtanach é an ceistneoir chun aidhmeanna an agallaimh a chomhlíonadh dar le McCracken (1988).

Bunaíodh na ceisteanna sa cheistneoir ar eolas agus ar thaithí phearsanta an údair i dtaobh na Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit. Bíonn ról tábhachtach ag eolas neamhfhoirmiúil agus taithí phearsanta an taighdeora i gcumadh na gceisteanna i suirbhé agus bíonn tionchar acu ar na torthaí (Converse agus Presser, 1986). Chinn an taighdeoir ar úsáid a bhaint as ceistneoir leathstruchtúrtha mar seo toisc gur mó solúbthacht a bhaineann leis an gceistneoir seo ná mar a bhaineann le ceistneoir struchtúrtha. Mar sin tá meascán de cheisteanna iata agus ceisteanna oscailte le fáil sa cheistneoir don taighde seo. Chomh maith leis sin tugtar deis don taighdeoir úsáid a bhaint as ceisteanna tóraíochta chun na cúiseanna taobh thiar d'fhreagraí áirithe a aimsiú (Hague, 1993). Tugtar freagraí teoranta ar cheisteanna iata. Ní féidir ach 'sea' nó 'ní hea' a thabhairt ar cheisteanna iata an chuid is mó den am (Rugg agus Petre, 2007). Is é a mhalairt atá fíor i gcás na gceisteanna oscailte. Tréith thábhachtach eile a bhaineann leis an gceistneoir is ea ord na gceisteanna (Hague, 1993) toisc go dtugtar deis don fhreagróir dul i dtaithí ar fhreagraí a thabhairt ar cheisteanna ar dtús, rud a chuireann ar chumas an fhreagróra freagraí níos cuimsithí a thabhairt ar cheisteanna níos casta níos déanaí (Hague, 1993). Dá bharr sin cuireadh béim níos láidre ar ghnéithe áirithe sa cheistneoir. Ceapadh níos mó ná fiche ceist, iad uilig curtha ar phár faoi cheannteidil áirithe. Tá cúig cheannteideal ann, mar atá 'Ceisteanna Ginearálta', 'Na Céimeanna Oibre', 'Stair na Comharthaíochta Dáttheangai', 'Comharthaíocht Dháttheangach sa lá atá inniu ann' agus 'Sráidainmneacha'. Mar shampla, baineadh úsáid as na ceisteanna seo nuair a cuireadh an t-Innealtóir Sinsearach sa Rannóg Iompair, Bonneagair, Áineasa agus Conláistí i gComhairle Cathrach na Gaillimhe faoi agallamh. Chuir an taighdeoir leagan Gaeilge agus leagan Béarla den cheistneoir i dtoll a chéile. Seoladh an leagan Béarla den cheistneoir chuig an Innealtóir Sinsearach i gComhairle Cathrach na Gaillimhe thart ar choicís roimh dháta an agallaimh. Lasmuigh den mhéid seo baineann tábhacht faoi leith leis an sampla taighde.

3.6: Sampla Taighde

Bhain an taighdeoir úsáid as sampláil bhreithiúnais chun aidhmeanna taighde an tráchtais seo a chomhlíonadh. Bíonn sprioc ag an té a théann i mbun sampláil bhreithiúnais sonraí a bhailiú ó ghrúpa amháin nó ó ghrúpaí speisialta. Ag tógáil an méid thuasluaite san áireamh, cinneadh go ndéanfaí sampláil ar dhuine amháin ó eagraíocht faoi leith. Roghnaíodh Comhairle Cathrach na Gaillimhe toisc go ndéileálann an eagraíocht seo le hábhar na comharthaíochta go rialta ar bhonn praiticiúil. Is sampla beag é seo ach baintear úsáid as sampla beag go minic i gcás sonraí cáilíochtúla (Denscombe, 2003).

Chuir seo bhain an taighdeoir úsáid as sampla breisitheach. Tagann sampla breisitheach faoi bhráid na samplála breithiúnais. Is ionann sampla breisitheach agus duine a aimsiú a bhíonn oiriúnach don staidéar taighde idir lámha (www.socialresearchmethods.net). Is próiseas é seo ina mbíonn an taighdeoir ag súil go mbeadh an chéad duine seo in ann daoine eile in eagraíochtaí ábhartha eile a mholadh (Hussey agus Hussey, 1997). Sa chaoi seo d'éirigh leis an taighdeoir an duine cuí a aimsiú i gComhairle Cathrach na Gaillimhe mar gheall ar chabhair ó dhuine in Gaillimh le Gaeilge. Sular tugadh faoin bpróiseas taighde seo áfach níorbh fholáir don taighdeoir aird a dhíriú ar na heitici a bhaineann leis an bpróiseas taighde.

3.7: Eitici Taighde

De réir mar a dhruideann an taighdeoir i dtreo an phróisis bhailithe ní mór di muinín faoi leith a bheith aici as na rannpháirtithe mar aon leis an suíomh taighde. Is iomaí ceist eiticiúil a thagann chun solais le linn na céime taighde seo (Creswell, 2003). Chuir seo bhí sé tabhachtach gur cuireadh rannpháirtithe ar an eolas maidir leis an gcur chuige a bhí ag an taighdeoir maidir le rúndacht, ó thaobh toiliú de agus ó thaobh rannpháirtíocht dheonach sa staidéar taighde. Níorbh fholáir don taighdeoir cloí le prionsabail eiticiúla áirithe.

3.8: Prionsabail Eiticiúla

Chloígh an taighdeoir leis na prionsabail eiticiúla atá leagtha amach ag Bell agus Bryman (2007) chun na dualgais eiticiúla maidir leis an tráchtas taighde seo a chomhlíonadh. Níorbh fholáir don taighdeoir na ceistanna eiticiúla seo a leanas a choinneáil i gcuimhne agus í i mbun oibre taighde;

- an ndéantar díobháil do na rannpháirtithe sa staidéar taighde?
- ar chuir an taighdeoir aon eolas ábhartha ar shuíle an rannpháirtí sular tosaíodh an próiseas taighde?
- an bhfuil sárú príobháideachta ann?

- an bhfuil dallmullóg ann?

Déanfar scrúdú ar na ceisteanna seo i gcomhthéacs an tráchtas taighde seo anois.

3.8.1: Díobháil do na rannpháirtithe

Ní féidir glacadh le taighde ar bith a dhéanann díobháil do na rannpháirtithe. Is iomaí gné díobhála atá ann, e.g. díobháil fisiceach; díobháil do fhorbairt nó do féinmheas an rannpháirtí; strus; díobháil d'ionchais ghairme nó fostaíocht sa todhchaí (Bell agus Bryman, 2007). Dar leis an *Code of Ethical Conduct* de chuid an Academy of Management ní mór don taighdeoir a chinntiú nach ndéantar aon díobháil do rannpháirtithe le linn an phróisis taighde. Chomh maith leis sin cuirtear béim sa *Code of Ethical Conduct* céanna ar an tábhacht a bhaineann le rúndacht taifead. Chuige seo ní mór aitheantas agus taifid an duine agus na heagraíochta atá páirteach sa staidéar taighde a choinneáil faoi rún (Bell agus Bryman, 2007). Ní raibh sé ar intinn ag an taighdeoir seo sonraí pearsanta an fhreagróra a chur i mbaol.

3.8.2: Eolas ábhartha ag na rannpháirtithe roimh ré

Faoin bprionsabal seo tugtar a oiread eolais agus is féidir don rannpháirtí ionchasach ionas gur féidir leis/léi cinneadh feasach a dhéanamh maidir lena rannpháirteachas sa staidéar taighde (Bell agus Bryman, 2007). Má bhaintear úsáid as teicnící breathnaitheacha nó trealamh taifeadta ní mór don taighdeoir é seo a chur in iúl don rannpháirtí ag tús an agallaimh, de réir *Code of Ethical Conduct* an Academy of Management. Bhain an taighdeoir seo úsáid as deachtafón le linn an phróisis agallaimh agus fuarthas cead ón rannpháirtí é sin a dhéanamh. Níor baineadh aon úsáid as teicnící breathnaitheacha.

3.8.3: Sárú Príobháideachta

Baineann ceist na príobháideachta leis na ceisteanna neamhainmníochta agus rúndachta sa phróiseas taighde (Bell agus Bryman, 2007). Ní mór neamhainmníocht agus príobháideacht na rannpháirtithe sa staidéar taighde a chosaint. Ina theannta sin ní mór aon eolas pearsanta a bhaineann leis na rannpháirtithe a choinneáil faoi rún. Is ar lorg an eolais amháin a bhí an taighdeoir seo agus níor cuireadh sonraí pearsanta na rannpháirtithe i mbaol le linn an phróisis taighde.

3.8.4: Dallamullóg

Bíonn dallamullóg ann nuair a chuirtear staidéar taighde ar fáil nach mbaineann le fíorscéal an phróisis taighde. De réir *Code of Ethical Conduct* an Academy of Management ní mór an dallamullóg

a íoslaghdú agus nuair is gá ní mór éifeachtaí na dallamullóg a mhaolú a oiread agus is féidir. Mar a dúradh níos luaithe má bhaintear úsáid as teicnící breathnaitheacha nó trealamh taifeadta ba cheart don taighdeoir é seo a chur in iúl don rannpháirtí ag tús an agallaimh. Rinne an taighdeoir seo amhlaidh.

Bhí feidhm lárnach ag na prionsabail eiticiúla uilig thuasluaite le linn an phróisis bailithe taighde chun na sonraí agus na rannpháirtithe a chosaint. Chinntigh an taighdeoir lena stiúrthóir nach raibh aon sárú á dhéanamh ar phrionsabail eitice na hOllscoile. Déantar cur síos anois ar na modhanna is coitianta a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar shonraí taighde.

3.9: Anailís ar na Sonraí

Laistigh den mhír seo tabharfaidh an taighdeoir léiriú ar na modhanna a d'úsáid sí chun anailís a dhéanamh ar na sonraí a bailíodh ar thrí bhealach éagsúil. Bailíodh sonraí as na hachtanna, na hionstraimí reachtúla agus na rialacháin ar an gcéad dul síos. Ansin bailíodh sonraí úsáideacha ó ghrianghraif a bhain le hábhar an tráchtais. Ar deireadh rinneadh cás-staidéar ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe lena n-áirítear agallamh le hinnealtóir sinsearach sa Rannóg Iompair, Bonneagair, Áineasa agus Conláistí.

Bhain tábhacht faoi leith leis an bhfianaise fhaisnéiseach sa staidéar taighde seo. Rinne an taighdeoir mionscrúdú ar na hachtanna agus na hionstraimí reachtúla ar fad a bhain le polasaí Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht ó bhunú Saorstát Éireann sa bhliain 1922. Tugadh cur síos ar na hachtanna, na hionstraimí reachtúla agus na píosaí reachtaíochta is tábhachtaí ó thaobh na Gaeilge de ar chomharthaíocht an Stáit lena n-áirítear *An tAcht Iompair, 1950 (Uimhir 12 de 1950)*; *An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1952 (Uimhir 15 de 1952,)*; *An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 (Uimhir 24 de 196)*; *An tAcht Logainmneacha (Foirmeacha Gaeilge) (Uimhir 24 de 1973)*; agus *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*. Tráchtadh ar an *Ionstraim Reachtúil Uimhir 55 de 1926* agus *Na Rialacháin um Chomharthaí Bóthair agus Soilse Tráchta* mar aon le *Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Alt 9) 2008*.

Baineadh úsáid as ghrianghraif mar mhodh bailithe sonraí toisc go n-ardaíonn an áis amhairc seo suim an duine san ábhar atá faoi chaibidil. Is maith an léargas iad na grianghraif shamplacha ar an bpolasaí Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht mar atá sa lá atá inniú ann. Déanfar anailís ar roinnt

comharthaí ó chathair na Gaillimhe a thagann faoi chúram Chomhairle Cathrach na Gaillimhe sa staidéar seo.

Tá gaol idir an cás-staidéar agus an próiseas anailíse. Ba iad oifigí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe an príomhaonad anailíse agus tionóladh an t-agallamh idir an taighdeoir agus Innealtóir Sinsearach sa Rannóg Iompair, Bonneagair, Áineasa agus Conláistí sa Chomhairle. Ar mhaithe leis an bpróiseas anailíse agus ar mhaithe na tuisceana freisin tionóladh an t-agallamh trí mheán an Bhéarla. Rinne an taighdeoir anailís ar thras-scríbhinn an agallaimh leathstruchtúrtha a d'éascair as na ceisteanna sa cheistneoir. Rinne an taighdeoir anailís neamhfhoirmiúil ar ábhar na tras-scríbhinn i dtús báire chun méid an eolais a laghdú. Déanann taighdeoirí é seo go minic chun scrúdú a dhéanamh ar an iompar athráiteach agus a bhfuil ann de patrúin (Lindlof, 1995 le fáil in Hussey and Hussey 1997, 250). Tugtar 'códú' ar an anailís seo. Tháinig patrúin eolais chun solais sa chás-staidéar le linn an phróisis anailíse. Dar le Saldana (2009) baineann na tréithe seo a leanas le patrún:

- cosúlacht (tarlaíonn eachtraí ar an gcaoi chéanna)
- éagsúlacht (tarlaíonn eachtraí mar gheall ar mhodhanna difriúla)
- minicíocht (tarlaíonn eachtraí go minic nó go hannamh)
- sraith (tarlaíonn eachtraí in ord áirithe)
- comhfhreagras (tá gaol idir eachtra amháin le gníomhaíochtaí agus eachtraí eile)
- cúisíocht (eascaíonn eachtra amháin as eachtra eile)

Bhí na patrúin seo le sonrú i dtéacs scríofa na tras-scríbhinn agallaimh. Déanann taighdeoirí cáilíochtúla tras-scríbhinn ar na sonraí bailithe. Ba é Comhairle Cathrach na Gaillimhe an príomhaonad anailíse agus is í an tras-scríbhinn taifeadta den agallamh idir an taighdeoir agus innealtóir sinsearach sa Rannóg Iompair, Bonneagair, Áineasa agus Conláistí sa Chomhairle a fheidhmíonn mar an fhoinsé eolais amach anseo. Chuige seo baineadh úsáid as modh anailíse ar a dtugtar 'códú' chun anailís a dhéanamh ar na patrúin is coitianta a tháinig chun cinn. Tugtar 'aonad códaithe' ar fhocal, carachtar, mír nó téama speisialta atá le fáil san ábhar (Hussey and Hussey, 1997). Ní féidir pictiúr iomlán a chruthú gan an struchtúr seo (Hague, 1993). Is iomaí modh códaithe atá ann lena n-áirítear códú tréithe, códú tuairisciúil, códú *in vivo*, códú comhuaineach agus códú patrún. Baineadh úsáid as códú tréithe, códú tuairisciúil, códú *in vivo* agus códú comhuaineach mar mhodhanna códaithe.

3.9.1: Códú Tréithe

Úsáidtear ‘aitreabúidí’ chun buneolas díreach ar chásanna agus suíomhanna a stóráil (Gibbs, 2007). Is iad seo a leanas na samplaí is coitianta atá ann d’aitreabúidí: inscne an fhreagróra, aois an fhreagróra, áit cónaithe an fhreagróra. Mar sin tugtar ‘códú tréithe’ ar na fíricí a bhaineann le rud éigin. Sa chás seo is agallamh a bhí i gceist; mar sin bhí an dáta, an t-am agus an áit tábhachtach. Tagann na haitreabúidí chun tosaigh ar dtús faoin gceannteideal ‘Ceisteanna Ginearálta’. Ní bhaineann anailís domhain leis na haitreabúidí. Mar sin is féidir iad a lua anois.

Is léir ón bhfaisnéis i dtras-scríbhinn an agallaimh gur tionóladh an t-agallamh ar 17 Meitheamh 2011 ag 11.00 i.n. in oifigí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Chomh maith leis sin tugadh le fios go raibh an freagróir ina innealtóir sinsearach. Oibríonn an t-Innealtóir Sinsearach sa Rannóg Iompair, Bonneagair, Áineasa agus Conláistí agus clúdaítear cúram na comharthaíochta faoi ghné Iompair na Rannóige seo.

3.9.2: Códú Tuairisciúil

Dar le Saldana (2009) déanann códú tuairisciúil achoimre ar fhocal nó frása gearr (ainmfhocal a bhíonn i gceist níos minice ná a mhalairt) de shonraí cáilíochtúla a bhaineann le bunábhar an staidéir taighde. Déanann an códú seo cur síos ar an topaic atá i gceist. Ní giorruchán den ábhar atá ann. Bhain an taighdeoir úsáid as códú tuairisciúil chun cur síos a dhéanamh ar fhreagraí an fhreagróra maidir leis:

- na húdaráis áitiúla agus an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
- an seanleagan amach a bhí ar chomharthaí
- an úsáid a bhaintear as léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis
- an córas a bhí ann sular thosaigh sé ag obair sa Rannóg Iompair, Bonneagair, Áineasa agus Conláistí
- na deacrachtaí a bhaineann leis an gcóras reatha
- an ganntanas eolais a bhí aige i dtaca le sráidainmneacha.

3.9.3: Códú *In Vivo*

Is ionann códú *in vivo* agus eolas a thagann ó bhéal na ndaoine a ghlacann páirt sa staidéar taighde seachas focail agus frásaí atá cumtha ag an taighdeoir (Saldana, 2009). Ba mhinic a bhain an

taighdeoir úsáid as an códú seo. Sa tráchtas taighde seo, tháinig idir abairtí beaga agus ailt mhóra fhada ó bhéal an fhreagróra ar réimse leathan téamaí. Chuige seo cuireadh focail agus frásaí áirithe in iúl chun béim a leagadh ar théama faoi leith. Léireofar na focail agus frásaí seo níos déanaí.

3.9.4: Códú Comhuaineach

Bíonn códú comhuaineach ann nuair a bhíonn dhá chód nó níos mó taobh istigh de shonra amháin (Saldana, 2009). Mar shampla, ta baint ag an bpróiseas tairisceana agus ag an gcóras seiceála maidir leis an leagan Gaeilge le cur suas na gcomharthaí sa tráchtas taighde seo. Scrúdófar na téamaí is coitianta a tháinig chun solais le linn an chódaithe seo freisin.

3.9.5: Códú Patrún

Is minic a bhaintear úsáid as an gcódú ar a dtugtar códú patrún. Is ionann cóid phatrúin agus cóid mhínitheacha nó cóid thátalacha a chuireann téama, patrúin nó míniú éiritheach in iúl don té atá i mbun obair anailíse (Huberman and Miles, 1984). Is í príomhaidhm an chódaithe seo ná achoimre a dhéanamh ar an méid atá bainte amach sa chéad chódú agus an t-eolas sin a aicmiú faoi réir téamaí uileghabhálacha. Baineadh úsáid as códú patrún mar mhodh códaithe sa tráchtas seo.

3.10: Conclúid

Cinntíodh sprioc an stáideir taighde seo ag tús na caibidle seo. Is é polasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit ábhar an tráchtas seo. Ina dhiaidh sin scrúdaíodh na hiliomad dearadh taighde atá le fáil. Féachadh ar an dearadh triantánachta, an dearadh mínitheach, an dearadh leabaithe agus an dearadh taiscéalaíoch go háirithe. Dar leis an taighdeoir ba é an dearadh taiscéalaíoch an dearadh taighde ab fheiliúnaí d'ábhar an tráchtas seo. Baineadh úsáid as staidéar taiscéalaíoch sa léirmheas litríochta. Ba mhian leis an taighdeoir cur leis an lear litríochta seo trí staidéar a dhéanamh ar pholasaí Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit.

Rinneadh tagairt don díospóireacht atá ann maidir le modhanna cáilíochtúla agus modhanna cainníochtúla taighde. Ar lámh amháin meastar gur saibhre agus gur bailí an t-eolas atá sna sonraí cáilíochtúla ná mar atá sna sonraí cainníochtúla; ar an lámh eile deirtear go bhfuil sonraí cáilíochtúla ró-shuibhiachtúil toisc nach ndéantar measúnaithe de réir caighdeáin bhunaithe mar a dhéantar i gcás sonraí cainníochtúla (Dey, 1993). Chinn an taighdeoir ar úsáid a bhaint as modhanna taighde measctha. Maíonn Moore (1987) gur féidir úsáid a bhaint as níos mó ná modh taighde amháin chun léargas níos cuimsithí a thabhairt ar an tionscadal taighde. Tugtar an 'modh measctha' ar staidéar

taighde ina mbaineann an taighdeoir úsáid as níos mó ná ceann amháin den iliomad modh taighde atá ann chun sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu (Creswell, 1994). Nuair a rinneadh mionscrúdú ar na difríochtaí idir taighde cáilíochtúil agus taighde cainníochtúil ba é tuairim an taighdeora gurbh é an taighde cáilíochtúil an cur chuige taighde ba chuí don tráchtas taighde seo. Ní bheadh an anailís staitistiúil oiriúnach don ábhar taighde seo. Ní raibh sé ar intinn ag an taighdeoir eolas a chainníochtú nó a thomhas. Ba í aidhm lárnach an taighde seo ná feidhmiú an chórais maidir le hábhar speisialta in eagraíocht faoi leith a fháil.

Rinneadh plé ar na modhanna bailithe sonraí freisin. Ba í an fhianaise fhaisnéiseach bunchloch an staidéir taighde seo. Rinne an taighdeoir mionscrúdú ar na hachtanna agus na hionstraimí reachtúla ar fad a bhain le polasaí Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht ó bhunú Saorstát Éireann sa bhliain 1922. Tugadh cur síos ar na hachtanna, ar na hionstraimí reachtúla agus ar na píosáí reachtaíochta is tábhachtaí ó thaobh na Gaeilge de ar chomharthaíocht an Stáit. Baineann bailiúchán sonraí le lear mór sonraí go minic — mar shampla, tras-scríbhinní, taifeadtaí agus nótaí (Gibbs, 2007) — ach chinn an t-údar ar úsáid a bhaint as ghrianghraif mar mhodh bailithe sonraí ar an ábhar go n-ardaíonn an gléas amhairc seo suim an duine san ábhar atá faoi chaibidil. Chomh maith leis sin baineadh úsáid as grianghraif chun forbairt a dhéanamh ar na saincheistanna aitheanta a thagann chun cinn maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit. Ina theannta sin socraíodh go ndéanfaidh an taighdeoir cás-staidéar ar eagraíocht faoi leith. Roghnaíodh Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun aidhmeanna an tráchtas a chomhlíonadh. Is é Gaillimh le Gaeilge a mhol an duine cuí i gComhairle Cathrach na Gaillimhe don taighdeoir. Ba é sin an t-Innealtóir Sinsearach sa Rannóg Iompair, Bonneagair, Áineasa agus Conláistí laistigh de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Cuireadh an t-Innealtóir Sinsearach faoi agallamh bunaithe ar cheistneoir a chuir an taighdeoir i dtoll a chéile. Is modh taighde úsáideach, solúbtha é an ceistneoir chun eolas a bhailiú ó ghrúpa mór nó grúpa beag ar ábhar faoi leith. (Moore, 1987). Bhí idir ceistanna iata agus ceistanna oscailte sa cheistneoir. D'éascair agallamh leathstruchtúrtha as saothar an cheistneora. Buntáiste mór a bhaineann le hagallamh mar seo ná cé go mbíonn topaicí agus ceistanna cinnte ann, faightear an deis chun plé a dhéanamh ar thopaicí agus ábhair eile de réir mar a thagann siad chun solais (Rugg agus Petre, 2007). Mar sin bhain solúbthacht leis an bpróiseas agallamh. Ba iad seo príomhchuspóirí an agallamh:

- léargas a fháil ar dhearcadh an fhreagróra faoin ábhar a bhí faoi chaibidil;
- léargas praiticiúil a fháil ar dhearcadh na bhfreagróirí faoin ról atá acu féin agus ag na heagraíochtaí lena mbaineann siad ag soláthar comharthaíocht i nGaeilge i gcathair na Gaillimhe

Chun aidhmeanna an chás-staidéir a chomhlíonadh cuireadh ceistanna ar an bhfreagróir faoi cheannteidil éagsúla agus tugadh deis dó a thuairimí a chur in iúl maidir leis na saincheistanna sin. Is

iad seo a leanas na ceannteidil: ‘Ceisteanna Ginearálta’, ‘Na Céimeanna Oibre’, ‘Stair na Comharthaíochta Dáttheangai’, ‘Comharthaíocht Dháttheangach sa lá atá inniu ann’ agus ‘Sráidainmneacha’. Chuir an taighdeoir leagan Gaeilge agus leagan Béarla den cheistneoir i dtoll a chéile. Seoladh an leagan Béarla den cheistneoir chuig an t-Innealtóir Sinsearach i gComhairle Cathrach na Gaillimhe tuairim is coicís roimh dháta an agallaimh.

Pléadh an tábhacht a bhain leis an sampla taighde sa chaibidil seo freisin. ‘Sampla breisitheach’ a tugtar ar an bpróiseas ina mbíonn an taighdeoir ag súil go mbeadh duine in eagraíocht amháin in ann duine eile in eagraíochtaí ábhartha eile a mholadh don staidéar taighde atá idir lámha. Bhí eolas ag ionadaí ó Gaillimh le Gaeilge ar dhuine cuí sa Rannóg Iompair, Bonneagair, Áineasa agus Conláistí laistigh de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Tháinig cúram na comharthaíochta faoi chúram an Innealtóra Shinsearaigh sa Rannóg sin.

Díríodh isteach ar na heiticí a bhaineann leis an bpróiseas taighde ansin. Bhain an taighdeoir úsáid as modhanna taighde pearsanta le linn an phróisis taighde. Mar sin bhí sé tábhachtach go gcloífi le prionsabail eiticiúla áirithe. Ní mór aird a thabhairt ar na prionsabail eiticiúla a bhaineann le díobháil do na rannpháirtithe. Ní mór eolas ábhartha a bheith tugtha do na rannpháirtithe roimh thús an phróisis taighde. Díríodh aird ar sárú príobháideachta agus dallamullóg freisin. Mar is soiléir ó na prionsabail thuasluaite pléadh aon cheist ábhartha leis na rannpháirtithe sular cuireadh tús leis an bpróiseas taighde.

Faoi dheireadh rinneadh anailís chuimsitheach ar na torthaí a tháinig chun solais san agallamh trí phróisis anailíse ar a dtugtar códú. Baineadh úsáid as modhanna códaithe éagsúla. Bhí an chéad chódú agus an dara códú ann. Rinneadh é seo toisc gur theastaigh ón taighdeoir anailís níos iomláine ar na sonraí eolais a chur in iúl trí thuairimí a bhailiú ó dhaoine in institiúid amháin atá bainteach le polasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit. Tháinig torthaí suimiúla chun cinn le linn an phróisis códaithe. Déanfar mionphlé orthu siúd sa chéad chaibidil eile.

Caibidil 4: TORTHAÍ

4.1: Réamhrá

Is í aidhm an tráchtais seo ná léargas a thabhairt ar pholasaí Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit. Ar an gcéad dul síos déantar mionscrúdú ar an reachtaíocht a thugann feidhm dlí do pholasaí Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht ó bhunú an Stáit. Cuirtear grianghraif i láthair agus déantar iad a iniúchadh chun léiriú a thabhairt ar an mbealach a cuireadh an polasaí stáit i bhfeidhm. Ar deireadh baintear úsáid as cás-staidéar mar mhodh taighde chun feidhmiú na reachtaíochta i dtaobh na Gaeilge ar chomharthaíocht i gCathair na Gaillimhe ó 2006 go dtí 2011 a scrúdú. Úsáideadh agallamh agus ceistneoir mar uirlisí taighde chun an cás-staidéar a chur i gcrích. I gcás an agallaimh, bailíodh sonraí ón Innealtóir Sinsearach agus ón Oifigeach Forbartha Gaeilge.

4.2: An Reachtaíocht: Polasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar Chomharthaíocht ó bhunú an Stáit

Is é taighde ar reachtaíocht an Stáit an taighde is cuimsithí atá déanta ag an taighdeoir maidir le hábhar an tráchtais seo – ‘Polasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar Chomharthaíocht Stáit’. Rinne an taighdeoir mionscrúdú ar an reachtaíocht ar fad dár ritheadh ón mbliain 1922 i leith (féach Aguisíní A–C). Ba léir ón bhfianaise reachtaíochta gur iomaí athrú a tháinig ar reachtaíocht an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht ón am sin i leith. Bhí cuid den reachtaíocht seo níos ábharáí don tráchtas seo ná a chéile agus is í an reachtaíocht is tábhachtaí a léireofar sa mhír seo.

Ba ghné thábhachtach d’aitheantas an tSaorstáit nua reachtaíocht a dhéanamh a thabharfadh feidhm dlí don chomharthaíocht dhátheangach. Baineadh úsáid as na téarmaí ‘comhartha(i)’ agus ‘sín(eacha)’ araon sa reachtaíocht chun comharthaíocht a léiriú. Bainfear úsáid as ‘comhartha(i)’ sa taighde seo áfach ar mhaithe an leanúnachais. Cuireadh bonn dlíthiúil leis an gcuma a bheadh ar chomharthaí sa Stát san *Acht Rialtais Áitiúla, 1925 (Uimhir 5 de 1925)*. Cuireadh an méid seo a leanas in iúl san Acht:

36. —(1) Féadfadh an tAire rialacháin do dhéanamh ag ordú na nithe seo—

(b) méid, cuma, dath, agus saghas na gcomharthaí a cuirfar suas ar bhóithre—

(i) chun na háiteanna chun a dtéigheann an bóthar agus na faideanna go dtí sna háiteanna san do thaisbeáint,

(ii) chun na faideanna ar an mbóthar do thaisbeáint,

(iii) chun foláramh i dtaobh codacha dainséaracha den bhóthar do thabhairt do dhaoine

bheidh ag úsáid an bhóthair,


- (iv) chun trácht ar an mbóthar do threorú d'fhonn baol tionóisce do luíodú;
- (c) na háiteanna ina gcuirfar suas na comharthaí uile agus fé seach a luaidhtear anso roimhe seo;
- (d) na coiníollacha ar a bhféadfaidh únaer no sealbhair tailimh atá teoranta le haon bhóthar comharthaí den tsórt san roimhráite do chur suas no do choinneáil ar an talamh san;
- (e) na comharthaí le n-a bhféadfaidh daoine bheidh ag úsáid bóithre a n-intinní do chur in úil do dhaoine eile den tsórt san.

Rinneadh tagairt dhlíthiúil do chomharthaíocht dhátheangach in Éirinn sna *Rialacháin um Chomharthaí Bóthair agus Soilse Trácht* (*Ionstraim Reachtúil Uimhir 55 de 1926*) inar léiríodh an méid seo;

6. (5). Names of towns or places, or other words shall be shown in Irish and English in two parallel lines at least three quarters of an inch apart.

6. (6). The distance to any town or place, in miles to the nearest quarter mile, shall be shown in figures on the right-hand side of the Irish and English names of such town or place, at a level midway between the levels of such names, and in such a manner as to leave between such names and such figures a clear interval at least one inch broad.

Tugadh an t-aitheantas céanna don Ghaeilge ar na comharthaí seo agus a tugadh don leagan Béarla. Mar sin bhí an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla ar chomhchéim ar chomharthaí agus baineadh úsáid as an seanchló Gaelach chun an dá theanga a dheighilt óna chéile. Cuireann léaráid shamplach ón *Ionstraim Reachtúil* é seo in iúl:



Figióir 4.1 Léaráid ó Ionstraim Reachtuil Uimhir 55 de 1926 Na Rialacháin um Chomharthaí Bóthair agus Soilse Tráchtá

Tugadh cumhachtaí faoi leith don Aire maidir le comharthaíocht in Alt 69(2) den *Acht Rialtais Áitiúil, 1946 (Uimhir 24 de 1946)*:

‘69 (2) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh ina n-ordóidh tuise, crot, dath agus cineál síne tráchtá agus ní dhéanfaidh údarás bóthar aon tsín tráchtá a chur ar fáil ná beidh do réir aon rialacháin iomchuí a bheas déanta faoin bhfo-alt seo.

Mar sin bhí ar chumas an Aire ordú a dhéanamh i dtaobh toise, crot, dath agus cineál comharthaí tráchtá.

Bunaíodh cuideachta nua dar teideal Córas Iompair Éireann faoin *Acht Iompair, 1944 (Uimhir 21 de 1944)*. Leagtar amach aidhmeanna na cuideachta in Alt 10(1) den Acht;

10. —(1) Is iad críocha na Cuideachtan ná—

(a) seirbhísí iompair d'oibriú,

(b) aon ghnó fó-ghabhálach nó foirlíontach do sheoladh lena n-áirítear feithiclí iompair (agus

innill) maraon le páirteanna agus fearas dóibh do dhéanamh, do dheisiú agus do chothabháil dóibh féin nó d'éinne eile.

Faighítear sainmhíniú ar sheirbhísí iompair in Alt 10(5);

ciallaíonn an abairt “seirbhísí iompair” seirbhísí iompair d'iarnród, de thrambhealach, de loingseoireacht intíre, de mhuir, d'aer nó de bhóthar;

Mar sin tháinig seirbhísí iompair lena n-áirítear seirbhísí iompar bóthair faoi chúram Córas Iompair Éireann. Bheadh tionchar tábhachtach ag an gcuideachta ar chomharthaíocht as sin amach.

Ní foláir úsáid na dtéarmaí ‘comhartha’ agus ‘sín’ a shoiléiriú ag an bpointe seo. Is ‘comhartha’ atá á úsáid sa reachtaíocht atá pléite sa tráchtas go dtí seo. Faighítear sainmhíniú cuimsitheach ar ‘sín tráchta’ den chéad uair san *Acht Rialtais Áitiúil, 1946 (Uimhir 24 de 1946)*;

69. —(1) ciallaíonn an abairt “sín tráchta” sín, fôgra nó ionstraim chun comharthaí a thabhairt go meicniúil ag taispeáint aon ní nó nithe acu seo a leanas do dhaoine a bheas ag úsáid bóthair;—

- (a) na háiteanna a dtéann an bóthar,
- (b) an fhaid chun na háiteanna sin nó uathu;
- (c) aon chontúirt atá ann do dhaoine a bheas ag úsáid an bhóthair,
- (d) aon fhorchúram is gá a ghlacadh in aghaidh na gcontúirt sin,
- (e) rialachán bóthair a bheith i bhfeidhm maidir leis an mbóthar agus an modh inarb inchomhlíonta é;

Cuireadh ceangal ar Chóras Iompair Éireann maidir le comharthaíocht dhátteangach san *Acht Iompair, 1950 (Uimhir 12 de 1950)*;

57. —(1) Ní foláir na buan-fhógraí agus na buan-chomharthaí poiblí uile (lena n-áirítear ainmneacha stáisiún) a bheas á gcothabháil ag an mBord a bheith i nGaeilge ach is cead iad a bheith i nGaeilge agus i mBéarla.

Ba fhoráil dhíreach í seo a chuir dualgas ar Chóras Iompair Éireann a gcuid buanchomharthaíochta ar fad a bheith i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla.

Tháinig Bord Fáilte i gcomharbacht ar Bhord Cuartaíochta na hÉireann de réir Alt 4 (Cuid II) den *Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1952 (Uimhir 15 de 1952)*:

4. —Bhéarfar An Bord Fáilte ar an mBord ar a dtugtaí go dtí seo Bord Cuartaíochta na hÉireann.

Cuireadh iachall ar Bhord Fáilte comharthaí faisnéiseacha a chur ar fáil d'údaráis áitiúla de réir Alt (2) (g) Cuid II den *Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1952 (Uimhir 15 de 1952)*:

(2) Gan dochar do ghinearáltacht fo-ailt (1) ná do na feidhmeanna sonracha a bheirtear dó le hAcht 1939 nó in aon áit eile san Acht seo, is dleathach don Bhord—

(g) comharthaí bóthair a thabhairt d'údaráis áitiúla chun na húdaráis sin dá gcur suas

Cinntíodh go mbeadh comharthaí faisnéiseacha an Stáit dátheangach agus go mbainfí úsáid as an gcló Rómhánach i gcás an leagain Gaeilge agus an leagain Béarla in sna *Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre, 1956 (Uimhir 284 de 1956)*:

(2) Place-names shall be shown in Roman letters in Irish and in English and where the spelling of a place-name is the same in both languages one inscription only need be shown on the sign.

Treisíodh cás na Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit le teacht i bhfeidhm Alt 95 den *Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 (Uimhir 24 de 1961)*:

95 (2) (a) Féadfaidh an tAire, más oiriúnach leis, rialacháin a dhéanamh maidir le síneacha tráchta sonraithe, agus i gcás ina soláthróidh údarás bóithre sín tráchta de shórt is ionann agus sín tráchta a bheidh sonraithe in aon rialacháin den sórt sin, beidh sé de réir na rialacháin mura n-údaróidh an tAire a mhalairt.

(b) Féadfaidh rialacháin faoin bhfo-alt seo an bhrí a shonrú a ghabhfaidh le sín tráchta a shonrófar sna rialacháin, ach ní fhorléireofar an fhoráil seo mar ní a cheanglaíonn go bhforálfaidh na rialacháin go mbeidh sa tsín tráchta aon fhocal, focail nó samháltán a chuirfidh in iúl go beacht brí na síne tráchta.

Tá baint mhór ag Alt 95(16) ag údaráis bóthair agus comharthaíocht ach go háirithe:

95 (16) I gcás ina ndéanfaidh údarás bóithre sín tráchta nach sín tráchta lena mbaineann rialacháin faoi fho-alt (2) den alt seo a sholáthar faoin alt seo,

beidh sé de réir aon ordacháin ghinearálta nó áirithe a thabharfaidh an tAire ó am go ham.

Cuireadh na rialacháin a tháinig faoi chúram an Aire Rialtais Áitiúil i bhfeidhm faoi *Na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Síneacha)*, 1962 (*Uimhir 171 de 1962*); *Cuid II, Rialacháin maidir le Síneacha Trácht de bhun Ailt 95 den Acht*; *Caibidil I, Síneacha Eolais*:

3 (2) Place-names shall be shown in Roman letters in Irish and in English and where the spelling of a place-name is the same in both languages one inscription only need be shown on the sign.

Tugann Mac Mathúna (1990) le fios gur leasaíodh na rialacháin seo faoi réir an ionstraim *Na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Síneacha) (Leasú)*, 1970 (*Uimhir 164 de 1970*), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (2):

(2) (a) Subject to the provisions of sub-paragraph (b), place-names shall be shown in Roman letters in Irish and in English and where the spelling of a place-name is similar in both languages an Irish inscription only need be shown on the sign.

(b) In an area determined to be a Gaeltacht area by order under section 2 of the Ministers and Secretaries (Amendment) Act, 1956 (No. 21 of 1956) the names of places in such an area shall be shown in Irish only.

Thug an ionstraim reachtúil seo le fios nach mbeadh ach an leagan Gaeilge amháin de logainmeacha le feiceáil ar chomharthaíocht sna ceantair Ghaeltachta ach bhí easpa soiléirithe ann maidir leis na leaganacha Gaeilge dlíthiúla i gcomparáid leis na leaganacha Béarla dlíthiúla (Ó Murchú, 2008).

Sa bhliain 1973 ritheadh *An tAcht Logainmneacha (Foirmeacha Gaeilge)* (*Uimhir 24 de 1973*). De réir Alt 3(1) den Acht;

3.(1) Focal nó focail a mbeidh dearbhaithe ag an Aire in ordú logainmneacha gurb é nó gurb iad is iontamdha i nGaeilge do logainm a bheidh sonraithe san ordú, forléireofar i ndoiciméad dlíthiúil, mura léir a mhalairt d'intinn, é nó iad a bheith ar chomhbhrí agus ar chomhfheidhm agus ar chomhéifeacht leis an logainm a bheidh sonraithe amhlaidh

Go dtí gur tháinig an tAcht seo ina dhlí níor tugadh aitheantas dlíthiúil ach do na leaganacha Béarla a bhí socraithe ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus a foilsíodh ó innéacs na mbailte fearainn a ghabh le Daonáireamh 1851 — ní raibh aitheantas dlíthiúil ar bith ag na leaganacha Gaeilge (Ó Murchú, 2008). Míníonn Mac Giolla Easpaig (2008, 173) go mbeadh an bhrí agus an éifeacht chéanna ag na focail Ghaeilge agus a bheadh ag an logainm féin de réir Acht seo 1973. Mar sin bheadh an fhoirm oifigiúil Gaeilge de logainm ar chomhaidhm agus ar chomhéifeacht leis an leagan Béarla (Ó Cearbhaill, 2003). Chomh maith leis sin dearbhaíodh san Acht seo go ndeimhneofaí na leaganacha

dlíthiúla Gaeilge de logainmneacha ar chomhairle an Choimisiúin Logainmneacha. Dar le Mac Mathúna (1990) treisíodh an scéal nuair a tugadh aitheantas oifigiúil do na leaganacha Gaeilge a cuireadh ar fáil in *Ainmneacha Gaeilge na mBailte Poist* (1969), san *Ordú Logainmneacha (Foirmeacha Gaeilge) (Uimh. 1) (Postbhailte) 1975 (Uimhir 133 de 1975)*.

Rinneadh tagairt d'ainmchláir a bheith i nGaeilge sna *Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Síneacha) (Lána Bus) (Leasú), 1981 (Uimhir 333 de 1981)*:

Déantar foráil leis na Rialacháin seo maidir le focail as Gaeilge a úsáid le haghaidh marcálacha ar an ród agus le haghaidh plátaí eolais a sholáthraítear i ndáil le lánaí bus agus sráideanna le haghaidh busanna amháin, mar mhalairt ar an leagan Béarla, nó ina theannta.

Leasaíodh na rialacháin arís faoi réir na hionstraime *Na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Síneacha) (Leasú), 1988 (Uimhir 292 de 1988)*:

2 (a) Subject to the provisions of sub-paragraph (b) place-names on all informative signs provided after 1st January, 1989 shall be shown in italic letters in Irish and in Roman letters in English and where the spelling of a place-name is similar in both languages an Irish inscription in italic letters only need be shown on the sign.

Mar sin leathchéad bliain tar éis bhunú an Stáit is ea a cuireadh bonn dlí faoi leaganacha Gaeilge dár logainmneacha (Mac Mathúna, 1990) ach bhí an leagan Béarla in uachtar go fóill. Deir Ó Riain (1994) chomh maith gur cuireadh comharthaí bóthair ar fáil go dátheangach ar fud na tíre ach cé gur cuireadh leagan dúchasach na logainmneacha ar bharr na gcomharthaí bhí sé i gcónaí níos lú ná an leagan Béarla ar na comharthaí. Ritheadh *Acht na dTeangacha Oifigiúla (Uimhir 32 de 2003)* sa bhliain 2003. San acht seo tugadh cumhacht don Aire Ordú Logainmneacha a dhéanamh. Déantar cur síos ar chumhacht an Aire agus tugtar míniú ar ‘ordú’ in Alt 32 (1) den acht;

32. —(1) Faoi réir *fho-alt* (2), féadfaidh an tAire, tar éis dó nó di comhairle a fháil ón gCoimisiún agus an chomhairle sin a bhreithniú, le hordú (dá ngairtear “ordú logainmneacha” sa Chuid seo)—

- (a) a dhearbhuí gurb é an leagan Gaeilge de logainm a bheidh sonraithe san ordú cibé focal nó focail a shonróidh sé nó sí san ordú,
- (b) ordú logainmneacha a leasú nó a chúlghairm.

Chomh maith leis sin tugadh cumhacht don Aire Orduithe Logainmneacha a dhéanamh do cheantair lasmuigh den Ghaeltacht chun an stádas oifigiúil céanna a thabhairt do leaganacha Gaeilge de logainmneacha agus a thugtar do logainmneacha Béarla. Soiléirítear é seo in Alt 33 (1) den acht:

33. —(1) Focal nó focail a mbeidh dearbhaithe ag an Aire in ordú logainmneacha gurb é an leagan Gaeilge é, nó gurb iad an leagan Gaeilge iad, de logainm a bheidh sonraithe san ordú, forléireofar i ndoiciméad dlíthiúil, mura léir a mhalairt d'intinn, é nó iad a bheith ag tagairt don áit chéanna agus a bheith ar chomhfheidhm agus ar chomhéifeacht leis an leagan Béarla den logainm a bheidh sonraithe amhlaidh.

Dar leis an acht má dhéantar Ordú Logainmneacha i gcás logainmneacha i gceantair Ghaeltachta ní bheadh ach an leagan Gaeilge amháin de na logainmneacha seo le feiceáil ar chomharthaí Stáit. Soiléirítear é seo in Alt 33 (2) den acht:

33 (2) I gcás ina ndéanfaidh an tAire dearbhú faoi alt 32 i leith logainm i limistéar Gaeltachta, ní bheidh aon fheidhm ná éifeacht a thuilleadh leis an leagan Béarla den logainm amhail ar an agus ón dáta feidhme ach sin gan dochar d'aon ní arna dhéanamh roimh an dáta sin nó dá éis lena n-áirítear úsáid an leagain sin seachas a úsáid—

- (a) in aon Acht den Oireachtas a rithfear tar éis an dáta feidhme nó in aon ionstraim reachtúil a dhéanfar tar éis an dáta sin faoi aon Acht,
- (b) i cibé léarscáileanna, arna n-ullmhú agus arna bhfoilsíú ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann nó le cead uaithi, a bheidh forordaithe, nó
- (c) ar chomhartha bóthair nó sráide arna chur suas ag údarás áitiúil nó thar a cheann.

Tagann 650 comhlacht poiblí faoi scáth an Achta. Leagtar amach príomhdhualgais na gcomhlachtaí poiblí maidir le comharthaí in Alt 7(2) de na *Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Alt 9) 2008*:

‘7(2) Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le comhartha i nGaeilge agus i mBéarla a chuireann comhlacht poiblí in aon suíomh:

- (a) beidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús,
- (b) beidh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla,
- (c) ní bheidh na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná na litreacha sa téacs i mBéarla,
- (d) maidir leis an téacs i nGaeilge, cuirfidh sé in iúl an fhaisnéis chéanna leis an bhfaisnéis a chuireann an téacs i mBéarla in iúl, agus
- (e) ní dhéanfar focal sa téacs i nGaeilge a ghiorrú mura rud é go bhfuil an focal sa téacs i mBéarla, ar aistriúchán air é, giorraithe freisin.

Ar theacht i bhfeidhm d'ordú logainmneacha, cuirtear dualgas ar chomhlacht poiblí faoi na *Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Alt 9) 2008* an leagan oifigiúil d'aon logainm san ordú sin a úsáid tar éis dátaí áirithe. Leagtar amach na dátaí seo in Alt 6(5) de na rialacháin maidir le comharthaí:

- (a) an 1 Márta 2009, i ndáil le comharthaí a shuítear (cibé acu in ionad comharthaí níos sine nó nach ea) in aon suíomh ar an 1 Márta 2009 nó dá éis,
- (b) an 1 Márta 2012, i ndáil le comharthaí a shuítear in aon suíomh roimh an 1 Márta 2009 ar comharthaí iad ar ina leith a bheadh an Rialachán seo á chomhlíonadh murach earráid sa téacs Gaeilge,
- (c) an 1 Márta 2013, i ndáil le comharthaí, i mBéarla amháin, a shuítear in aon suíomh roimh an 1 Márta 2009,
- (d) an 1 Eanáir 2026, i ndáil le comharthaí a shuítear in aon suíomh ar comharthaí iad ar ina leith nach bhfuil mír (b) nó (c) de Rialacháin 7(2) á comhlíonadh roimh an dáta sin,
- (e) an 1 Márta 2013, i ndáil le comharthaí de gach aicme eile.

Ba í *Na Rialacháin um Chomharthaí Bóthair agus Soilse Trácht* (Uimhir 55 de 1926) — inar tugadh an t-aitheantas céanna don leagan Gaeilge agus a tugadh don leagan Béarla ar chomharthaí Stáit — an chéad phíosa reachtaíochta suntasach a bhain le comharthaíocht an Stáit. Bhí foráil dhíreach san *Acht Iompair, 1950* (Uimhir 12 de 1950) a chuir dualgas ar Chóras Iompair Éireann a gcuid comharthaíochta buaine ar fad a bheith i nGaeilge nó dátheangach. Faoi réir an *Achta um Thrácht Cuartaíochta, 1952* (Uimhir 15 de 1952) níorbh fholáir do Bhord Fáilte comharthaí faisnéiseacha a chur ar fáil d'údarais áitiúla. Le teacht i bhfeidhm an *Achta um Thrácht ar Bhóithre, 1961* (Uimhir 24 de 1961) treisíodh cás na Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit agus rinneadh ionstraim reachtúil maidir le comharthaíocht dhátheangach ar chomharthaí bóthair. Cuireadh bonn dlí faoi na leaganacha Gaeilge de logainmneacha na tíre le teacht i bhfeidhm an *Achta Logainmneacha (Foirmeacha Gaeilge)* (Uimhir 24 de 1973) agus níos déanaí in *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*. Mar sin féin níor rinneadh a oiread agus a mbeifí ag súil leis ó thaobh na reachtaíochta de chun a ceart a thabhairt don Ghaeilge mar theanga náisiúnta; thairis sin, toisc gur tháinig cúram na comharthaíochta Gaeilge faoi institiúidí éagsúla ó bhunú an Stáit maireann an doiléire maidir le freagracht ó thaobh na reachtaíochta de anuas go dtí an lá atá inniu ann.

4.2.1: Éiginnteacht maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus an Ghaeilge ar Chomharthaíocht

Rinneadh tagairt anois is arís d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 le linn an phróisis agallaimh. Nuair a cuireadh ceist in iúl maidir le teimpléad a bheith ann nuair a bhíonn an leagan Gaeilge á chur ar chomhartha, chuir an tOifigeach Forbartha Gaeilge in iúl go raibh sí den tuairim go gclúdaítear é sin i Scéim Teanga Chomhairle Cathrach na Gaillimhe de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Rinne an tAire Comhshaoil Roibeard Ó Maoildhia ordú sa bhliain 1970 gurbh i nGaeilge amháin a bheadh gach comhartha sa Ghaeltacht. Rinne an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, cur síos ar chúla an chinnidh seo sa Seanad:

Is é an cúlra atá leis seo ná go raibh go leor agóidíochta sa Ghaeltacht sna 60í in aghaidh comharthaí bóthair dátheangacha mar gur bhraith pobal na Gaeltachta gurbh é an t-ainm Gaeilge an t-ainm ceart ar áiteanna sa Ghaeltacht. Chuir siad in aghaidh leaganacha Béarla de logainmneacha a bheith á mbrú anuas orthu ag lucht maorlathais, mar a b’fhacthas dóibh é. Mar thoradh air sin, i 1970 rinne Roibeard Ó Maoildhia, mar Aire Comhshaoil, ordú gurbh i nGaeilge amháin a bheadh gach comhartha bóthair ar a mbeadh logainmneacha sa Ghaeltacht.

(Seanad Éireann, 2006)

Na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Síneacha) (Leasú), 1970 (Uimhir 164 de 1970), atá i gceist anseo.

Dúirt an t-Innealtóir Sinsearach go scríobhtaí an leagan Gaeilge i gcló iodálach ar na comharthaí agus an leagan Béarla in íochtar sular tháinig Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i bhfeidhm. Mar a chuir an tAire Ó Cuív in iúl:

Is ar Acht Logainmneacha (Foirmeacha Gaeilge) 1973 a bhí muid ag brath go dtí [gur ritheadh Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003]. Bhí an tAcht sin lochtach agus easnamhach. Cé gur cheadaigh sé leaganacha údarásacha Gaeilge de logainmneacha na tíre le haghaidh críche dlí, le bheith iomlán beacht, chiallaigh se chomh maith de réir dlí go raibh an logainm féin fós i mBéarla amháin. Bhí doiléireacht ann faoi sheasamh an leagan Gaeilge

(Seanad Éireann, 2006)

Cinntíodh go mbeadh an tsuntasacht chéanna leis an leagan Gaeilge agus atá ag an leagan Béarla ar chomhartha le teacht i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, dar leis an Innealtóir Sinsearach. Léirítear é seo in Alt 7(2) sna Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Alt 9) 2008:

‘Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le comhartha i nGaeilge agus i mBéarla a chuireann comhlacht poiblí in aon suíomh:

- (a) beidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús,
- (b) beidh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla,
- (c) ní bheidh na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná na litreacha sa téacs i mBéarla,
- (d) maidir leis an téacs i nGaeilge, cuirfidh sé in iúl an fhaisnéis chéanna leis an bhfaisnéis a chuireann an téacs i mBéarla in iúl, agus
- (e) ní dhéanfar focal sa téacs i nGaeilge a ghiorrú mura rud é go bhfuil an focal sa téacs i mBéarla, ar aistriúchán air é, giorraithe freisin.

Rinne an t-Innealtóir Sinsearach cur síos ar ghearán a tháinig ó Oifig an Choimisinéara Teanga maidir le comhartha áirithe i nGaeltacht na Gaillimhe. Dar le hOifig an Choimisinéara Teanga ní raibh an leagan Gaeilge den ainm a bhí ar an gcomhartha cruinn. D’fhéach fostaithe de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar an gcomhartha agus rinne siad amach go raibh an litriú Gaeilge cruinn ach má bhí, toisc go raibh an leagan Béarla le feiceáil mar aon leis an leagan Gaeilge ar chomhartha i limistéar Gaeltachta, go raibh an comhartha seo ag sárú Alt 33 (2) d’*Acht na dTeangacha Oifigiúla* 2003:

33 (2) I gcás ina ndéanfaidh an tAire dearbhú faoi alt 32 i leith logainm i limistéar Gaeltachta, ní bheidh aon fheidhm ná éifeacht a thuilleadh leis an leagan Béarla den logainm amhail ar an agus ón dáta feidhme ach sin gan dochar d’aon ní arna dhéanamh roimh an dáta sin nó dá éis lena n-áirítear úsáid an leagain sin seachas a úsáid—

- (a) in aon Acht den Oireachtas a rithfear tar éis an dáta feidhme nó in aon ionstraim reachtúil a dhéanfar tar éis an dáta sin faoi aon Acht,
- (b) i cibé léarscáileanna, arna n-ullmhú agus arna bhfoilsiú ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann nó le cead uaithi, a bheidh forordaithe, nó
- (c) ar chomhartha bóthair nó sráide arna chur suas ag údarás áitiúil nó thar a cheann.

Maigh Cuilinn an áit a bhí i gceist. Clúdaítear ‘Moycullen’/*Maigh Cuilinn* san *Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004* agus is é *Maigh Cuilinn* an leagan dlíthiúil den logainm ó tháinig an t-ordú sin i gníomh ar an 28 Márta 2005. Déanfar plé anois ar na grianghraif a iniúchadh chun léiriú a thabhairt ar an mbealach a cuireadh an polasaí stáit i bhfeidhm.

4.3: Na Grianghraif

Bhain an taighdeoir úsáid as grianghraif chun léargas a thabhairt ar an mbealach a ndéantar polasaí an stáit a chur i bhfeidhm. Léiríonn na grianghraif easpa aontais maidir leis an leagan Gaeilge ar chomharthaíocht, lena n-áirítear comharthaí sráidainmneacha agus turasóireachta. Féachfar ar an easpa aontais maidir le sráidainmneacha dátheangacha i dtús báire.

4.3.1: Easpa aontais maidir le Sráidainmneacha Dátheangacha

Tháinig sé chun solais le linn an phróisis agallaimh go raibh ganntanas eolais i gComhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le feidhmiú polasaí sráidainmneacha dátheangacha na cathrach. Ní mór a choinneáil i gcuimhne ag an bpointe seo gurb iad na húdaráis áitiúla amháin atá freagrach as na sráidainmneacha, ainmneacha na n-eastát tithíochta agus tionscail, agus ainmneacha bóithre a thagann faoina gcúram. Cé gur ghlac an Coimisiún Logainmneacha leis sa bhliain 1982 gur logainm é sráidainm (Ó Maolfabhail, 1992), bhí sé intuigthe go mbíonn de cheart ag an údarás áitiúil a rogha ainm agus a rogha foirme — sa dá theanga — a chur in airde mar ainm oifigiúil ar shráid nó ar scéim tithíochta (Ó Maolfabhail, 1992). Déanann an Brainse Logainmneacha taighde ar cheartfhoirmeacha Gaeilge ainmneacha na n-aonad riaracháin amháin, is é sin, ainmneacha barúntachtaí, ainmneacha paróistí agus ainmneacha bailte fearainn; ach mar sin féin is faoi na húdaráis áitiúla féin na fiosruithe cuí a dhéanamh i dtaca le foirmeacha Gaeilge na n-áiteanna seo. Sa chás-staidéar seo, mar sin, is ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a thiteann an fhreagracht sin. Ghlac Comhairle Cathrach na Gaillimhe páirt sa Togra Sráidainmneacha 2006–2008 a bhí á chur ar fáil ag an mBrainse Logainmneacha i gcomhar leis an tSuirbhéireacht Ordanáis. De réir choinníollacha an togra seo, sheol Comhairle Cathrach na Gaillimhe na leaganacha Gaeilge a bhí acu féin de shráidainmneacha na cathrach chuig an Brainse Logainmneacha. Tá liosta iomlán de na leaganacha Gaeilge seo, mar aon leis na hainmneacha Béarla, le feiceáil in Aguisín G. Tá na leaganacha Gaeilge faofa a chuir an Brainse Logainmneacha ar ais chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe le feiceáil sa liosta céanna. Is minic, áfach, nach réitíonn an leagan a sholáthair an Brainse Logainmneacha faoin Togra Sráidainmneacha 2006–2008 leis an leagan atá le feiceáil ar an gcomhartha inniu. Is sampla maith den neamhréireacht seo é an leagan Gaeilge de ‘Lurgan Park’ i gcathair na Gaillimhe. Is é *Páirc Lurgan* an leagan atá molta ag an mBrainse Logainmneacha faoin Togra Sráidainmneacha 2006–2008 ach tá ‘Páirc Lurgann’ le feiceáil ar an gcomhartha féin sa chathair mar is soiléir ón ngrianghraf thíos:



Figióir 4.2 Páirc ‘Lurgann’, cathair na Gaillimhe

Ní hamháin go raibh easpa aontais sa Chomhairle Cathrach maidir le sráidainmneacha dátheangacha sa chathair ach bhí ganntanas eolais ann maidir leis na comharthaí turasóireachta dátheangacha freisin.

4.3.2: Ganntanas eolais maidir le Comharthaí Turasóireachta Dátheangacha

Chuir an taighdeoir an cheist seo a leanas i rith an phróisis agallaimh maidir le comharthaíocht turasóireachta: ‘Cén fáth nach i gcónaí a thaispeántar an leagan Gaeilge ar na síneacha turasóireachta?’ Níor mheas an tOifigeach Forbartha Gaeilge go raibh dualgas ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe maidir leis seo sa Scéim faoi *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* ach bhí a fhios ag an Innealtóir Sinsearach go raibh alt sa *Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht*a a foilsíodh sa bhliain 2011 ag an Roinn Iompair maidir le comharthaí turasóireachta. Bhí seisean den tuairim go raibh teoracha ann maidir le leagan dátheangach ar chomharthaí turasóireachta. Is é seo a leanas an t-eolas atá le fáil in Alt 4.1.11 den *Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht*a maidir le comharthaí faisnéiseacha:

‘Text on information signs shall be displayed in both Irish and English. In some instances providing two signs, one in each language, may be appropriate’

Tugtar an léaráid shamplach seo in Alt 4.1.3:



Figióir 4.3: Mala ón *Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht*a

Is í fírinne an scéil áfach ná go bhféachtar ar chomharthaí turasóireachta mar chomharthaí faisnéiseacha ón mbliain 1985. D'fhoráil Alt 1.5(2) de *Signposting specification in relation to all amenity signing* (1985) go mbeadh an leagan Gaeilge in uachtar agus an leagan Béarla in íochtair ar chomharthaí turasóireachta. Bheadh focail agus logainmneacha Gaeilge sa chás íochtair agus bheadh an leagan Béarla sa chás uachtair ar gach comhartha. Ina theannta sin tugtar an treoir seo a leanas in Alt 1.6(1) de *Signposting specification in relation to all amenity signing*:

All Tourist/Amenity signs will have a “tourist brown” background with white lettering, distance indication and signed in white

Ghlac an Roinn Comhshaoil leis an lámhleabhar *Criteria for the Provision of Tourist Attraction and Accommodation Signs* sa bhliain 1988. Cuireadh maoiniú de £650,752 ar fáil d'fhógairt na gclár turasóireachta faoin Chlár Oibriúcháin Turasóireachta 1989–1993. Tháinig an maoiniú seo faoi riarachán Bhord Fáilte i gcomhar leis na heagraíochtaí turasóireachta réigiúnacha agus na húdaráis áitiúla (Bord Fáilte, 1995).

Mar sin féin nuair a cuireadh ceist tóraíochta ar an Innealtóir Sinsearach maidir leis an bhfáth nach i gcónaí a bhíonn an leagan Gaeilge le feiceáil ar chomharthaí turasóireachta dúirt sé go bhfágтар méid áirithe comharthaíochta ar leataobh le haghaidh áitribh tráchtála, agus go raibh a leithéid de chomharthaí le feiceáil i mBóthar na Trá go háirithe. Is minic a fheictear comharthaí donna le hainm óstáin i mBeárla amháin orthu i gcathair na Gaillimhe. Tá comhartha samplach le feiceáil sa ghrianghraf thíos:



Figiúir 4.4: Comhartha Turasóireachta le Béarla amháin

Luaigh an t-Innealtóir Sinsearach ceantar Bhóthar na Trá i gcathair na Gaillimhe; tá comhartha donn ann don uisceadán:



Figióir 4.5: Grianghraf den chomhartha don uisceadán i gcathair na Gaillimhe

Níl an leagan Gaeilge le feiceáil ar an gcomhartha don ‘Galway Lawn Tennis Club’ sa ghrianghraf thíos:



Figióir 4.6: Galway Lawn Tennis Club i gcathair na Gaillimhe

Sampla eile is ea an comhartha do ‘Ocean Fitness’ sa ghrianghraf seo freisin:



Figióir 4.7: Ocean Fitness i gcathair na Gaillimhe

D’ainneoin an nóis seo dúirt an t-Innealtóir Sinsearach nach bhfaightear aon fhiosruithe maidir leis na comharthaí turasóireachta sa chathair. Féachfar ar an nganntanas eolais maidir le stair na comharthaíochta dátheangaí sa chéad mhír eile.

4.4: Ganntanas eolais maidir le Stair na Comharthaíochta Dátheangaí

Nuair a tháinig an taighdeoir chomh fada leis na ceisteanna maidir le stair na comharthaíochta dátheangaí ba léir nach raibh aon eolas ag an Innealtóir Sinsearach ar an chéadair ar tosaíodh ag crochadh comharthaíocht dhátheangach sa chathair. Dá bharr sin ní raibh aon eolas aige ar an seanchóras a bhí ann. Mar sin rinne an taighdeoir teagmháil ghutháin le hiar-theicneoir Chomhairle Cathrach na Gaillimhe Dé Céadaoin 29 Iúil 2011. D'oibrigh an duine seo mar Phríomhtheicneoir sa Rannóg Forbartha agus Pleanála le linn a shaol oibre i gComhairle Cathrach na Gaillimhe. Nuair a cuireadh an cheist chéanna air, is é sin, cén uair ar tosaíodh ag crochadh comharthaíocht dhátheangach sa chathair, thug sé buille faoi thuairim gur tharla sé sin thart ar 50 nó 60 bliain ó shin. Ba chuimhin leis comharthaíocht dhátheangach a fheiceáil i mBóthar na Trá thart ar an uair sin. Dúirt sé gurbh fhéidir gur tosaíodh ar chomharthaíocht dhátheangach a chur suas le linn teacht i bhfeidhm Saorstát Éireann sa bhliain 1922. Cé go raibh roinnt eolais breise ag an duine seo ní raibh sé in ann dáta nó bliain chinnte maidir le stair na comharthaíochta dátheangaí a sholáthar don taighdeoir.

Cheal eolais an Innealtóra Sinsearaigh agus iar-theicneoir Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i dtaobh stair na comharthaíochta níorbh fholáir don taighdeoir teagmháil a dhéanamh le duine eile a bhí eolasach ar an ábhar. Chuige seo bhí agallamh ag an taighdeoir le fear darb ainm Joe Gallagher Dé Sathairn 21 Eanáir 2012. Dar leis ba é craobh na hÉireann de Chumann na nGluaisteán a bhí freagrach as comharthaí an Stáit ó 1912 suas go dtí na 1950idí. Tugadh cumhacht do Chumann na nGluaisteán comharthaí a chur ar fáil do bhaill an Chumainn; bhí an chuid is mó de chomharthaí an chumainn dátheangach agus scríobhtaí an leagan Gaeilge sa chló Rómhánach. Tá an chomhartha thíos ar cheann de na comharthaí is coitianta ó Chumann na nGluaisteán a bhí le feiceáil ar fud an Stáit ach níl aon Ghaeilge air:



Figiúir 4.8: Comhartha Chumann na nGluaisteán - Duncormick

Chuir Cumann na nGluaisteán comharthaí teorainn contae, réamhchomharthaí treo, comharthaí méar eolais agus comharthaí d'óstáin ar fáil anuas go dtí an bhliain 1939. Ar thosú an Dara Cogadh

Domhanda sa bhliain sin baineadh gach comhartha treo de bhóithre an Stáit chun fórsa an namhad a chur ar strae dá ndéanfaí ionsaí ar an Stát.

Bhí comharthaí treo mar seo le fáil ar na príomhbhóithre amháin ag deireadh na 1940idí agus tús na 1950idí. Baineadh úsáid as an seanchló ar chomharthaí le linn na tréimhse seo de ghnáth. Tá an chuma a bhí ar chomharthaí an Stáit ag an am sin le feiceáil sa ghrianghraf thíos:




Figiúir 4.9: Comhartha ó na 1940idí (faighte ó Joe Gallagher)

Cuireadh iachall ar Bhord Fáilte comharthaíocht a chur ar fáil do na húdaráis áitiúla sa Stát faoi réir an *Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1952*. Thosaigh Joe Gallagher ag obair do Bhord Fáilte sa bhliain 1952. Tháinig soláthar na comharthaíochta uilig faoina chúram mar Oifigeach na mBóithre, le comhairle ó Chigire na mBóithre sa Roinn Rialtais Áitiúil ón mbliain 1957 ar aghaidh. Nuair a tosaíodh ar an gcomharthaíocht dhátheangach a chrochadh sna 1950idí bhaintí úsáid as an bpróiseas seiceála céanna maidir leis an leagan Gaeilge. Ar dtús dheineadh Joe Gallagher an suirbhé ábhartha. Sheiceáladh sé an leagan Gaeilge leis an mBrainse Logainmeacha ón mbliain 1955 ar aghaidh nó sheiceáladh sé an leagan Gaeilge in *Ainmneacha Gaeilge na mBailte Poist* (1969). Dheineadh an t-údarás áitiúil é seo a sheiceáil agus a fhaomhadh agus sheoltaí an suirbhé ar ais chuig Joe Gallagher. Bhíodh próiseas tairisceana ann ansin agus thugtaí conradh trí bliana (de ghnáth) do chuideachta déanta comharthaí. Rinneadh soiléiriú ar dhualgais Bhord Fáilte maidir leis an gcuma a bheadh ar chomharthaí an Stáit sa *Chéad Sceideal, Cuid 1* de na *Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Síneacha) 1962 (Uimhir 171 de 1962)*:

PART I—INFORMATIVE SIGNS

- a) To indicate, at a road junction, the place or places to which a road leads, the distance or distances in miles to such place or places, and the route letter and number, if any, of the route indicated.



Sín Uimh. 1.

Sign No. 1.



Sín Uimh. 2.

Sign No. 2.

Ba é Nenagh Aluminium an chuideachta déanta comharthaí a d'oibrigh i gcomhar le Bord Fáilte anuas go dtí na 1970idí chun na leaganacha cuí a chur ar chomharthaí Stáit. I ngeall ar chomhoibriú idir an chuideachta seo agus Oifigeach na mBóithre, Joe Gallagher, crochadh comharthaí ar fud an Stáit cosúil leis an gceann sa ghrianghraf thíos:



Figiúir 4.10 Comhartha ó na 1970idí (faighte ó Joe Gallagher)

Baineadh cúram na comharthaíochta de Joe Gallagher ar feadh tréimhse ag deireadh na 1970idí agus ag tús na 1980idí agus ba bheag obair a rinne Bord Fáilte maidir le comharthaíocht fhaisnéiseach treoch nó cuailí eolais turasóireachta ó 1973 go dtí 1984 (Bord Fáilte, 1995).

Tugadh cúram na comharthaíochta ar ais do Joe i lár na 1980idí agus cuireadh aighneacht faoi bhraid na Roinne Comhshaoil sa bhliain sa bhliain 1984 a leag béim ar ghanntanas comharthaí faisnéiseacha treocha ar bhóithre contaetha agus réigiúnacha agus ar ghanntanas comharthaí faisnéiseachta turasóireachta (Bord Fáilte, 1995). Bunaíodh fochoiste don tionscadal cuailí eolais seo. Bhí

ionadaithe ó Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (an tUasal S Hayes, an tUasal S McCarthy agus an tUasal B Treacy) mar aon le hionadaithe ó Bhord Fáilte (an tUasal S Browne agus an tUasal J Gallagher) ar an bhfochoiste seo (Bord Fáilte, 1985). Mhol ionadaithe an fhochoiste obair dhíograiseach an Uasail Joe Gallagher agus a chomhpháirtithe ar ábhar na tuarascála agus aontaíodh leis an tionscadal faoi réir coinníollacha áirithe. Chuige seo cuireadh straitéis in iúl chun cur i bhfeidhm an tionscadail a chinntiú. Rinneadh tagairt faoi leith don leagan Gaeilge agus Béarla ar chomharthaíocht in Alt 3(f) den straitéis seo:

Discussions should be held with the Minister of the Environment/Roinn na Gaeltachta/Irish language organisations to seek a change in the legislation which would allow English language on signs in the Gaeltacht. A scheme should be devised so that while giving priority to the Gaelic form subsidiary use of English would be allowed. Continued use should be made of the services provided by the Place Names Commission. The place names, whether in the Irish or English form, should be as simple as possible.

Tionóladh clár píolótach ar chomharthaí faisnéiseacha treocha agus comharthaí faisnéiseacha turasóireachta in Inis Eoghain, Contae Dhún na nGall sa bhliain 1985 (Bord Fáilte, 1995). Rinne Bord Fáilte agus Cumann na mBainisteoirí Contae athbhreithniú ar an gclár seo agus bunaíodh meitheal oibre chun cuailí eolais maidir le comharthaíocht fhaisnéiseach treoch a chur ar fáil ar bhóithre réigiúnacha agus ar bhóithre contaetha freisin nuair a d'fhéadfaí é sin a dhéanamh. Ba é toradh na meithle oibre seo ná clár comhaontaithe maidir le comharthaíocht ar bhóithre réigiúnacha áirithe sna contaetha is mó éileamh turasóireachta (Bord Fáilte, 1995). Déantar cur síos ar an cuma a bheidh ar an leagan Gaeilge ar na comharthaí faisnéiseacha in Alt 1.5(2) de *Signposting specification in relation to all amenity signing* sa bhliain 1985:

In bilingual signs, the Irish version shall be placed directly over the English version. In all signs Irish words and place-names shall be in lower case lettering with initial capitals where appropriate whilst the English version of place-names shall be entirely in upper case letters

Sa mhullach air sin léirítear é seo a leanas in Alt 1.5(3) de *Signposting specification in relation to all amenity signing*:

The Irish script shall be inclined to the right at an angle of 15 degrees to the vertical.

Mar sin bhain an córas comharthaíochta nua seo le gach saghas comhartha. Tá comhartha samplach ón gclár píolótach úd in Inis Eoghain le feiceáil sa ghrianghraf thíos:



Figióir 4.11: Comhartha ó Inis Eoghain 20 Márta 1980 (faighte ó Joe Gallagher)

Ba é Bord Fáilte a bhí i mbun na gcuailí eolais turasóireachta faoi réir an Chláir Oibriúcháin Turasóireachta 1989–1993. Chomh maith leis an gcomharthaíocht turasóireachta lean Bord Fáilte air ag déanamh suirbhéanna do na cuailí eolais treocha thar ceann na n-údarás áitiúla go dtí gur rinneadh athchóiriú ar dhualgais na hinstiúide le bunú Fáilte Ireland faoi réir an *Achta um an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (Cuid 5) Ordú 2003 (Uimhir 205 de 2003)*. Ní ar Bhord Fáilte amháin a thit cúram na Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit as sin amach; titeann an fhreagracht ar an Roinn Iompair, ar an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus ar na húdarás áitiúla sa lá atá inniu ann. Tá polasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht leagtha amach sa *Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht*a a d'eisigh an Roinn Iompair sa bhliain 2011. Bhí ábhar ábhartha an *Lámhleabhair* seo ar eolas ag Innealtóir Sinsearach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ach ní raibh mórán eolais aige maidir le stair na comharthaíochta dátheangaí. Díreofar isteach ar an idirdhealú idir na hinstiúidí atá bainteach le comharthaíocht anois.

4.5: Idirdhealú idir na hInstiúidí éagsúla atá bainteach le Comharthaíocht

Ba thopaic í seo a tháinig chun solais arís agus arís eile. Is minic a theastaigh go géar ón bhfreagróir an t-idirdhealú idir na húdarás bóithre éagsúla a chinntiú. Tagann cúram na comharthaíochta ar bhóithre réigiúnacha agus bóithre áitiúla faoi Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus tagann cúram na comharthaíochta ar bhóithre náisiúnta faoin Údarás um Bóithre Náisiúnta. Baineann gnéithe éagsúla de scéal na comharthaíochta Stáit le gach údarás bóithre. Chuige seo féachfar ar an bpróiseas tairisceana anois.

4.5.1: An Próiseas Tairisceana

Nuair a cuireadh ceist ar an Innealtóir Sinsearach faoin gcaoi a ndéantar an fhógraíocht dúirt sé go mbaintear úsáid as *eTenders*. Dar leis an Innealtóir Sinsearach ní ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe amháin a thit an fhreagracht i rith an phróisis tairisceana toisc nach le Cathair na Gaillimhe amháin a bhaineann an próiseas tairisceana. Bheadh tairiscint áitiúil i gceist le comharthaí beaga agus i gcás tionscadal mór comharthaíochta bheadh tairiscint náisiúnta ann. Uaireanta bheadh baint ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta le bóthar amháin i roinnt contaetha éagsúla, cuir i gcás bóthar a théann trí Chathair na Gaillimhe agus amach trí chontae na Gaillimhe. Rinneadh cur síos ar an mbóthar N84 a ritheann trí Chathair na Gaillimhe, trí áiteanna i gContae na Gaillimhe, mar aon le háiteanna i gContae Mhaigh Eo. Sa chás seo ní chloítear le nósanna oibre aon údaráis áitiúil amháin. Bheadh baint ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta leis an mbóthar áirithe seo. Tá córas seiceála maidir leis an leagan Gaeilge riachtanach, áfach, sula gcuirtear comhartha in airde. Déanfar plé ar chrochadh na gcomharthaí anois.

4.5.2: Crochadh na gComharthaí

Nuair a cuireadh ceist ar an Innealtóir Sinsearach faoin gcaoi a ndéantar roghnú maidir le comhartha atá le crochadh, dúirt sé gur ar éileamh a chrochtar comharthaí de ghnáth. Is athchur comhartha a bhíonn ann i gcás Comhairle Cathrach na Gaillimhe níos minice ná a mhalairt. Ba é an t-athchur comharthaíochta seo príomhchúram comharthaíochta an Innealtóra Shinsearaigh le linn na dtrí bhliana a chaith sé ag obair sa Rannóg Iompair, Bonneagair, Áineasa agus Conláistí. Is fíorannamh a chrochtar comharthaí nua a dúirt sé. ‘Cé a chuireann suas na comharthaí?’ a iarradh ar an Innealtóir Sinsearach sa tríú ceist faoin cheannteideal ‘Na Céimeanna Oibre.’ Oibreoirí de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a chuireann na comharthaí in airde ar na bóithre réigiúnacha agus ar na bóithre áitiúla. Saothar díreach atá i gceist anseo. Chuir an t-Innealtóir Sinsearach tuilleadh le ceist seo an tsaothair dhírigh á rá go bhfaigheann an Chomhairle fochonraitheoirí áitiúla nó ceannaíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe na comharthaí agus cuireann oibreoirí de chuid Chomhairle na comharthaí in airde. Chuir an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív leis an scéal maidir le soláthar na comharthaíochta tráchta á rá go gcuireann an t-údarás áitiúil ábhartha comharthaíocht do bhóithre neamhnáisiúnta ar fáil (Dáil Éireann, 2005). Tagann an clár i dtaca le crochadh na gcomharthaí ar bhóithre náisiúnta faoi chúram an Údaráis um Bóithre Náisiúnta. Díreofar isteach ar an gcóras seiceála maidir leis an leagan Gaeilge anois.

4.5.3. An Córas Seiceála maidir leis an leagan Gaeilge

Theastaigh ón taighdeoir a chinntiú cén polasaí atá ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le bunús an leagain Gaeilge ar chomhartha. Dar leis an bhfreagróir is é an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta a sholáthraíonn an leagan Gaeilge i gcás chomharthaí na mbóithre náisiúnta; is í Comhairle Cathrach na Gaillimhe féin a sholáthraíonn an leagan Gaeilge do bhóithre réigiúnacha agus do bhóithre áitiúla. Mar sin ‘Cá as a dtagann na comharthaí dátheangacha’ a d’iarr an taighdeoir ar an Innealtóir Sinsearach. Dúirt sé go ndeartar na comharthaí ar an gcéad dul síos agus ceannaítear iad ó chuideachtaí déanta comharthaí ansin.

Dúradh go ndéantar seiceáil ar an leagan Gaeilge sula gcuirtear é ar chomhartha. Maidir leis an duine a dhéanann an tseiceáil sin dúirt an freagróir gurb é an t-innealtóir a dhéanann é. Bhí sé intuigthe nach é an t-Innealtóir Sinsearach féin a théann i mbun an chúraim seo ach gurb é an t-innealtóir a bhíonn ag obair ar an tionscnamh comharthaíochta ábhartha a dhéanann an tseiceáil dé ghnáth. Dúradh gurb é ‘Logainm’ príomhfhoinsé seiceála Chomhairle Cathrach na Gaillimhe lena chinntiú go mbaintear úsáid as na leaganacha údarásacha Gaeilge. (B’iomaí tagairt a rinneadh do ‘Logainm’ le linn an phróisis agallaimh agus tar éis tamaill ba léir go raibh an t-Innealtóir Sinsearach ag trácht ar an suíomh idirlín www.logainm.ie). Is é seo próiseas measúnachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe maidir leis an leagan Gaeilge cuí a chur ar chomhartha agus dúirt sé go gcloítear go daingean leis an bpróiseas seo. Is ar thóir tuilleadh eolais a bhí an taighdeoir nuair a chuir sí ceist bhreise ar an Innealtóir Sinsearach maidir le cad as a dtagann an leagan Gaeilge a bhíonn le feiceáil ar chomharthaí? Cé go díreach a dhéanann é? Mar shampla cé a chuirfeadh an leagan Gaeilge de ‘College Road’ ar fáil? Cuireadh béim ar an bhfíric gur comhartha athchurtha a bhíonn ann den chuid is mó ach go ndéantar seiceáil i gcónaí le ‘Logainm’. Chuir sé a chuid eolais maidir le suíomh idirlín (www.logainm.ie) in iúl agus dúirt sé go ndéantar seiceáil i gcónaí ar na leaganacha Gaeilge ar an suíomh idirlín sin. Ba í tuairim an Innealtóra Shinsearaigh gurb é an suíomh idirlín an fhoinsé is údarásaí dá bhfuil ann mar cé gur minic a fhaightear litriú difriúil i bhfoilseacháin éagsúla dúirt sé go gcloítear leis an leagan atá ar www.logainm.ie de ghnáth.

Maidir leis an bpróiseas seiceála dúirt sé go bhféachann sé ar an *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta* ar dtús toisc go dtugtar na teoracha sa lámhleabhar sin i dtaca leis na foinsí údarásacha atá ann chun an leagan Gaeilge a sheiceáil, www.logainm.ie ina measc. Dúirt go gcloíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe leis an reachtaíocht ábhartha mar atá leagtha amach sa *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta*. Tháinig an leagan is nua den *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta* amach i mí Feabhra 2011. Dar leis an Innealtóir Sinsearach ní bhíonn aon amhras ann maidir leis an leagan Gaeilge má chloítear leis na teoracha sa *Lámhleabhar*; níor tháinig aon leaganacha amhrasacha

faoina chúram pearsanta, a dúirt sé, agus é i mbun a chuid dualgais oibre le Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Bhí sé de nós aige áfach nuair a bhíodh sé ag obair in údaráis áitiúla roimhe seo teagmháil a dhéanamh le duine éigin in eagraíocht a bhí bainteach leis an Roinn Iompair tráth den saol. Mheas sé gurbh é sin a dheineadh sé sular bunaíodh an Brainse Logainmneacha. Faoi dheireadh fiafraíodh den fhreagróir an raibh aon rud ar na bacáin maidir le próiseas níos cruinne agus níos éifeachtaí a chur i bhfeidhm. Dúirt sé go raibh an chuma ar an scéal go gclúdófaí cúram na comharthaíochta faoi thionscadail bhóithre i gcónaí toisc go mbaineann an obair féin — is é sin, na comharthaí a chur suas — leis an Rannóg Bóithre. Ina theannta sin má théitear chomh fada leis an *Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht*a faightear na treoracha riachtanacha ar fad ann.

4.6: Conclúid

Laistigh d'ábhair na caibidle seo rinneadh trácht ar na torthaí a d'eascair as modhanna taighde an taighdeora. Rinne an taighdeoir taighde cuimsitheach ar pholasaithe éagsúla an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht ó thaobh na reachtaíochta de ón mbliain 1922 go dtí an lá inniu ann. Baineadh úsáid as achtanna agus ionstraimí reachtúla, grianghraif, agallamh leathstruchtúrtha agus cás-staidéar mar mhodhanna taighde. Tionóladh cás-staidéar nuair a rinneadh agallamh leathstruchtúrtha bunaithe ar cheistneoir le hInnealtóir Sinsearach sa Rannóg Iompair, Bonneagair, Áineasa agus Conláistí i gComhairle Cathrach na Gaillimhe.

Ba í reachtaíocht an Stáit a thug feidhm dlí don chomharthaíocht dhátheangach agus don Ghaeilge ar chomharthaíocht Stáit ó bhunú an Stáit go dtí an lá atá inniu ann. Léiríonn na grianghraif an easpa aontais atá ann maidir le sráidainmneacha dátheangacha mar aon leis an nganntanas eolais atá ann maidir le comharthaí turasóireachta dátheangacha i gcathair na Gaillimhe.

Bhí éiginnteacht san eagraíocht maidir le dualgais Chomhairle Cathrach na Gaillimhe faoi *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* agus na treoracha atá ar fáil sa *Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht*a. Bhí an t-Innealtóir Sinsearach den tuairim go raibh na treoracha cuí maidir leis an leagan Gaeilge agus Béarla ar chomharthaí le fáil sa *Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht*a a eisíodh an bhliain roimhe sin. Bhí an t-Innealtóir ar an eolas faoi na míreanna ábhartha in *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* maidir le comharthaíocht dhátheangach sa chathair ach ba léir nach raibh an tOifigeach Gaeilge ar an eolas mar an gcéanna. Mar gheall air seo tá doiléire ann maidir leis an tionchar atá ag *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* agus an Ghaeilge ar chomharthaíocht i gcathair na Gaillimhe.

Ba bheag eolas a bhí ag an Innealtóir Sinsearach ná ag iar-theicneoir Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar stair na comharthaíochta dátheangaí sa chathair. Mar sin chuaigh an taighdeoir ar thóir tuilleadh eolais ó dhaoine eile. Labhair iar-theicneoir Chomhairle Cathrach na Gaillimhe faoin mborradh i dtaca le hainmniúchán Gaeilge na n-eastát tithíochta i gcathair na Gaillimhe thart ar 20 bliain roimhe sin. Chun tuilleadh eolais ar stair na comharthaíochta dátheangaí a fháil chuaigh an taighdeoir i dteagmháil le Joe Gallagher. Léirigh Joe stair na comharthaíochta dátheangaí ón mbliain 1939 anuas go dtí 1952 nuair a thosaigh sé ag obair do Bhord Fáilte. Nuair a tosaíodh ar an gcomharthaíocht dhátheangach a chrochadh sna 1950idí bhí sé de nós ag Joe an leagan Gaeilge a cheadú leis an mBrainse Logainmneacha. Mar sin féin ba léargas é seo gur féidir le claontacht an phobail maidir leis an mBéarla ar chomharthaíocht teacht chun solais gan rabhadh agus gur cheart don té atá i bhfabhar Gaeilge ar chomharthaíocht a bheith ar an airdeall de shíor.

Tá idirdhealú soiléir idir na dualgais maidir le comharthaí a thiteann ar na hinstiúidí éagsúla atá bainteach le comharthaíocht. I gcás an próiseas tairisceana is é an t-údarás ábhartha atá freagrach as an leagan Gaeilge a sholáthar. Is í Comhairle Cathrach na Gaillimhe a chuireann na comharthaí ar bhóithre réigiúnacha agus ar bhóithre áitiúla in airde. Cuireann an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta clár bóthair i bhfeidhm maidir leis na bóithre náisiúnta. Bíonn deacrachtaí faoi leith ann nuair is gá an leagan Gaeilge a chur ar fáil. Déantar tagairt do www.logainm.ie ach ní féidir teagmháil a dhéanamh le haon oifigeach sa Chomhairle a phléann leis an ábhar toisc nach bhfuil a leithéid de dhuine ann. Mar sin féin níl sé ar intinn ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe an córas seiceála maidir leis an leagan Gaeilge ar chomhartha a athrú. Dar leo is leor na ‘checks’ ar www.logainm.ie agus na treoracha atá ar fáil sa *Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht*a.

Nuair a chuirtear an méid uilig thuasluaite san áireamh is iad seo a leanas na torthaí is suntasaí a tháinig chun solais:

- Is iomaí tagairt atá sa reachtaíocht do pholasaí Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit ó bhunú an Stáit.
- Tá éiginnteacht ann maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus an Ghaeilge ar chomharthaíocht.
- Is léiriú iad na grianghraif ar an éiginnteacht atá ann maidir leis an leagan Gaeilge ar chomharthaíocht lena n-áirítear comharthaí sráidainmneacha agus turasóireachta
- Tá ganntanas eolais ann maidir le stair na comharthaíochta dátheangaí.
- Cuirtear béim láidir ar an idirdhealú idir na hinstiúidí atá bainteach le comharthaíocht.

Mar sin ní mór don taighdeoir mionanailís a dhéanamh ar na torthaí seo chun aidhmeanna an taighde seo a chomhlíonadh. Déanfar an anailís sin sa chéad chaibidil eile.

Caibidil 5: ANAILÍS

5.1: Réamhrá

Sa chaibidil seo déantar anailís ar na sonraí atá bailithe ag an taighdeoir agus atá curtha i láthair i gCaibidil 4. Tagann na sonraí sin ón scagadh a rinneadh ar an reachtaíocht idir achtanna, ionstraimí reachtúla agus rialacháin atá forfheidhmithe ag an Stát chun seasamh dlí a thabhairt don pholasaí maidir leis an gcomharthaíocht. Tá sonraí bailithe freisin ó ghrianghraif a léiríonn saintréithe éagsúla faoin gcaoi a gcuirtear polasaí an Stáit i bhfeidhm. Chomh maith leis sin bailíodh sonraí ón gcás-staidéar a rinne an taighdeoir ar Chathair na Gaillimhe. Ba é Comhairle Cathrach na Gaillimhe an príomhionad anailíse; rinneadh cás-staidéar ar fheidhmiú na reachtaíochta i dtaobh na Gaeilge ar chomharthaíocht i gCathair na Gaillimhe ó 2006 go dtí 2011 san eagraíocht sin agus rinneadh agallamh leathstruchtúrtha bunaithe ar cheistneoir le hInnealtóir Sinsearach sa Rannóg Iompair, Bonneagair, Áineasa agus Conláistí. Déanfar anailís ar an reachtaíocht i dtús báire, go háirithe ar pholasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht ó bhunú an Stáit.

5.2: An Reachtaíocht: Polasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar Chomharthaíocht ó bhunú an Stáit

Ba léir go raibh ról lárnach ag reachtaíocht an Stáit chun feidhm dlí a thabhairt don chomharthaíocht dhátheangach agus don Ghaeilge ar chomharthaíocht Stáit ach go háirithe. Ba é an chéad phíosa reachtaíochta suntasach a bhain le comharthaíocht Stáit ná *Na Rialacháin um Chomharthaí Bóthair agus Soilse Tráchta (Uimhir 55 de 1926)* inar tugadh an t-aitheantas céanna don leagan Gaeilge agus a tugadh don leagan Béarla ar chomharthaí Stáit. Bhí tábhacht freisin leis *An Acht Iompair, 1950 (Uimhir 12 de 1950)* toisc go raibh foráil dhíreach ann a chuir dualgas ar Chóras Iompair Éireann a gcuid comharthaíochta buaine ar fad a bheith i nGaeilge nó dátheangach. Níorbh fholáir do Bhord Fáilte comharthaí faisnéise a chur ar fáil do na húdaráis áitiúla de réir *An Achta um Thrácht Cuartaíochta, 1952 (Uimhir 15 de 1952)*. Treisíodh cás na Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit le teacht i bhfeidhm *An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 (Uimhir 24 de 1961)* agus rinneadh ionstraim reachtúil a thug feidhm do chomharthaíocht dhátheangach ar chomharthaí bóthair. Is féidir a rá nár cuireadh bonn iomlán dlí faoi na leaganacha Gaeilge de logainmneacha na tíre go dtí leathchéad bliain tar éis bhunú an Stáit nuair a ritheadh *An tAcht Logainmneacha (Foirmeacha Gaeilge) (Uimhir 24 de 1973)* sa bhliain 1973. Le teacht i bhfeidhm *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* tugadh cumhacht don Aire faoi Alt 32 orduithe logainmneacha a eisiúint chun leaganacha Gaeilge de logainmneacha a chinntiú tar éis dó/di comhairle a fháil ón gCoimisiún Logainmneacha. Nuair a thagann ordú logainmneacha ar bith i bhfeidhm, cuirtear dualgas ar chomhlacht poiblí faoi *Na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Alt 9) 2008* an leagan oifigiúil d'aon logainm san Ordú sin a úsáid tar éis dátaí áirithe. Maireann tábhacht agus ábharthacht *An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961* agus na hachtanna tráchta eile, na hachtanna iompair agus *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* ar

chomharthaíocht Stáit anuas go dtí an lá atá inniu ann. Mar sin féin tá éiginnteacht ann maidir le *hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003* agus an Ghaeilge ar chomharthaíocht go fóill.

5.2.1: Éiginnteacht maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus an Ghaeilge ar Chomharthaíocht

Léiríodh an éiginnteacht i gComhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le *hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003* agus polasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit sa chaibidil roimhe seo. Is mar seo a leanas a sheas an scéal maidir le Gaeilge ar chomharthaí laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht:

[is] ag leaganacha Béarla na logainmneacha amháin, laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht, a bhí an seasamh oifigiúil roimh theacht i bhfeidhm Cuid 5 den Acht ar 30 Deireadh Fómhair 2003

(Ó Cuív, Seanad Éireann, 2006)

Déantar soiléiriú ar dhualgais na n-údarás áitiúil maidir leis an leagan Gaeilge de logainm agus ordú logainmneacha in Alt 32(1) Cuid 5 de *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*:

32 (1) Faoi réir fho-alt (2), féadfaidh an tAire, tar éis dó nó di comhairle a fháil ón gCoimisiún agus an chomhairle sin a bhreithniú, le hordú (dá ngairtear “ordú logainmneacha” sa Chuid seo)—

a dhearbhu gurb é an leagan Gaeilge de logainm a bheidh sonraithe san ordú cibé focal nó focail a shonróidh sé nó sí san ordú

Léiríonn an gearán samplach faoi ‘*Moycullen*’ i gCaibidil 4 áfach nár chloígh Comhairle Cathrach na Gaillimhe lena cuid dualgais faoi *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* mar atá leagtha amach in Alt 32(1) thuas. Léiríonn na grianghraif i gCaibidil 4 an easpa aontais atá ann maidir leis an leagan Gaeilge ar chomharthaíocht na cathrach. Déanfar plé ar an easpa aontais maidir le sráidainmneacha dátheangacha anois.

5.3: Easpa aontais maidir le Sráidainmneacha Dátheangacha

Chun anailís a dhéanamh ar an easpa aontais maidir le sráidainmneacha dátheangacha i gcathair na Gaillimhe ní mór sonraí Togra Sráidainmneacha 2006–2008 a thuiscint ar an gcéad dul síos. D’eascair Togra Sráidainmneacha 2006–2008 as comhoibriú idir an tSuirbhéireacht Ordanáis agus An Post ar chomhairle ón mBrainse Logainmneacha. Faoi réir téarmaí an Togra iarradh ar gach údarás áitiúil sa Stát na leaganacha Gaeilge de na sráidainmneacha a tháinig faoina gcúram ag an am sin a sheoladh chuig an mBrainse Logainmneacha. Ghlac Comhairle Cathrach na Gaillimhe páirt sa Togra seo. Cé

gur sheol an Brainse Logainmneacha an liosta sráidainmneacha údarásach chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe, áfach, tháinig sé chun solais le linn an phróisis agallaimh gurb amhlaidh go bhfuil liosta sráidainmneacha eile ag Gaillimh le Gaeilge agus ceann eile ag Ard-Oifig an Phoist i gCathair na Gaillimhe freisin. Rinne an taighdeoir mionscagadh idir na liostaí seo agus an liosta atá faofa ag an mBrainse Logainmneacha. Tá difríochtaí suntasacha idir na liostaí sráidainmneacha éagsúla. Mar shampla, cé go mbaineann Gaillimh le Gaeilge agus Ard-Oifig an Phoist úsáid as *Páirc Lurgan* – an leagan a mhol an Brainse Logainmneacha faoin Togra Sráidainmneacha 2006–2008 — tá ‘Páirc Lurgann’, le feiceáil ar an gcomhartha féin sa chathair mar a léiríodh sa ghrianghraf i gCaibidil 4. Is léir mar sin nach gcloíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe leis na leaganacha Gaeilge údarásacha atá faofa ag an mBrainse Logainmneacha. Pléifear an ganntanas eolais maidir le comharthaí turasóireachta dátheangacha anois.

5.4: Ganntanas eolais maidir le Comharthaí Turasóireachta Dáttheangacha

Soiléiríodh dualgais na n-údarás áitiúla maidir le comharthaí turasóireachta sa bhliain 1985 nuair a rinne Bord Fáilte agus Cumann na mBainisteoirí Contae athbhreithniú ar chlár píolótach maidir le comharthaí faisnéiseacha treocha agus comharthaí faisnéiseachta turasóireachta in Inis Eoghain, Contae Dhún na nGall. Bunaíodh meitheal oibre chun córas so-aitheanta agus rialta a chur i bhfeidhm do chomharthaí turasóireachta. De thoradh na meithle oibre seo foilsíodh lámhleabhar caighdeánach ar chomharthaíocht turasóireachta (Bord Fáilte, 1995). De réir na dtreoirínte sa lámhleabhar seo níor mhór an leagan Gaeilge mar aon leis an leagan Béarla a bheith le feiceáil ar chomharthaí turasóireachta mar atá sa ghrianghraf thíos:



Figiúir 5.1: Comhartha turasóireachta - Mainistir na Búille (faighte ó Joe Gallagher)

In ainneoin gurb é seo an leagan amach riachtanach do chomharthaí turasóireachta is minic a fheictear comharthaí turasóireachta donna leis an leagan Béarla amháin orthu i gcathair na Gaillimhe (mar a léiríodh i gCaibidil 4). Bhí an t-Innealtóir Sinsearach den tuairim go raibh teoracha le fáil sa *Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht*a maidir leis an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla ar a leithéid de chomharthaí. Dá bhrí sin ba cheart go mbeadh an leagan Gaeilge mar aon leis an leagan Béarla le feiceáil ar chomharthaí turasóireachta i gcathair na Gaillimhe. Dúradh go raibh feidhm

fógraíochta ag a lán de na comharthaí turasóireachta donna ar fud na cathrach agus nach raibh an leagan Gaeilge le feiceáil orthu i gcónaí. Ganntanas eolais atá i gceist anseo. Déanfar plé ar ghanntanas eolais maidir le stair na comharthaíochta dátheangaí sa chéad mhír eile.

5.5: Ganntanas eolais maidir le Stair na Comharthaíochta Dátheangaí

Dar le Joe Gallagher, Oifigeach na mBóithre le Bord Fáilte ó na 1950idí suas go dtí na 1990idí, ba é an craobh de Chumann na nGluaisteán in Éirinn a chuir comharthaí dátheangacha ar fáil sa Stát den chéad uair. Ag deireadh an Dara Cogadh Domhanda sa bhliain 1945 ní raibh mórán comharthaí treo sa Stát cé go raibh líon na ngluaisteán ag dul i méid ag an am seo. Ní raibh Cumann na nGluaisteán sásta comharthaí a chur ar fáil don phobal i gcoitinne faoin am seo. Ag eascairt as Cuid 1 de *Na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Síneacha) 1962 (Uimhir 171 de 1962)* níorbh fholáir comharthaí a chur ar fáil a raibh an leagan Gaeilge in uachtar i gceannlitreacha agus an leagan Béarla thíos i gcló Rómhánach. Baineadh úsáid as an cur chuige seo ar chomharthaíocht le linn na 1970idí.

Baineadh cúram na comharthaíochta de Joe Gallagher sna 1970idí ach tugadh an cúram sin ar ais dó i lár na 1980idí. Bhí athrú tagtha ar an leagan amach agus ar an tsonraíocht a bheadh ar chomharthaí idir an dá linn. Nuair a cuireadh aighneacht faoi bhraid na Roinne Comhshaoil sa bhliain 1984 faoin nganntanas comharthaí faisnéiseacha treocha ar bhóithre contaetha agus réigiúnacha agus faoin nganntanas comharthaí faisnéiseachta turasóireachta, bunaíodh fochoiste don tionscadal cuailí eolais le hionadaithe ó Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach agus ionadaithe ó Bhord Fáilte. Chuir siad straitéis i dtoll a chéile le tagairt faoi leith don leagan Gaeilge agus Béarla ar chomharthaíocht in Alt 3(f) den straitéis. Dar leis an straitéis ba cheart go mbeadh athrú sa reachtaíocht ionas go mbeadh an leagan Béarla mar aon leis an leagan Gaeilge le feiceáil ar chomharthaí sa Ghaeltacht ach go mbeadh an leagan Gaeilge chun tosaigh. Ba cheart freisin teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún Logainmneacha chun an leagan Gaeilge a chinntiú.

Tionóladh clár píolótach ar chomharthaí faisnéiseacha agus ar chomharthaí turasóireachta in Inis Eoghain, Contae Dhún na nGall sa bhliain 1985 (Bord Fáilte, 1995). Cé gur rinneadh cur síos ar an cuma a bheidh ar chomharthaí faisnéiseacha ó thaobh an leagain Gaeilge de in Alt 1.5(2) agus in Alt 1.5(3) de *Signposting specification in relation to all amenity signing* sa bhliain 1985 ní i gcónaí a cloíodh leis an gcóras comharthaíochta nua seo mar is léir ón ngrianghraf samplach i gCaibidil 4.

Tháinig dualgas na gcuailí eolais turasóireachta faoi chúram Bhord Fáilte de réir Clár Oibriúcháin Turasóireachta 1989–1993. Sa mhullach air sin lean Bord Fáilte air ag déanamh suirbhéanna do na

cuaillí eolais treocha thar ceann na n-údarás áitiúla go dtí gur rinneadh athchóiriú ar dhualgais na hinstitiúide sa bhliain 2003. Bunaíodh Fáilte Ireland faoi réir *An tAcht um an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (Cuid 5) Ordú 2003 (Uimhir 205 de 2003)* agus as sin amach ní ar Bhord Fáilte amháin a thit cúram na Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit. Ó shin i leith titeann cúram na comharthaíochta ar an Roinn Iompair, ar an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus ar na húdaráis áitiúla. Cuirtear polasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht in iúl sa *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta* a d'eisigh an Roinn Iompair sa bhliain 2011. Cé go raibh ábhar ábhartha an *Lámhleabhair* seo ar eolas ag Innealtóir Sinsearach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ba léir nach raibh mórán eolais aige maidir le stair na comharthaíochta dátheangaí. Díreofar isteach ar an idirdhealú idir na hinstitiúidí atá bainteach le comharthaíocht anois.

5.6: Idirdhealú idir na hInstitiúidí éagsúla atá bainteach le Comharthaíocht

Is iomaí uair a rinne an t-Innealtóir Sinsearach idirdhealú idir dualgais na n-institiúidí éagsúla maidir le comharthaíocht Stáit le linn an phróisis agallaimh. Léirítear dualgais na n-institiúidí éagsúla maidir le comharthaíocht go soiléir sna díospóireachtaí Dála. Bhí an méid seo le rá ag Éamon Ó Cuív T.D., an tAire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, ar an ábhar sa Dáil sa bhliain 1997:

Is gnó é do na hÚdaráis Áitiúla éagsúla aghaidh a thabhairt ar na cúrsaí seo i gcomhairle, de réir mar is gá, leis an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil agus leis an gCoimisiún Logainmneacha atá faoi scáth na Roinne Airgeadais.

(Dáil Éireann, 1997)

D'admhaigh Ó Cuív áfach go raibh deacrachtaí ag baint leis an leagan Gaeilge ar chomharthaí ó thaobh an phróisis tairsceana de, ó thaobh crochta na gcomharthaí de, agus ó thaobh an chórais seiceála de.

Tá idir thairiscintí réigiúnacha agus thairiscintí náisiúnta ann. I gcás na dtairiscintí réigiúnacha tagann cúram na comharthaíochta faoi Chomhairle Cathrach na Gaillimhe amháin ach i gcás na dtairiscintí náisiúnta ní foláir do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe comharthaí a chur in airde i gcomhar le húdaráis bóthair eile nó leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta. Bhí leaganacha míchearta Gaeilge á gcrochadh ag údaráis áitiúla áirithe (mar a bhí le feiceáil sna grianghraif shamplacha i gCaibidil 2). Mar sin tá sé riachtanach go leagfaí síos leagan caighdeánach údaráithe agus go gcloífi leis na nóseanna imeachta cuí maidir le hainmniúchán Gaeilge (Dáil Éireann, 1999). Chuige seo chuir an Coimisiún Logainmneacha comhairle ar fáil don Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltacha maidir leis na leaganacha Gaeilge de logainmneacha de réir Cuid 5 de *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*,

lena n-áirítear logainmneacha na hÉireann agus sráidainmneacha. Cuireann an Brainse Logainmneacha tacaíocht ar fáil don Choimisiún Logainmneacha (Pat Carey, T.D., Dáil Éireann, 2008). Déanann an t-Innealtóir Sinsearach www.logainm.ie a cheadú agus déanann sé tagairt freisin don *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta* (eisiúchán ag an Roinn Iompair sa bhliain 2011) agus an leagan Gaeilge á sheiceáil aige. Tugtar tosaíocht don leagan ar Bhunachar Náisiúnta na hÉireann (www.logainm.ie). Tá an cur chuige seo le moladh ach toisc nach leagtar an fhreagracht ar aon duine ar leith an leagan Gaeilge a sheiceáil agus toisc nach ndéanann gach údarás bóthair seiceáil chuimsitheach (mar atá léirithe thuas) is minic a fheictear leaganacha Gaeilge lochtacha ar chomharthaí ar fud an Stáit.

5.7: Conclúid

Sa chaibidil seo rinneadh mionanailís ar na torthaí a tháinig chun cinn le linn an phróisis taighde. Tá an-tionchar ag baint leis an reachtaíocht ar cheist na Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit ó bhunú Saorstát Éireann sa bhliain 1922. Tháinig athruithe áirithe ar pholasaí an Stáit le himeacht ama ach is maith ann an bonn dlíthiúil chun stádas na Gaeilge ar chomharthaíocht a chinntiú. Sa mhullach air sin tá éiginnteacht ann i gComhairle Cathrach na Gaillimhe faoi *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* faoi pholasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit. Dar le hÉamon Ó Cuív, T.D., a bhí ina Aire ag an am, tá tábhacht ag baint le Cuid 5 de *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* toisc go dtugann sé cumhacht don Aire an leagan Gaeilge de logainm a chinntiú le hordú logainmneacha tar éis comhairle a fháil ón gCoimisiún Logainmneacha. Ní i gcónaí a chloítear le hábhar an ailt seo, agus tá an gearán samplach faoi chomhartha *Mhaigh Cuilinn* againn mar fhianaise ar an méid seo.

Ba léiriú an-éifeachtach iad na grianghraif de chomharthaí éagsúla ar fud an Stáit a thaispeánann nach i gcónaí a chloítear leis na dualgais reachtaíochta maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit. Tá easpa aontais ann maidir leis an leagan Gaeilge ar shráidainmneacha i gcathair na Gaillimhe toisc nach n-úsáidtear an leagan Gaeilge údarásach atá faofa ag an mBrainse Logainmneacha ar gach comhartha. Is é is cúis leis an easpa aontais seo ná gurb amhlaidh atá trí liosta sráidainmneacha le fáil, mar atá ceann ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, ceann ag Gaillimh le Gaeilge agus ceann ag Ard-Oifig an Phoist sa chathair. Is ábhar imní é seo mar is tábhachtaí ainm na sráide ná ainm an bhaile fearainn sa lá atá inniu ann (De Bhaldraithe, 1998) agus ní mór go mbeadh an leagan Gaeilge ceart le feiceáil ar chomharthaí i gcathair na Gaillimhe.

Ní taise do na comharthaí turasóireachta sa chathair, mar a léiríonn na grianghraif freisin. Nuair a rinne Bord Fáilte agus Cumann na mBainisteoirí Contae athbhreithniú ar chlár píolótach maidir le

comharthaí faisnéiseacha treocha agus comharthaí faisnéiseachta turasóireachta in Inis Eoghain, Contae Dhún na nGall sa bhliain 1985 rinneadh soiléiriú ar dhualgais na n-údarás áitiúla maidir le comharthaí turasóireachta. Chuir an grúpa oibre seo lámhleabhar caighdeánach ar chomharthaíocht turasóireachta (Bord Fáilte, 1995) i dtoll a chéile. De réir an lámhleabhair seo ba cheart go mbeadh an leagan Gaeilge le feiceáil ar chomharthaí turasóireachta chomh maith leis an leagan Béarla. Cuireadh an grianghraf de chomharthaí turasóireachta de *Mhainistir na Búille* ar fáil mar fhianaise air seo. D'ainneoin an eolais seo, áfach, is minic a fheictear comharthaí turasóireachta donna i gcathair na Gaillimhe nach bhfuil ach an t-ainm Bearla orthu (mar a léiríodh i gCaibidil 4). Tarlaíonn a leithéid seo toisc nach bhfuil dualgais Chomhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le Gaeilge ar chomharthaí turasóireachta leagtha amach go soiléir.

Ba bheag eolas a bhí ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le stair na comharthaíochta dátheangaí. Dá bhrí sin chuaigh an t-údar i dteagmháil le Joe Gallagher (Oifigeach na mBóithre le Bord Fáilte ó na 1950idí go dtí na 1990idí). Ba é Cumann na nGluaisteán a bhí freagrach as comharthaí dátheangacha an Stáit ar dtús agus cuireadh grianghraf de 'Duncormick' ar fáil mar shampla. Le teacht i bhfeidhm Cuid 1 de *Na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Síneacha) 1962 (Uimhir 171 de 1962)* cuireadh an leagan Gaeilge in uachtar i gceannlitreacha agus an leagan Béarla in íochtar i gcló Rómhánach. Cuireadh grianghraf samplach ó na 1970idí ar fáil mar léiriú air seo. Tháinig foilseachán dar teideal *Signposting specification in relation to all amenity signing* amach sa bhliain 1985. Cuireadh grianghraf samplach ón gclár píolótach in Inis Eoghain ar fáil chun an dearadh nua ar chomharthaí dátheangacha a thaispeáint. Nuair a bunaíodh Fáilte Ireland de réir *An tAcht um an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (Cuid 5) Ordú 2003 (205 de 2003)* aistríodh cúram na comharthaíochta go dtí an Roinn Iompair, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus na húdaráis áitiúla. Cuirtear polasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht in iúl sa *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta* a d'eisigh an Roinn Iompair sa bhliain 2011.

Tá idirdhealú soiléir idir na hinstitiúidí atá bainteach le comharthaíocht. Ní go rómhaith a thuigeann gach institiúid a ról maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit agus, dá bhrí sin, ní chomhlíontar na dualgais reachtúla ar fad a thagann faoina gcúram. Mar sin ní i gcónaí a chloítear le ceartfhoirm Ghaeilge an Bhrainse Logainmneacha ná leis na dualgais atá leagtha amach go soiléir sa *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta*. Cé go bhfuil a ainm in airde i dtaobh an dátheangachais ag Cathair na Gaillimhe ní thagann cúram na Gaeilge ar chomharthaíocht go huile is go hiomlan faoi bhráid na Comhairle Cathrach amháin. Tá liostaí sráidainmneacha éagsúla ag institiúidí éagsúla sa chathair agus tá toradh na míthuisceana sin le feiceáil ar an iliomad comharthaí lochtach i gCathair na Gaillimhe

agus go deimhin ar fud an Stáit. Is léiriú soiléir é seo ar pholasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit sa lá atá inniu ann.

Caibidil 6: Tátail agus Moltaí

6.1: Léargas ar an Taighde

Díríodh isteach sa léirmheas litríochta i gCaibidil 2 ar an saothar acadúil atá déanta sa réimse seo. Léiríodh an stair institiúideach a bhaineann le heagrais a raibh baint acu le Gaeilge ar chomharthaíocht stáit ó bhunú an stáit. Rinneadh tagairt faoi leith do Chumann na nGluaisteán agus do Bhord Fáilte. Bunaíodh craobh de Chumann na nGluaisteán in Éirinn sa bhliain 1910 agus thosaigh an Cumann ag crochadh comharthaí bóthair dátheangacha sa bhliain 1937 — an chéad uair a cuireadh comharthaí dátheangacha ar fáil sa Stát. Thit cúram na Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit ar Bhord Fáilte ó na 1930idí anuas go dtí an bhliain 1955 nuair a tugadh an t-ainm Bord Fáilte Éireann ar an eagraíocht; athainmníodh an eagraíocht athuair sa bhliain 2003 mar Fáilte Ireland. Titeann freagracht na Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit ar an Roinn Iompair, ar an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus ar na húdaráis áitiúla sa lá atá inniu ann. Is léargas éifeachtach atá sna grianghraif ar an easpa comhsheasmhachta atá ann idir na hinstitiúidí éagsúla atá bainteach le scéal na Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit. Ba shoiléir ó ábhar na caibidle seo nach raibh aon institiúid Stáit ar leith freagrach as cúram na Gaeilge ar chomharthaíocht ó bhunú an Stáit agus is beag athrú atá tagtha ar an scéal sin ó shin.

Ba shoiléir don taighdeoir go raibh géarghá le taighde cuimsitheach a dhéanamh ar pholasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht i bhfianaise na sonraí a tháinig chun solais sa Léirmheas Litríochta. Chuige seo rinneadh scagadh ar na buntáistí agus míbhuntáistí a bhain leis na dearaí taighde éagsúla atá ar fáil don taighdeoir. Ina measc seo bhí an dearadh triantánachta, an dearadh mínitheach, an dearadh leabaithe agus an dearadh taiscéalaíoch. Ba é tuairim an taighdeora gurbh é an dearadh taiscéalaíoch ab fheiliúnaí don taighde seo toisc go ligfeadh sé don taighdeoir taighde a dhéanamh ar an ábhar seo taobh istigh d’eagraíocht faoi leith. Rinneadh cinneadh ar úsáid a bhaint as modhanna taighde cáilíochtúla agus cainníochtúla in éineacht toisc go bhfaighfí torthaí níos cuimsithí agus níos iomláine as cur chuige taighde dhá-fhréamhach. Cloíodh leis na prionsabail eiticíúla a fhoráileann nach ndéanfaí aon díobháil do na rannpháirtithe, go dtabharfaí aon eolas ábhartha do na rannpháirtithe roimh ré, nach mbeadh aon sárú príobháideachta ann agus nach mbeadh dallamullóg ann. Socraíodh go mbaileofaí sonraí a thabharfadh léargas ar an gceist taighde trí iniúchadh a dhéanamh ar reachtaíocht ábhartha, trí ghrianghraif de chomharthaí agus trí chás-staidéar a dhéanamh ar Chomhairle Cathrach na Gaillimh chun léargas a fháil ar pholasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht.

Rinneadh plé ar an gceangal láidir idir an Ghaeilge agus Saorstát Éireann de bharr gur tugadh stádas oifigiúil náisiúnta don Ghaeilge ar bhunú an Stáit nua. Tháinig roinnt athruithe ar pholasaí an Stáit le

himeacht ama ach is maith ann an bonn dlíthiúil chun stádas na Gaeilge ar chomharthaíocht a chinntiú. Níl aon dabht ann ach gur treisíodh cás na Gaeilge nuair a tugadh tús aite don teanga mar theanga náisiúnta oifigiúil an Stáit i mBunreacht na hÉireann 1937. Bhain tabhacht le *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* ach mar sin féin tá éiginnteacht i gComhairle Cathrach na Gaillimhe maidir leis an Acht seo agus polasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit.

Chinn an t-údar ar úsáid a bhaint as uirlis taighde an agallaimh. Chuir an t-eolas a bhain an t-údar ón ábhar léitheoireachta atá ann maidir le agallamh go mór leis an gcinneadh seo. Chuige seo rinneadh agallamh leathstruchtúrtha amháin le freagróir a raibh eolas lárnach aige ar pholasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht stáit. Is mór an tábhacht a bhaineann le hagallamh mar seo mar tugtar deis don fhreagróir a chuid tuairimí féin a chur in iúl gan mórán stró (Hague, 1993). Is iomaí scil eile a bhaineann le hagallamh leathstruchtúrtha amháin freisin. Agus í i mbun oibre réamhullmhúcháin don agallamh bhain an t-údar úsáid as go leor scileanna eile chun faisnéis a fháil ó dhaoine a bhí bainteach le hábhar an tráchtais seo – uaireanta cuireadh glaoch teileafóin ar dhaoine, uaireanta cuireadh ríomhphost chuig daoine agus uaireanta socraíodh cruinnithe neamhfhoirmiúla le daoine. Baineadh úsáid as na scileanna reamhullmhúcháin seo ionas go mbeadh réamheolas suntasach ag an údar le haghaidh an agallaimh leathstruchtúrtha. Ba é seo an chéad agallamh foirmiúil a rinne an t-údar agus d'éirigh go maith léi i ngeall ar na scileanna reamhullmhúcháin seo.

Dá bhrí sin tá éiginnteacht ann maidir leis an leagan Gaeilge ar chomharthaíocht lena n-áirítear comharthaí dátheangacha, idir shráidainmneacha agus turasóireachta, i gcathair na Gaillimhe. Tá easpa aontais suntasach ann idir Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Ard-Oifig an Phoist, cathair na Gaillimhe agus Gaillimh le Gaeilge i dtaobh cé acu de trí liosta sráidainmneacha dátheangacha is údarásaí. Nuair a rinne an t-údar agallamh leis an Innealtóir Sinsearach i gComhairle Cathrach na Gaillimhe ní raibh Liosta Sráidainmneacha an Bhrairse Logainmneacha (an liosta údarásach) ar eolas aige toisc nach raibh sé ach trí bliana sa Rannóg Iompair, Bonneagair, Áineasa agus Conláistí. Ba léiriú é ar an easpa spéise ag roinnt údaráis áitiúla sna ceartfhoirmeacha Gaeilge de logainmneacha a thagann faoina gcúram, b'fhéidir, nár ghlac siad páirt i dTogra Sráidainmneacha 2006–2008 an Bhrairse Logainmneacha. Seirbhís saor in aisce ba ea í seo ach dhiúltaigh formhór na n-údarás áitiúil don chuireadh úsáid a bhaint aisti. (Tugadh cuireadh do 34 Údarás Áitiúil ach níor chuir ach 14 Údarás Áitiúil spéis ann.) Ghlac Comhairle Cathrach na Gaillimhe páirt sa togra. Nuair a luadh i rith an agallaimh an Liosta Sráidainmneacha a chuir an Brainse Logainmneacha chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe faoin Togra Sráidainmneacha 2006–2008, tháinig sé chun solais nach raibh a leithéid ar fáil go réidh ag an Innealtóir Sinsearach, a dúirt go rachadh sé ar a thóir. Rinne sé teagmháil leis an taighdeoir seachtain ina dhiaidh sin á rá go raibh sé fós á lorg. B'éigean don

taighdeoir teagmháil a dhéanamh leis ina dhiaidh sin arís. Fuarthas freagra ar ais á rá nach raibh ar chumas an Innealtóra teacht ar an Liosta Sráidainmneacha sna seanchomhaid sa Rannóg Bóthair (ríomhphost dár dháta 22 Iúil 2011). Chuir an t-údar ríomhphost eile chuige ar 24 Iúil 2011 ag iarraidh air í a choinneáil ar an eolas nuair a bheadh an liosta aimsithe aige. Cuireadh ríomhphost meabhrúcháin eile chuige 20 Meán Fómhair 2011 freisin agus fuarthas an liosta ar deireadh i mí Mheán Fómhair 2011. Mar sin féin léirigh an taighde seo nach réitíonn na leaganacha Gaeilge atá le feiceáil ar chomharthaíocht ar fud na cathrach leis an Liosta Sráidainmneacha a sheol an Brainse Logainmneacha chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Léiríodh go raibh Liosta Sráidainmneacha eile in úsáid ag Gaillimh le Gaeilge toisc gur chuir an Chomhairle Cathrach a bunliosta féin chucu ionas go bpléifeadh an Coiste Logainmneacha na sráidainmneacha. Ba mhinic moltaí an Choiste Logainmneacha Gaillimh le Gaeilge teacht salach ar na leaganacha atá ar fáil sa Liosta Sráidainmneacha ón mBrainse Logainmneacha.

Ina theannta sin tá ganntanas eolais atá ann maidir le stair na comharthaíochta dátheangaí. Ba chúis díoma nach raibh aon eolas ag an Innealtóir Sinsearach i gComhairle Cathrach na Gaillimhe ar stair na comharthaí dátheangaí sa chathair.

Tá béim láidir ar an idirdhealú idir na hinstitiúidí atá bainteach le comharthaíocht. Tá idirdhealú ann idir na hinstitiúidí atá bainteach le comharthaíocht ó thaobh an phróisis tairisceana, crochadh na gcomharthaí agus an córas seiceála maidir leis an leagan Gaeilge.

Nuair a rinneadh anailís ar an eolas seo thuasluaite uilig tháinig gnéithe áirithe chun solais, lena n-áirítear an tionchar atá ag an reachtaíocht ar pholasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht ó bhunú an Stáit; an éiginnteacht atá ann maidir le cur i bhfeidhm *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* ó thaobh na Gaeilge ar chomharthaíocht de; an éiginnteacht atá ann maidir leis an leagan Gaeilge ar chomharthaíocht lena n-áirítear comharthaí sráidainmneacha agus turasóireachta dátheangacha; an ganntanas eolais atá ann maidir le stair na comharthaíochta dátheangaí; agus an bhéim láidir ar an idirdhealú idir na hinstitiúidí atá bainteach le comharthaíocht. Mar sin féin is léir ón gcás-staidéar a rinneadh ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe go bhfuil siadsan ar a laghad ag déanamh a gcoda. Tá an obair atá déanta acu agus an t-eolas atá ag an Innealtóir Sinsearach ar an *Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht*a le moladh ach mar sin féin is mór an mhíthuiscint atá ann maidir le soláthar na gceartfhoirmeacha Gaeilge ar chomharthaíocht sa chathair. Mar gheall air sin is iomaí leagan mícheart Gaeilge atá le feiceáil ar chomharthaí éagsúla ar fud na cathrach.

6.2: Moltaí

Agus deireadh an taighde seo beagnach sroichte ag an taighdeoir anois is mithid di roinnt moltaí a chur ar aghaidh lena chinntiú go ndéanfaí rud éigin i ngeall ar shubstaint an taighde seo (Moore, 1987). Cuirfear moltaí in iúl a chuirfeadh feabhas ar pholasaí reatha an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit dá gcuirfí i bhfeidhm iad.

Dúirt Mac Mathúna an méid seo a leanas sa bhliain 1990:

Ba cheart go mbeadh córas struchtúrtha poiblí ann a dhéanfadh cúram de cheapadh agus de chur i bhfeidhm na n-ainmneacha...

(1990, 17)

Is cosúil gur beag aird a tugadh ar an moladh seo ón am sin i leith. I gcúrsaí Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit tá an chuma ar an scéal mar atá sa lá atá inniu ann gur féidir le duine a rogha rud a dhéanamh. Níl aon nasc soiléir idir na húdaráis éagsúla a roinntear an fhreagracht eatarthu, mar atá an Roinn Iompair, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus na húdaráis áitiúla, cé go ndéantar tagairt dóibh uilig mar ‘na húdaráis bóithre’. Dá bhrí sin tá easpa cumhachta chomh maith le heaspa leanúnachais ann. Tá géarghá ann anois an cur chuige seo a athrú agus córas amháin a bhunú a bheadh comhsheasmhach iontaofa .

Dúirt an Coimisiún Logainmneacha go gcaithfidh córas éifeachtach seiceála nó “léamh profaí” a bheith i bhfeidhm ar gach céim den tslí ó bhreacadh síos an leagain Ghaeilge go dtí an próiseas clóscríbhneoireachta go dtí an greanadh ar an ainmchláir (1992, lch.8). Cé gur chóir do na húdaráis bóithre teagmháil a dhéanamh leis an mBrainse Logainmneacha chun an leagan Gaeilge a sheiceáil ní aon riachtanas dlíthiúil orthu glacadh le moltaí an Bhrainse Logainmneacha. Ní raibh seoladh idirlín Bhunachar Logainmneacha na hÉireann (www.logainm.ie) ná teideal na hoifige is údarásaí sa tír, is é sin an Brainse Logainmneacha, ar bharr theanga an Innealtóra Shinséaraigh, rud a bhí le sonrú go minic ina chuid freagraí. Dheintí tagairt do ‘Logainm’ in ionad tagairt do sheoladh iomlán an tsuímh idirlín agus d’úsáidtí an focal céanna de ‘Logainm’ nuair a dheintí tagairt don Bhainse Logainmneacha.

Sa lá atá inniu ann, cé go mbeadh fonn ar a lán daoine gearán a dhéanamh maidir leis an leagan Gaeilge ar chomhartha níl aon oifig lárnach ann le cumhachtaí dlíthiúla chun déileáil leis an gceist. Ní mithid súil a chaitheamh ar an gcóras ainmniúcháin in British Columbia i gCeanada. De réir na bprionsabal ainmniúcháin geografacha ansiúd níl ach aon údarás ainmnithe amháin ann ionas go gcoinnítear córas éifeachtach a thugann léargas soiléir ar cheantair dhaonra agus ar na mórghnéithe

geografacha (British Columbia, 2000). Toisc go bhfuil údarás ainmnithe amháin ann ní bhíonn aon easpa leanúnachais maidir le ceartfhoirmeacha logainmneacha British Columbia, idir léarscáileanna, chomharthaí agus úsáid ghinearálta. Ní mór do na trí eagraíocht abhartha in Éirinn oibriú as scáth a chéile agus oifig lárnach a bhunú ionas go mbeadh pointe teagmhála deifnídeach, soiléir ag an bpobal maidir le ceartúsáid agus caighdeánú na Gaeilge ar chomharthaí Stáit. Ba cheart go mbeadh ‘An Ghaeilge ar Chomharthaíocht Stáit’ mar phríomhchúram na oifige lárnaí seo freisin.

Is mór idir caighdeán na Ghaeilge ar chomharthaíocht an Stáit ó áit go chéile agus is léir go bhfuil Gaeilge níos cruinne ag cuid de na hoifigigh forbartha Gaeilge sna húdaráis bóithre éagsúla ná a chéile. Ceann de na fadhbanna is mó dá bhfuil ann maidir le comharthaíocht go ginearálta in Éirinn is ea go mbíonn sé an-deacair teacht ar an duine taobh istigh den údarás áitiúil atá freagrach as an gcomharthaíocht. Is amhlaidh a bhí i gcás Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Cé gur éirigh leis an taighdeoir agallamh a dhéanamh le duine ón Rannóg Iompair, Bonneagair, Áineasa agus Conláistí níl duine faoi leith fostaithe ag an gComhairle Cathrach chun plé a dhéanamh ar an gcomharthaíocht i gcoitinne, gan trácht ar an nGaeilge ar an gcomharthaíocht. Bhí oifigigh forbartha Gaeilge fostaithe ag naoi n-údarás áitiúil toisc gur cuireadh maoiniú ar fáil ó Fhoras na Gaeilge don phost (Ó Murchú, 2008, 106): Comhairlí Cathrach Bhaile Átha Cliath agus na Gaillimhe; agus Comhairlí Contae an Chláir, Chorcaí, Dhún na nGall, na Gaillimhe, Chiarraí, Ros Comáin agus Phort Láirge (Ó Murchú, 2008, 106). Mar sin féin bíonn deacrachtaí ann teacht ar bhall foirne dátheangach (Ó Murchú, 2008, 105) i gcoitinne taobh istigh den chóras poiblí agus ní haon eisceacht í Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Cé go raibh Oifigeach Forbartha Gaeilge ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe i mí an Mheithimh 2011 ní raibh sí ann ach ar bhonn páirtaimseartha amháin. Bhí sí ag druidim le deireadh a socrúcháin oibre nuair a cuireadh agallamh uirthi. Fágann seo nach bhfuil aon duine faoi leith fostaithe ag an gComhairle chun déileáil le húsáid na Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit, rud a chiallaíonn nach bhfuil éinne ann faoi láthair a thuigeann na moltaí i dtaca leis an nGaeilge ar chomharthaíocht mar atá leagtha amach sa *Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht*a. Chuige seo ní mór do na húdaráis áitiúla treoirlínthe soiléire a chur i bhfeidhm maidir le dualgais an oifigigh forbartha Gaeilge. Uaireanta ní bhíonn cúraimí an oifigigh forbartha Gaeilge leagtha síos go soiléir i ngach údarás áitiúil. Mar gheall air seo ní bhíonn a fhios ag an oifigeach forbartha Gaeilge céard iad na dualgais a thagann faoina c(h)úram agus ní bhíonn an chomhairle áitiúil féin cinnte faoin gcineál oibre is ceart a dháileadh ar an Oifigeach Forbartha Gaeilge. Ní mór córas creidiúnaithe a chur i bhfeidhm don oifigeach forbartha Gaeilge; má dhéantar cinneadh an chomharthaíocht Gaeilge a chur faoina b(h)ráid ní foláir go mbeadh cáilíocht bhunchéime sa Ghaeilge agus/nó iarchéim san aistriúchán (Béarla go Gaeilge) bainte amach aige/aici. Ní foláir go mbeadh na treoirlínthe agus an córas creidiúnaithe céanna ag na húdaráis áitiúla uile ar fud an Stáit.

Ní mór scrúdú cuimsitheach a dhéanamh ar cheist na sráidainmneacha. Ní foláir go dtuigfidh gach údarás áitiúil a chuid freagrachtaí maidir le sráidainmneacha agus plean cuimsitheach a chur le chéile ina leith. I gcás na Gaillimhe cé go bhfuil an neart ag an údarás áitiúil sráidainm a cheartú nó a athrú de réir mar is gá, léiríodh gur minic a thagann liosta Choiste Logainmneacha Gaillimh le Gaeilge salach ar an Liosta Sráidainmneacha a sheol an Brainse Logainmneacha chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe faoin Togra Sráidainmneacha 2006–2008). Is gá do gach údarás áitiúil freagracht a ghlacadh chuige féin as aon neamhréireacht atá le feiceáil ar chomharthaí a thagann faoina chúram agus plean cuimsitheach a chur le chéile ar an ábhar seo freisin. Tá Plean Oidhreacht Lú 2007–2011 le moladh mar phlean samplach. Luaitear na nithe seo a leanas go sonrach sa Phlean:

- Beartas foirmiúil logainmneacha a chur ar bun d’Údarás Áitiúla Lú.
- “Coiste Cultúrtha” a bhunú chun ainmneacha oiriúnacha a mholadh d’fhorbairtí nua
- Ábhar lámhscríbhinne a soláthraíodh le linn taighde ar na logainmneacha oifigiúla Gaeilge ar áiteanna i Lú a thiomsú sa Leabharlann Contae.
- Leabhrán/léarscáil a sholáthar mar gheall ar logainmneacha i Lú, le míniúcháin agus aistriúcháin.
- An t-eolas sin a chur ar fáil do scoileanna i bhfoirm paca oideachais.

(Plean Oidhreacht Lú, 2007, 21)

Dá ndéanfadh na húdaráis bóithre amhlaidh chuirfidís feabhas mór ar an nGaeilge atá le feiceáil ar chomharthaí ar fud an Stáit.

Ní foláir leagan athbhreithnithe de *Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht*a a chur ar fáil. Cé go bhfuil neart eolais luachmhar ann i dtaobh comharthaíocht Stáit ní mór moltaí áirithe a bhaineann le comharthaíocht sa *Lámhleabhar* a shoiléiriú. Rinne An Roinn Iompair tagairt speisialta do ghiorrúcháin sa *Lámhleabhar* (féach ar 2.7.4). Ní foláir d’údarás bóthair na tíre cloí leis na giorrúcháin atá leagtha orthu maidir le húsáid na Gaeilge ar chomharthaí trácht faoin *Lámhleabhar do Chomharthaí Trácht* ionas nach bhfeictear neamhréireachtaí sna leaganacha Gaeilge ar chomharthaí ar fud an Stáit.

Ní mór spéis a spreagadh i logainmneacha Gaeilge na tíre i measc an aosa óig agus sparánachtaí a chur ar fáil chun tuilleadh taighde a dhéanamh ar logainmneacha na tíre. Mhol an Teachta Dála Mary Hanafin go bpléifí an bhrí atá le logainmneacha na hÉireann le daltaí i mbunscoileanna agus meánscoileanna ar fud na tíre. (Dáil Éireann, 2007a). Chuige seo ní foláir aird na ndaltaí scoile seo a dhíriú ar Bhunachar Logainmneacha na hÉireann nó logainm.ie. Is comhpháirtíocht nuálach é

logainm.ie idir roinn Ollscoile agus seirbhís speisialaithe rialtais agus tugann le chéile saineolas an Bhrainse Logainmneacha ar logainmneacha agus an saineolas teicniúil, bainistíochta agus teangeolaíoch atá ag Fiontar (Nic Lochlainn agus Ó Raghallaigh, 2012). Is áis oideachais luachmhar agus tharraingteach í an bunachar do theagascóirí agus d'fhoghlaimeoirí araon. Forbairt nua a bheidh ina ábhar spéise do mhic léinn amach anseo atá sna hacmhainní oideachais atá ar fáil ar an suíomh anois. Dúirt iar-Aire na Gaeltachta, Éamon Ó Cuív T.D., gur cuireadh Ciste Taighde Logainmneacha ar bun sa bhliain 2006 le maoiniú ó Chiste na Gaeilge chun sparánachtaí a chur ar fáil do mhic léinn iarchéime a mbíonn logainmneacha mar ábhar taighde acu (Dáil Éireann, 2007b). Dúirt an t-iar-Aire Stáit i Roinn na Gaeltachta, Pat Carey T.D., gur cuireadh sé sparánacht ar fáil faoin mbliain 2008 agus gur bhain na sparánachtaí le taighde ar logainmneacha sna contaetha seo a leanas: Corcaigh, Ros Comáin, An Mhí agus Contae na hIarmhí. Sa mhullach air sin agus ar chomhairle an Choimisiúin Logainmneacha cuireadh maoiniú ar fáil do chomhaltacht dochtúireachta trí bliana i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh chun taighde a dhéanamh ar logainmneacha Chontae Mhaigh Eo (Dáil Éireann, 2008). Is léir ó na hábhair thuasluaite go gcaithfear na hacmhainní ar fad atá ann a tharraingt le chéile agus iad a chur ar fáil in aon áit amháin chun polasaí an Stáit maidir le Gaeilge ar chomharthaíocht Stáit a shoiléiriú do chách.

6.3: Impleachtaí na Moltaí

Beidh impleachtaí ag na moltaí thuasluaite. Chun córas struchtúrtha poiblí a chinntiú ní mór institiúid ainmniúcháin oifigiúil a bhunú a chuirfidh seirbhís den scoth ar fáil mar atá ráite ag Ó Catháin:

the planning permission charge for name approval should fund a names institute that would provide a first-class service to the public (1992, 45).

Is mór an tábhacht a bhaineann le húdarás an Bhrainse Logainmneacha, a thagann faoi scáth na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta anois, má bhíonn aon amhras ann faoin leagan Gaeilge de logainm. Má chuireann an Brainse Logainmneacha an logainm ar fáil is féidir a bheith cinnte go mbeidh an Ghaeilge chruinn le feiceáil ar chomharthaí ar fud an Stáit. Níl aon dabht ann ach go mbeidh iarracht mhór ag teastáil chun deireadh a chur leis an nGaeilge lochtach ar chomharthaíocht, ach b'fhearr dúinn tabhairt faoi seo a dhéanamh a luaithe agus is féidir.

Ní foláir oifig lárnach a bhunú chun déileáil go speisialta le fiosruithe a bhaineann leis an gcomharthaíocht amháin agus chun córas éifeachtach seiceála maidir leis an nGaeilge ar chomharthaíocht Stáit a chinntiú. Chuige seo ní foláir na nithe seo ar fad ó thús deireadh an phróisis seiceála a chur san áireamh:

- (i) cumadh an leagain Gaeilge den ainm

- (ii) an léamh profaí
- (iii) an próiseas clóscríbhneoireachta agus
- (iv) an chaoi a ngreantar an leagan Gaeilge ar an ainmchlár féin.

